AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA | AN CHOMHAIRLE

Strasbourg, 14 Meitheamh 2017
(OR. en)

2015/0283 (COD)
LEX 1743

PE-CONS 57/1/16
REV 1

CODIF 43
DRS 51
ETS 50
MI 791
CODEC 1864

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE GNÉITHE ÁIRITHE DE DHLÍ NA gCUIDEACHTAÍ (CÓDÚ)**

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**MAIDIR LE GNÉITHE ÁIRITHE DE DHLÍ NA GCUIDEACHTAÍ (CÓDÚ)**


TEIDEAL I FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS BUNÚ AGUS FEIDHMIÚ CUIDEACHTAÍ FAOI DHLITEANAS TEORANTA ....28

Caibidil I Ábhar ....28

Caibidil II Corprú agus neamhniú na cuideachta agus bailíocht a cuid oibleagáidí ....29

Roinn 1 Corprú na cuideachta poiblí faoi dhliteanas teoranta ....29

Roinn 2 Neamhniú na cuideachta faoi dhliteanas teoranta agus bailíocht a cuid oibleagáidí ....34

Caibidil III Nochtadh agus idirnascadh na gclár lárnach, tráchtála agus cuideachtaí ....39

Roinn 1 Forálacha ginearálta ....39

Roinn 2 Na rialacha nochta is infheidhme maidir le brainsí de chuideachtaí ó Bhallstáit eile ....57

Roinn 3 Na rialacha nochta is infheidhme maidir le brainsí de chuideachtaí ó thríú tíortha ....63

Roinn 4 Socruithe cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme ....66

Caibidil IV Caipiteal a choinneáil agus a athrú ....68

Roinn 1 Ceanglais chaipitil ....68

Roinn 2 Coimircí maidir le caipiteal reachtúil ....71

Roinn 3 Rialacha maidir le dáileadh ....80

Roinn 4 Rialacha maidir lena scaireanna dílse a bheith á bhfáil ag cuideachtaí ....84

Roinn 5 Rialacha le haghaidh méadú agus laghdú caipitil ....98

Roinn 6 Socruithe cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme ....112

TEIDEAL II CUMAISC AGUS DEIGHILTÍ CUIDEACHTAÍ FAOI DHLITEANAS TEORANTA ........ 114

Caibidil I Cumaisc cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta ........ 114

Roinn 1 Forálacha ginearálta maidir le cumaisc ........ 114

Roinn 2 Cumasc trí éadáil ........ 117

Roinn 3 Cumasc trí chuideachta nua a fhoirmiú ........ 135

Roinn 4 Éadáil cuideachta amháin ag cuideachta eile a bhfuil 90 % nó níos mó dá scaireanna i seilbh aici ........ 136

Roinn 5 Oibríochtaí eile a gcaitear mar chumaisc leo ........ 141

Caibidil II Cumaisc thrasteorann cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta ........ 142

Caibidil III Cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta a dheighilt ........ 163

Roinn 1 Forálacha Ginearálta ........ 163

Roinn 2 Deighilt trí éadáil ........ 164

Roinn 3 Deighilt trí chuideachtaí nua a fhoirmiú ........ 185

Roinn 4 Deighiltí faoi mhaoirseacht údaráis bhreithiúnaigh ........ 187

Roinn 5 Oibríochtaí eile a gcaitear mar dheighiltí leo ........ 189

Roinn 6 Socruithe cur i bhfeidhm ........ 190

TEIDEAL III FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA ........ 190

**TREOIR (AE) 2017/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 14 Meitheamh 2017**

**maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí**
**(códú)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 50(1) agus (2)(g) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

1 IO C 264, 20.7.2016, p. 82.
2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2017 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 29 Bealtaine 2017.

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Rinneadh Treoir 82/891/CEE ón gComhairle[1] agus Treoir 89/666/CEE ón gComhairle[2] agus Treoracha 2005/56/CE[3], 2009/101/CE[4], 2011/35/AE[5] agus 2012/30/AE[6] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a leasú go suntasach roinnt uaireanta[7]. Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúntacht, ba cheart na Treoracha sin a chódú.

---

1 Séú Treoir 82/891/CEE ón gComhairle an 17 Nollaig 1982, arna fothú ar Airteagal 54(3)(g) den Chonradh, maidir le cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta a dheighilt (IO L 378, 31.12.1982, lch. 47).

2 Aonú Treoir Déag 89/666/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1989 maidir le ceanglais i ndáil le nochtadh i leith brainsí a osclaíonn cineálacha áirithe cuideachta i mBallstát, ar cuideachta í atá faoi rialú ag an dlí i Stát eile (IO L 395, 30.12.1989, lch. 36).

3 Treoir 2005/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005 maidir le cumaisc thrastheorann cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta (IO L 310, 25.11.2005, lch. 1).

4 Treoir 2009/101/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le comhordú coimircí a cheanglaíonn Ballstáit ar chuideachtaí de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 48 den Chonradh, ar mhaithe le leasanna comhaltaí agus tríú páirtithe a chosaint, d'fhonn coimircí den sórt sin a dhéanamh coibhéiseach (IO L 258, 1.10.2009, lch. 11).

5 Treoir 2011/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le cumaisc cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta (IO L 110, 29.4.2011, lch. 1).

6 Treoir 2012/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le comhordú a dhéanamh ar choimircí a éilíonn Ballstáit ar chuideachtaí de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 54 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ionas go gcosnófar leasanna comhaltaí agus daoine eile, i leith foirmiú cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta agus chothabháil agus athrú a gcaipitil, d'fhonn na coimircí sin a chomhionannú (IO L 315, 14.11.12, lch. 74).

7 Féach Cuid A d'Iarscríbhinn III.

(2) An comhordú dá bhforáiltear in Airteagal 50(2)(g) den Chonradh agus sa Chlár Ginearálta le haghaidh díothú a dhéanamh ar shrianta le saoirse bhunaíochta, ar cuireadh tús leis le Céad Treoir 68/151/CEE ón gComhairle[1], tá sé tábhachtach, go háirithe, i ndáil le cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta toisc gurb iad a ngníomhaíochtaí siúd atá ceannasach i ngeilleagar na mBallstát agus gur minic a dhéantar na gníomhaíochtaí sin lasmuigh dá dteorainneacha náisiúnta.

(3) D'fhonn a áirithiú go mbeidh cosaint choibhéiseach íosta do scairshealbhóirí agus do chreidiúnaithe na gcuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta araon, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar comhordú ar fhorálacha náisiúnta a bhaineann le foirmiú cuideachtaí den sórt sin agus le cothabháil, le méadú nó le laghdú a gcuid caipitil.

(4) San Aontas, ba cheart d'aon duine leasmhar a bheith in ann, mar thoradh ar reachtanna nó ar ionstraim chorpraithe cuideachta poiblí faoi dhliteanas teoranta, é féin nó í féin a chur ar an eolas faoi bhunsonraí na cuideachta, lena n-áirítear comhdhéanamh beacht a caipitil.

(5) Ba cheart cosaint tríú páirtithe a áirithiú trí fhorálacha lena gcuirtear srian, a mhéid is mó is féidir, ar na forais ar a bhfuil oibleagáidí neamhbhailí, ar oibleagáidí iad a rinneadh in ainm cuideachtaí faoi theorainn scaireanna nó atá faoi dhliteanas teoranta ar shlí eile.

---

1 Céad Treoir 68/151/CEE ón gComhairle an 9 Márta 1968 maidir le comhordú coimircí a cheanglaíonn Ballstáit ar chuideachtaí de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 58 den Chonradh, ar mhaithe le leasanna comhaltaí agus daoine eile a chosaint, d'fhonn coimircí den sórt sin a dhéanamh coibhéiseach ar fud an Chomhphobail (IO L 65, 14.3.1968, lch. 8).

(6) Tá sé riachtanach, chun a áirithiú go mbeidh deimhneach sa dlí ann maidir leis an gcaidreamh idir na cuideachtaí agus tríú páirtithe, agus idir comhaltaí freisin, teorainn a chur leis na cásanna inar féidir le neamhniú teacht chun cinn agus leis an éifeacht aisghníomhach a bheadh ar dhearbhú neamhnithe, agus chun teorainn ghearr ama ar laistigh di a fhéadfaidh tríú páirtithe agóid a dhéanamh i gcoinne aon dearbhú den sórt sin.

(7) Tá tábhacht speisialta, go háirithe chun leasanna tríú páirtithe a chosaint, ag baint le comhordú forálacha náisiúnta maidir le nochtadh, le bailíocht oibleagáidí lenar ghlac cuideachtaí faoi theorainn scaireanna nó atá faoi dhliteanas teoranta ar shlí eile, agus le neamhniú na gcuideachtaí sin.

(8) Ba cheart doiciméid bhunúsacha cuideachta a nochtadh chun go bhfeadfaidh tríú páirtithe a bheith ar an eolas faoina bhfuil iontu agus faoi fhaisnéis eile a bhaineann leis an gcuideachta, go háirithe sonraí faoi na daoine atá údaraithe ceangal a chur ar chuideachta.

(9) Gan dochar do na ceanglais shubstainteacha agus do na foirmiúlachtaí substainteacha arna mbunú le dlí náisiúnta na mBallstát, ba cheart do chuideachtaí a bheith in ann roghnú a gcuid doiciméad éigeantach agus a gcuid sonraí éigeantacha a chomhdú trí mheán páipéir nó trí mheán leictreonach.

(10) Ba cheart do pháirtithe leasmhara a bheith in ann cóip de dhoiciméid den sórt sin agus de shonraí den sórt sin a fháil ón gclár trí mheán páipéir agus trí mheán leictreonach chomh maith.

(11) Ba cheart a cheadú do na Ballstáit cinneadh a dhéanamh an iris náisiúnta, a ainmnítear chun doiciméid éigeantacha agus sonraí éigeantacha a fhoilsiú, a choinneáil i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach, nó foráil a dhéanamh maidir le nochtadh trí mheán atá chomh héifeachtach céanna.

(12) Ba cheart rochtain trasteorann ar fhaisnéis de chuid cuideachta a éascú trí chlárú deonach na ndoiciméad agus na sonraí a éilítear a cheadú i dteangacha breise, de bhreis ar an nochtadh éigeantach a dhéantar i gceann amháin de na teangacha a cheadaítear i mBallstát na cuideachta. Ba cheart do thríú páirtithe ag gníomhú de mheon macánta a bheith in ann brath ar na haistriúcháin a dhéantar orthu.

(13) Is iomchuí a shoiléiriú gur cheart an ráiteas ar na sonraí éigeantacha a leagtar amach sa Treoir seo a áireamh i ngach litir agus i ngach foirm ordaithe de chuid cuideachta, bídís i bhfoirm páipéir nó i meán ar bith eile. I bhfianaise forbairtí teicneolaíocha, is iomchuí freisin foráil a dhéanamh go gcuirfear an ráiteas sin ar na sonraí éigeantacha ar shuíomh gréasáin ar bith de chuid cuideachta.

(14) Ceann de na féidearthachtaí atá ag cuideachtaí agus a gceart bunaíochta á fheidhmiú acu i mBallstát eile is ea brainse a oscailt, amhail fochuideachta a chruthú.

(15) I ndáil le brainsí, is as an easpa comhordúcháin, go háirithe maidir le nochtadh, a eascraíonn roinnt neamhréireachtaí, i gcosaint scairshealbhóirí agus tríú páirtithe, idir cuideachtaí a fheidhmíonn i mBallstáit eile trí bhrainsí a oscailt agus iad siúd a fheidhmíonn ansin trí fhochuideachtaí a chruthú.

(16) Chun cosaint daoine a bhíonn ag plé le cuideachtaí trí bhrainsí, éilítear, sa Bhallstát ina bhfuil an brainse suite, bearta i ndáil le nochtadh. Ar dhóigheanna áirithe, is féidir an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta atá ag brainse a bheith inchomparáide leis an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta atá ag fochuideachta, sa dóigh gur chun leas an phobail é nochtadh na cuideachta ag an mbrainse. Chun nochtadh den sórt sin a dhéanamh, is gá úsáid a bhaint as an nós imeachta a tugadh isteach cheana féin do chuideachtaí le scairchaipiteal laistigh den Aontas.

(17) Baineann nochtadh den sórt sin le réimse de dhoiciméid thábhachtacha agus de shonraí tábhachtacha agus le leasuithe orthu sin.

(18) Is féidir nochtadh den sórt sin, cé is moite de na cumhachtaí ionadaíochta, den ainm agus den fhoirm dhlíthiúil, agus d'fhoirceannadh na cuideachta agus de na himeachtaí dócmhainneachta a bhfuil sí faoina réir, a bheith teoranta d'fhaisnéis a bhaineann le brainse é féin chomh maith le tagairt do chlár na cuideachta a bhfuil an brainse sin ina chuid de, ós rud é go bhfuil, faoi rialacha an Aontais atá ann faoi láthair, an fhaisnéis uile lena gcumhdaítear an chuideachta sin ar fáil sa chlár sin.

(19) Ní féidir bonn cirt a thabhairt a thuilleadh le forálacha náisiúnta maidir le doiciméid chuntasaíochta a bhaineann le brainse a nochtadh agus comhordú a bheith déanta ar an dlí náisiúnta i leith doiciméid chuntasaíochta de chuid cuideachtaí a tharraingt suas, a iniúchadh agus a nochtadh. Dá réir sin, is leor a nochtadh, i gclár an bhrainse, na doiciméid chuntasaíochta mar a d'iniúch agus mar a nocht an chuideachta.

(20) I litreacha agus i bhfoirmeacha ordaithe a úsáideann brainse, ba cheart an fhaisnéis chéanna a thabhairt agus atá i litreacha agus i bhfoirmeacha ordaithe a úsáideann an chuideachta, agus an clár ina bhfuil an brainse a lua.

(21) Chun a áirithiú go mbainfear críocha na Treorach seo amach go hiomlán agus chun go seachnófar aon idirdhealú ar bhonn tír thionscnaimh cuideachta, ba cheart, leis an Treoir seo, brainsí a chumhdach freisin a osclaíonn cuideachtaí a rialaítear le dlí tríú tíortha agus a bhunaítear i bhfoirmeacha dlíthiúla atá inchomparáide le cuideachtaí a bhfuil feidhm ag an Treoir seo maidir leo. I gcás brainsí den sórt sin, is gá forálacha sonracha a chur i bhfeidhm atá éagsúil ó na cinn sin a bhfuil feidhm acu maidir le brainsí na gcuideachtaí a rialaítear le dlí Ballstáit eile ós rud é nach bhfuil feidhm ag an Treoir seo maidir le cuideachtaí ó thríú tíortha.

(22) Leis an Treoir seo, ní dhéantar difear ar dhóigh ar bith do na ceanglais maidir le nochtadh le haghaidh brainsí faoi fhorálacha eile i ndáil le, mar shampla, dlí fostaíochta maidir le cearta oibrithe chun faisnéise agus i ndáil le dlí cánach, nó le haghaidh críocha staidrimh.

(23) Is é atá i gcláir lárnacha, thráchtála agus cuideachtaí a idirnascadh beart atá ag teastáil chun timpeallacht fhioscach, dhlíthiúil a chruthú a bheidh fabhrach do ghnólachtaí. Ba cheart dó rannchuidiú le hiomaíochas gnólachtaí Eorpacha a chothú trí ualaí riaracháin a laghdú agus trí dheimhneacht dhlíthiúil a mhéadú agus, ar an dóigh sin, trí rannchuidiú le teacht as an ngéarchéim dhomhanda eacnamaíoch agus airgeadais, atá ar cheann de na tosaíochtaí de chlár oibre Eoraip 2020. Ina theannta sin, ba cheart dó feabhas a chur ar an gcumarsáid trasteorann idir cláir trí úsáid a bhaint as nuálaíochtaí i dteicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide.

(24) Le plean gníomhaíochta Eorpach ilbhliantúil 2009-2013 maidir le r-Cheartas[1], foráladh d'fhorbairt tairsí Eorpaí don r-Cheartas ("an tairseach") mar an pointe rochtana leictreonaí Eorpach aonair d'fhaisnéis dhlíthiúil, d'institiúidí breithiúnacha agus riaracháin, do chláir, do bhunachair sonraí agus do sheirbhísí eile agus meastar leis go bhfuil sé tábhachtach cláir lárnacha, thráchtála agus cuideachtaí a idirnascadh.

(25) Ní féidir feabhas a chur ar rochtain trasteorann ar fhaisnéis ghnó faoi chuideachtaí agus faoi na brainsí dá gcuid a osclaítear i mBallstáit eile ach amháin má ghlacann na Ballstáit uile páirt chun go bhféadfar cumarsáid leictreonach a dhéanamh idir cláir agus chun faisnéis a tharchur chuig úsáideoirí aonair ar bhealach caighdeánaithe, trí bhíthin ábhar comhionann agus teicneolaíochtaí idir-inoibritheacha, ar fud an Aontais. Ba cheart idir-inoibritheacht sin na gclár a áirithiú trí sheirbhísí a bheith á soláthar ag cláir na mBallstát ("cláir intíre"), arb éard ba cheart a bheith iontu comhéadain leis an ardán lárnach Eorpach ("an t-ardán"). Ba cheart an t-ardán a bheith ina thacar lárnaithe d'uirlisí teicneolaíochta faisnéise lena gcomhtháthaítear seirbhísí agus ba cheart é a bheith ina chomhéadan coiteann. Ba cheart do na cláir intíre uile an comhéadan sin a úsáid. Ina theannta sin, ba cheart don ardán seirbhísí a sholáthar arb éard a bheidh iontu comhéadan don tairseach atá ag fónamh mar an pointe rochtana leictreonaí Eorpach, agus do na pointí rochtana roghnacha arna mbunú ag na Ballstáit. Níor cheart an t-ardán a shamhlú ach mar ionstraim chun cláir a idirnascadh agus ní mar eintiteas ar leith a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige. Ar bhonn aitheantóirí uathúla, ba cheart an t-ardán a bheith in ann faisnéis a dháileadh ó gach ceann de chláir na mBallstát do chláir inniúla na mBallstát eile i bhformáid chaighdeánach teachtaireachta (foirm leictreonach de theachtaireachtaí a mhalartaítear idir córais teicneolaíochta faisnéise, amhail xml, mar shampla) agus sa leagan teanga ábhartha.

[1] IO C 75, 31.3.2009, lch. 1.

(26) Níl an Treoir seo dírithe ar aon bhunachar sonraí lárnaithe do chláir a bhunú ina stórálfaí faisnéis shubstainteach faoi chuideachtaí. Ag céim chur chun feidhme an chórais maidir le cláir lárnacha, thráchtála agus cuideachtaí a idirnascadh ("an córas maidir le cláir a idirnascadh"), níor cheart ach an tacar sonraí atá riachtanach chun go bhfeidhmeoidh an t-ardán mar is ceart a shainiú agus an tacar sin amháin. Ba cheart a bheith ar áireamh i raon feidhme na sonraí sin, go háirithe, sonraí oibríochtúla, foclóirí agus gluaiseanna. Ba cheart é a chinneadh agus aird á tabhairt freisin ar an ngá atá lena áirithiú go bhfeidhmeoidh córas idirnascadh na gclár go héifeachtach. Ba cheart na sonraí sin a úsáid chun go bhféadfaidh an t-ardán na feidhmeanna a ghabhann leis a chomhlíonadh agus níor cheart iad a chur ar fáil don phobal i bhfoirm dhíreach riamh. Ina theannta sin, níor cheart, leis an ardán, ábhar na sonraí faoi chuideachtaí a stóráiltear i gcláir intíre ná an fhaisnéis faoi chuideachtaí a tharchuirtear trí chóras idirnascadh na gclár a mhodhnú.

(27) Ós rud é nárbh é ba chuspóir le Treoir 2012/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] córais náisiúnta na gclár lárnach, tráchtála agus cuideachtaí a chomhchuibhiú, níor forchuireadh leis an Treoir sin aon oibleagáid ar na Ballstáit na córais inmheánacha clár atá acu a athrú, go háirithe maidir le sonraí, táillí, agus úsáid agus nochtadh faisnéise chun críocha náisiúnta a bhainistiú agus a stóráil.

---

1 Treoir 2012/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2012 leana leasaítear Treoir 89/666/CEE ón gComhairle agus Treoir 2005/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Teoir 2009/101/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cláir lárnacha, thráchtála agus cuideachtaí a idirnascadh (IO L 156, 16.6.2012, lch. 1).

(28) Ba cheart don tairseach déileáil, trí leas a bhaint as an ardán, le ceisteanna a tharchuireann úsáideoirí aonair maidir leis an bhfaisnéis faoi chuideachtaí agus faoi na brainsí dá gcuid a osclaítear i mBallstáit eile agus a stóráiltear sna cláir intíre. Leis sin, ba cheart a bheith in ann torthaí an chuardaigh a thíolacadh ar an tairseach, lena n-áirítear na lipéid míniúcháin i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais, agus an fhaisnéis a sholáthraítear á liostú. Ina theannta sin, d'fhonn feabhas a chur ar chosaint tríú páirtithe i mBallstáit eile, ba cheart faisnéis bhunúsach faoi luach dlíthiúil doiciméad agus sonraí a nochtar de bhun dhlíthe na mBallstát a ghlacfar i gcomhréir leis an Treoir seo a bheith ar fáil ar an tairseach.

(29) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann pointe rochtana roghnach amháin nó níos mó a bhunú, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar úsáid agus ar oibriú an ardáin. Dá bhrí sin, ba cheart fógra a thabhairt don Choimisiún faoina mbunú agus faoi aon athruithe suntasacha ar a bhfeidhmiú, go háirithe faoina ndúnadh. Le fógra den sórt sin, níor cheart srian a chur ar bhealach ar bith ar chumhachtaí na mBallstát maidir le bunú agus le feidhmiú na bpointí rochtana roghnacha.

(30) Ba cheart do chuideachtaí agus dá mbrainsí a osclaítear i mBallstáit eile aitheantóir uathúil a bheith acu lena mbeifear in ann iad a aithint gan iomrall laistigh den Aontas. Tá sé beartaithe an t-aitheantóir a úsáid le haghaidh cumarsáid idir na cláir trí chóras idirnascadh na gclár. Dá bhrí sin, níor cheart é a bheith d'oibleagáid ar chuideachtaí ná ar bhrainsí an t-aitheantóir uathúil a áireamh i litreacha nó i bhfoirmeacha ordaithe cuideachta a luaitear sa Treoir seo. Ba cheart dóibh leanúint den uimhir chlárúcháin intíre atá acu a úsáid chun a gcríocha cumarsáide féin.

(31) Ba cheart é a bheith indéanta nasc soiléir a bhunú idir clár cuideachta agus cláir a cuid brainsí a osclaítear i mBallstáit eile, arb éard a bheidh ann malartú faisnéise faoi aon imeachtaí foirceanta nó aon imeachtaí dócmhainneachta de chuid na cuideachta a thionscnamh nó a chríochnú agus faoin gcuideachta a bhaint den chlár, más rud é go mbeidh iarmhairtí dlíthiúla ag an méid sin sa Bhallstát ina bhfuil clár na cuideachta. Cé gur cheart do na Ballstáit a bheith in ann cinneadh a dhéanamh faoi na nósanna imeachta a leanfaidh siad i ndáil leis na brainsí atá cláraithe ina gcríoch, ba cheart dóibh a áirithiú, ar a laghad, go ndéanfaí na brainsí de chuid cuideachta dhíscaoilte a bhaint den chlár gan aon mhoill mhíchuí agus, más infheidhme, tar éis imeachtaí leachtaithe i leith an bhrainse lena mbaineann. Níor cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid sin maidir le brainsí cuideachtaí a baineadh den chlár ach a bhfuil comharba dlíthiúil acu, amhail i gcás aon athrú ar fhoirm dhlíthiúil na cuideachta, i gcás cumaisc nó deighilte, nó i gcás aistriú trasteorann a hoifige cláraithe.

(32) Níor cheart feidhm a bheith ag forálacha na Treorach seo a bhaineann le hidirnascadh clár maidir le brainse a osclaíonn cuideachta i mBallstát, ar cuideachta í nach rialaítear faoi dhlí Ballstáit.

(33) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, i gcás aon athruithe ar an bhfaisnéis a chuirtear isteach sna cláir maidir le cuideachtaí, go ndéantar an fhaisnéis a nuashonrú gan moill mhíchuí. Ba cheart an nuashonrú a nochtadh, de ghnáth, laistigh de 21 lá ón doiciméadacht iomlán maidir leis na hathruithe sin a fháil, lena n-áirítear an tseiceáil dlíthiúlachta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ba cheart a léiriú, leis an teorainn ama sin, go gcuirtear de cheangal ar na Ballstáit iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh chun an spriocdháta a leagtar síos sa Treoir seo a chomhlíonadh. Níor cheart an teorainn ama sin a bheith infheidhme maidir leis na doiciméid chuntasaíochta a bhfuil sé d'oibleagáid ar chuideachtaí a thíolacadh le haghaidh gach bliana airgeadais. Tá bonn cirt leis an eisiamh sin ar an ábhar go bhfuil ró-ualú oibre ar na cláir intíre le linn tréimhsí tuairiscithe. I gcomhréir le prionsabail ghinearálta dlí is coiteann do na Ballstáit go léir, ba cheart an teorainn ama de 21 lá a chur ar fionraí i gcásanna *force majeure*.

(34) Má chinneann an Coimisiún an t-ardán a fhorbairt agus/nó a oibriú trí thríú páirtí, ba cheart é sin a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. Ba cheart leibhéal iomchuí rannpháirtíochta na mBallstát a áirithiú sa phróiseas sin trí na sonraíochtaí teicniúla a bhunú chun críocha an nós imeachta soláthair phoiblí trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2].

---

1 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

2 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(35) Má chinneann an Coimisiún an t-ardán a oibriú trí thríú páirtí, ba cheart an leanúnachas ó thaobh soláthar seirbhísí trí chóras idirnascadh na gclár agus maoirseacht cheart phoiblí ar fheidhmiú an ardáin a áirithiú. Ba cheart rialacha mionsonraithe maidir le bainistiú oibríochtúil an ardáin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. I gcás ar bith, ba cheart rannpháirtíocht na mBallstát i bhfeidhmiú an chórais ina iomláine a áirithiú trí bhíthin idirphlé rialta idir an Coimisiún agus ionadaithe na mBallstát faoi na saincheisteanna a bhaineann le feidhmiú chóras idirnascadh na gclár agus le forbairt an chórais sin amach anseo.

(36) Chun cláir lárnacha, thráchtála agus cuideachtaí a idirnascadh, is gá córais náisiúnta a bhfuil saintréithe teicniúla éagsúla acu a chomhordú. Chuige sin, caithfear bearta teicniúla agus sonraíochtaí teicniúla a ghlacadh ar gá leo aird a thabhairt ar dhifríochtaí idir cláir. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Treoir seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun dul i ngleic leis na saincheisteanna teicniúla agus oibríochtúla sin. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(37) Leis an Treoir seo, níor cheart teorainn a chur le ceart na mBallstát táillí a ghearradh chun faisnéis a fháil faoi chuideachtaí trí chóras idirnascadh na gclár, má éilítear táillí den sórt sin faoin dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, le bearta teicniúla agus le sonraíochtaí teicniúla do chóras idirnascadh na gclár, ba cheart a bheith in ann rialacha mionsonraithe íocaíochta a bhunú. I ndáil leis an méid sin, níor cheart réamhbhreith a dhéanamh, leis an Treoir seo, ar aon réiteach teicniúil sonrach toisc gur cheart na rialacha mionsonraithe a chinneadh ag céim ghlacadh na ngníomhartha cur chun feidhme, agus aird á tabhairt ar shaoráidí íocaíochta ar líne atá ar fáil go forleathan.

(38) D'fhéadfadh sé a bheith inmhianaithe do thríú tíortha a bheith in ann, amach anseo, páirt a ghlacadh i gcóras idirnascadh na gclár.

(39) Bheadh rannpháirtíocht an Aontais agus na mBallstát i maoiniú chóras idirnascadh na gclár i gceist mar réiteach cothrom maidir le maoiniú an chórais sin. Ba cheart gurb ar na Ballstáit a thitfidh an t-ualach airgeadais a ghabhfaidh lena gcuid clár intíre a choigeartú don chóras sin agus, ag an am céanna, ba cheart na gnéithe lárnacha, eadhon an t-ardán agus an tairseach a bheidh ag feidhmiú mar an pointe rochtana leictreonaí Eorpach, a chistiú ó líne buiséid iomchuí i mbuiséad ginearálta an Aontais. D'fhonn na heilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le táillí a ghearradh chun faisnéis cuideachta a fháil. Ní dhéanann sé sin difear don deis atá ag na cláir intíre táillí a ghearradh, ach d'fhéadfadh sé go mbeadh táille bhreise i gceist d'fhonn cothabháil agus feidhmiú an ardáin a chómhaoiniú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

(40) Tá gá le forálacha Aontais chun an caipiteal a chothabháil, arb ionann é agus slándáil na gcreidiúnaithe, go háirithe trí thoirmeasc a chur ar aon laghdú a thiocfadh air trí dháileadh a dhéanamh ar scairshealbhóirí i gcás nach bhfuil siadsan i dteideal é a fháil agus trí theorainneacha a fhorchur ar an gceart atá ag cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta a gcuid scaireanna féin a fháil.

(41) Beidh feidhm ag na srianta ar éadáil scaireanna dílse ag cuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta, ní hamháin maidir le héadálacha a dhéanann cuideachta í féin ach freisin maidir le héadálacha a dhéanann aon duine ag gníomhú dó nó di ina ainm nó ina hainm féin ach thar ceann na cuideachta.

(42) D'fhonn cosc a chur le cuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta cuideachta eile a úsáid ina bhfuil tromlach na gcearta vótála aici nó a bhféadfaidh sí tionchar ceannasach a fheidhmiú uirthi chun éadálacha den sórt sin a dhéanamh gan na srianta a fhorchuirtear i ndáil leis sin a chomhlíonadh, ba cheart na socruithe lena rialaítear éadáil scaireanna dílse ag cuideachta a leathnú amach chun na cásanna éadála scaireanna is tábhachtaí agus is minice ag cuideachtaí eile den sórt sin a chumhdach. Ba cheart do na socruithe sin suibscríobh le haghaidh scaireanna sa chuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta a chumhdach.

(43) Chun cosc a chur ar imchéimniú na Treorach seo, ba cheart cuideachtaí faoi theorainn scaireanna nó atá faoi dhliteanas teoranta ar shlí eile agus a rialaítear leis an Treoir seo agus cuideachtaí a rialaítear le dlíthe tríú tíortha, agus a bhfuil foirmeacha dlíthiúla inchomparáide acu, a chumhdach freisin leis na socruithe dá dtagraítear in aithris 42.

(44) I gcás nach mbeidh ach gaol indíreach idir cuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta agus cuideachta eile amhail dá dtagraítear in aithris 42, dealraíonn sé go mbeadh bonn cirt le maolú a dhéanamh ar na forálacha atá infheidhme nuair is gaol díreach atá sa ghaol sin, trí fhoráil a dhéanamh maidir le cearta vótála a chur ar fionraí mar bheart íosta, chun aidhmeanna na Treorach seo a bhaint amach.

(45) Ina theannta sin, tá bonn cirt le cásanna a dhíolmhú ar fíor é ina leith, mar thoradh ar chineál sonrach gníomhaíochta gairmiúla, nach bhfuil an seans ann go ndéanfaí baint amach chuspóirí na Treorach seo a chur i mbaol.

(46) Is gá, ag féachaint do chuspóirí Airteagal 50(2)(g) den Chonradh, go n-áiritheofar, le dlíthe na mBallstát a bhaineann leis an méadú nó an laghdú ar chaipiteal, go gcomhlíontar agus go gcomhchuibhítear prionsabal na córa comhionainne ar scairshealbhóirí atá sa chás céanna agus prionsabal na cosanta ar chreidiúnaithe arbh ann dá gcuid éileamh roimh an gcinneadh maidir le laghdú.

(47) D'fhonn feabhas a chur ar an gcosaint chaighdeánaithe do chreidiúnaithe i ngach Ballstát, ba cheart do chreidiúnaithe a bheith in ann, faoi choinníollacha áirithe, dul i muinín imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin i gcás ina bhfuil a gcuid éileamh i gceist, mar thoradh ar laghdú ar an gcaipiteal atá ag cuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta.

(48) D'fhonn a áirithiú go gcuirfear cosc le drochúsáid mhargaidh, ba cheart do na Ballstáit a chur san áireamh, chun críche an Treoir seo a chur chun feidhme, forálacha Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

---

[1] Rialachán (AE) Uimh 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lch. 1).

(49) Éilítear, chun go gcosnófar leasanna comhaltaí agus tríú páirtithe, go gcomhordaítear dlíthe na mBallstát a bhaineann le cumaisc cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta, agus go ndéanfar foráil maidir le cumaisc i ndlíthe na mBallstát uile.

(50) I gcomhthéacs comhordaithe den sórt sin, tá sé ríthábhachtach go ndéantar scairshealbhóirí na gcuideachtaí sin atá ag cumasc a choinneáil ar an eolas go leordhóthanach ar bhealach atá chomh hoibiachtúil agus is féidir, agus go ndéantar na cearta atá acu a chosaint go hoiriúnach. Mar sin féin, níl aon chúis le go n-éileofaí go ndéanfadh saineolaí neamhspleách do na scairshealbhóirí scrúdú ar dhréacht-téarmaí cumaisc má aontaíonn na scairshealbhóirí uile gur féidir é a fhágáil ar lár.

(51) Creidiúnaithe, lena n-áirítear sealbhóirí bintiúr, agus daoine a bhfuil éilimh eile acu ar na cuideachtaí atá ag cumasc, ba cheart iad a chosaint ionas nach ndéanfar difear diúltach dá leasanna mar thoradh ar an gcumasc.

(52) Chun go gcoinneofar tríú páirtithe ar an eolas go leordhóthanach, ba cheart cumaisc a bheith ar áireamh sna ceanglais maidir le nochtadh chun leasanna comhaltaí agus tríú páirtithe a chosaint.

(53) Na coimircí atá ar fáil do chomhaltaí agus do thríú páirtithe i dtaca le cumaisc cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta, ba cheart a chumhdach leo cleachtais áirithe dlí atá, ar bhealaí tábhachtacha, comhchosúil le cumasc, ionas nach féidir an oibleagáid cosaint den sórt sin a thabhairt a sheachaint.

(54) Chun a áirithiú go mbeidh deimhneacht sa dlí ann maidir leis an gcaidreamh idir na cuideachtaí lena mbaineann, eatarthu agus tríú páirtithe, agus idir na comhaltaí, is gá teorainn a chur leis na cásanna inar féidir le neamhniú teacht chun cinn trí fhoráil a dhéanamh chun go leigheasfar lochtanna aon uair is féidir sin a dhéanamh, agus trí shrian a chur leis an tréimhse ar laistigh di is féidir tús a chur le himeachtaí neamhnithe.

(55) Leis an Treoir seo, éascaítear cumasc trasteorann cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta freisin. Le dlíthe na mBallstát, ba cheart cumasc trasteorann cuideachta náisiúnta faoi dhliteanas teoranta le cuideachta faoi dhliteanas teoranta ó Bhallstát eile a cheadú má cheadaítear, le dlí náisiúnta na mBallstát ábhartha, cumaisc idir na cineálacha sin cuideachta.

(56) Chun oibríochtaí cumaisc trasteorann a éascú, ba cheart a shonrú, mura rud é go bhforáiltear dá mhalairt sa Treoir seo, go mbeidh gach cuideachta a ghlacann páirt i gcumasc trasteorann, agus gach tríú páirtí lena mbaineann, fós faoi réir fhorálacha agus fhoirmiúlachtaí an dlí náisiúnta a bheadh infheidhme i gcás cumasc náisiúnta. Níor cheart, le forálacha ná le foirmiúlachtaí an dlí náisiúnta, a ndéantar tagairt dóibh sa Treoir seo, srianta ar shaoirse bunaíochta nó ar shaorghluaiseacht chaipitil a thabhairt isteach, ach amháin i gcás inar féidir a léiriú go bhfuil bonn cirt leo i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus, go háirithe, de bharr cheanglais an leasa ghinearálta agus i gcás ina bhfuil na srianta sin riachtanach chun go mbainfear ceanglais sháraitheacha den sórt sin amach agus ina bhfuil siad comhréireach leis na ceanglais sháraitheacha sin.

(57) Ba cheart dréacht-téarmaí comhchoiteanna cumaisc trasteorann a tharraingt suas sna téarmaí céanna do gach ceann de na cuideachtaí lena mbaineann sna Ballstáit éagsúla. Ba cheart, dá bhrí sin, inneachar íosta na ndréacht-téarmaí comhchoiteanna sin a shonrú, agus na cuideachtaí a fhágáil saor ag an am céanna chun teacht ar chomhaontú faoi théarmaí eile.

(58) D'fhonn leasanna na gcomhaltaí agus daoine eile a chosaint, ba cheart dréacht-téarmaí comhchoiteanna an chumaisc trasteorann agus tabhairt chun críche an chumaisc trasteorann a phoibliú i gcás gach cuideachta atá ag cumasc trí iontráil a dhéanamh sa chlár poiblí iomchuí.

(59) Ba cheart foráil a dhéanamh i ndlíthe gach Ballstáit maidir le tuarascáil a tharraingt suas ar an leibhéal náisiúnta ar dhréacht-téarmaí comhchoiteanna an chumaisc trasteorann, ar tuarascáil í a ndéanfadh saineolaí amháin nó níos mó í a tharraingt suas thar ceann gach ceann de na cuideachtaí atá ag cumasc. D'fhonn teorainn a chur le costais na saineolaithe a bhaineann le cumaisc thrasteorann, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le deis a bheith ann tuarascáil aonair a tharraingt suas a bheadh beartaithe do gach comhalta i gcuideachtaí a ghlacann páirt in oibríocht cumaisc trasteorann. Ba cheart dréacht-téarmaí comhchoiteanna an chumaisc trasteorann a fhormheas sa chruinniú ginearálta a bheidh ag gach ceann de na cuideachtaí sin.

(60) Chun oibríochtaí cumaisc trasteorann a éascú, ba cheart foráil a dhéanamh gur cheart gurb é an t-údarás náisiúnta a bhfuil dlínse aige ar gach ceann de na cuideachtaí atá ag cumasc faireachán a dhéanamh ar thabhairt chun críche agus ar dhlíthiúlacht an phróisis cinnteoireachta i ngach ceann de na cuideachtaí sin, cé gur cheart gurb é an t-údarás náisiúnta a bhfuil dlínse aige ar an gcuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann a dhéanfaidh faireachán ar thabhairt chun críche agus ar dhlíthiúlacht an chumaisc trasteorann. D'fhéadfadh an t-údarás náisiúnta i gceist a bheith ina chúirt, ina nótaire nó ina údarás inniúil eile ar bith arna cheapadh ag an mBallstát lena mbaineann. Ba cheart an dlí náisiúnta lena gcinntear an dáta ar a ngabhfaidh éifeacht leis an gcumasc trasteorann, arb é sin an dlí a bhfuil an chuideachta í a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann faoin réir, a shonrú freisin.

(61) Chun go gcosnófar leasanna comhaltaí agus daoine eile, ba cheart éifeachtaí dlíthiúla an chumaisc trasteorann a shonrú, agus idirdhealú á dhéanamh cé acu an cuideachta éadála nó cuideachta nua í an chuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, níor cheart a bheith in ann a thuilleadh, tar éis an dáta ar a ngabhfaidh éifeacht le cumasc trasteorann, a dhearbhú go bhfuil an cumasc sin ar neamhní.

(62) Tá an Treoir seo gan dochar do chur i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais, ar leibhéal an Aontais, le Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle[1], agus ar leibhéal na mBallstát araon.

(63) Ní dhéanann an Treoir seo difear do reachtaíocht an Aontais lena rialaítear idirghabhálaithe creidmheasa agus gnóthais airgeadais eile agus rialacha náisiúnta a dhéantar nó a thugtar isteach de bhun reachtaíocht sin an Aontais.

(64) Tá an Treoir seo gan dochar do reachtaíocht na mBallstát lena n-éilítear faisnéis faoin áit ina bhfuil an riarachán lárnach nó faoin bpríomháit ghnó atá beartaithe le haghaidh na cuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann.

(65) Ba cheart cearta fostaithe, seachas cearta rannpháirtíochta, a bheith fós faoi réir na bhforálacha náisiúnta dá dtagraítear i dTreoir 98/59/CE ón gComhairle[2], i dTreoir 2001/23/CE ón gComhairle[3], agus i dTreoir 2002/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] agus i dTreoir 2009/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5].

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc CE) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1).

2 Treoir 98/59/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna (IO L 225, 12.8.1998, lch. 16).

3 Treoir 2001/23/CE ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cosaint chearta na bhfostaithe i gcás aistriú gnóthas, gnóthaí nó codanna de ghnóthais nó de ghnóthaí (IO L 82, 22.3.2001, lch. 16.).

4 Treoir 2002/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 lena mbunaítear creat ginearálta chun fostaithe sa Chomhphobal Eorpach a chur ar an eolas agus chun dul i gcomhairle leo (IO L 80, 23.3.2002, lch. 29).

5 Treoir 2009/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le Comhairle Oibreacha Eorpach a bhunú nó nós imeacht i ngnóthais ar leibhéal an Chomhphobail agus i ngrúpaí gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail chun críocha fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo (IO L 122, 16.5.2009, lch. 28).

(66) Má bhíonn cearta rannpháirtíochta ag fostaithe i gceann amháin de na cuideachtaí atá ag cumasc faoi na himthosca a leagtar amach sa Treoir seo agus, mura ndéanfar, le dlí náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil a hoifig chláraithe ag an gcuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann, foráil maidir leis an leibhéal céanna rannpháirtíochta agus a oibrítear sna cuideachtaí ábhartha atá ag cumasc, lena n-áirítear i gcoistí den bhord maoirseachta a bhfuil cumhachtaí cinnteoireachta acu, nó nach ndéanfar, leis an dlí sin, foráil maidir leis an teidlíocht chéanna chun cearta a fheidhmiú d'fhostaithe de bhunaíochtaí a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann, ba cheart rannpháirtíocht na bhfostaithe sa chuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann agus a rannpháirtíocht i sainiú ceart den sórt sin a rialáil. Chuige sin, ba cheart glacadh leis na prionsabail agus leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 2157/2001 ón gComhairle[1] agus i dTreoir 2001/86/CE ón gComhairle[2] mar bhonn, faoi réir, áfach, modhnuithe a mheastar a bheith riachtanach mar beidh an chuideachta a thiocfaidh as an gcumasc faoi réir dhlíthe náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil a hoifig chláraithe aici. Féadfaidh na Ballstáit a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 3(2)(b) de Threoir 2001/86/CE go gcuirtear tús tapa leis an gcaibidlíocht faoi Airteagal 133 den Treoir seo, d'fhonn nach gcuirfear moill gan ghá ar chumaisc.

(67) Chun cinneadh a dhéanamh faoi leibhéal rannpháirtíocht na bhfostaithe a oibrítear sna cuideachtaí ábhartha atá ag cumasc, ba cheart aird a thabhairt freisin ar chion na n-ionadaithe de chuid na bhfostaithe i measc chomhaltaí an ghrúpa bainistíochta, lena gcumhdaítear aonaid bhrabúis na gcuideachtaí, faoi réir rannpháirtíocht na bhfostaithe.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 2157/2001 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2001 maidir leis an Reacht do chuideachta Eorpach (SE) (IO L 294, 10.11.2001, lch. 1).

2 Treoir 2001/86/CE ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2001 lena bhforlíontar an Reacht do chuideachta Eorpach (SE) maidir le rannpháirtíocht fostaithe (IO L 294, 10.11.2001, lch. 22).

(68) Éilítear, chun go gcosnófar leasanna comhaltaí agus tríú páirtithe, go ndéantar dlíthe sin na mBallstát a bhaineann le deighilt cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta a chomhordú i gcás ina gceadaíonn na Ballstáit oibríochtaí den sórt sin.

(69) I gcomhthéacs comhordaithe den sórt sin, tá sé ríthábhachtach go ndéantar scairshealbhóirí na gcuideachtaí sin atá páirteach i ndeighilt a choinneáil ar an eolas go leordhóthanach ar bhealach atá chomh hoibiachtúil agus is féidir, agus go ndéantar na cearta atá acu a chosaint go hoiriúnach.

(70) Creidiúnaithe, lena n-áirítear sealbhóirí bintiúr, agus daoine a bhfuil éilimh eile acu ar na cuideachtaí atá páirteach i ndeighilt cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta, ba cheart iad a chosaint ionas nach ndéanfar difear diúltach dá leasanna mar thoradh ar an deighilt.

(71) Sna ceanglais maidir le nochtadh faoi Roinn 1 de Chaibidil III de Theideal I den Treoir seo, ba cheart aon deighilt a dhéantar a chur san áireamh ionas go gcoinneofar tríú páirtithe ar an eolas go leordhóthanach.

(72) Na coimircí atá ar fáil do chomhaltaí agus do thríú páirtithe i dtaca le haon deighilt a dhéantar, ba cheart a chumhdach leo cleachtais áirithe dlí atá, ar bhealaí tábhachtacha, comhchosúil le deighilt, ionas nach féidir an oibleagáid cosaint den sórt sin a thabhairt a sheachaint.

(73) Chun a áirithiú go mbeidh deimhneacht sa dlí ann maidir leis an gcaidreamh idir na cuideachtaí poiblí atá faoi dhliteanas teoranta agus atá páirteach sa deighilt, eatarthu agus tríú páirtithe, agus idir na comhaltaí, ba cheart teorainn a chur leis na cásanna inar féidir le neamhniú teacht chun cinn, trí fhoráil a dhéanamh gur cheart lochtanna a leigheas aon uair is féidir agus trí shrian a chur leis an tréimhse ar laistigh di is féidir tús a chur le himeachtaí neamhnithe.

(74) I gcásanna áirithe, táirgeann suíomhanna gréasáin de chuid cuideachtaí rogha eile ar fhoilsiú trí chláir na gcuideachtaí. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na suíomhanna gréasáin eile sin a ainmniú ar féidir le cuideachtaí a úsáid saor in aisce chun foilsiú den sórt sin a dhéanamh, amhail suíomhanna gréasáin de chuid comhlachas gnó nó de chuid comhlachas tráchtála nó an t-ardán lárnach leictreonach dá dtagraítear sa Treoir seo. I gcás ina mbeidh an deis ann leas a bhaint as suíomhanna gréasáin de chuid cuideachtaí nó suíomhanna gréasáin eile chun dréacht-téarmaí cumaisc agus/nó deighilte agus doiciméid eile a fhoilsiú nach mór a chur ar fáil do scairshealbhóirí agus do chreidiúnaithe sa phróiseas, ba cheart ráthaíochtaí a bhaineann le slándáil an tsuímh gréasáin agus le barántúlacht na ndoiciméad a chomhlíonadh.

(75) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann foráil a dhéanamh nach gá na ceanglais leitheadacha maidir le tuairisciú agus le faisnéis i ndáil le cumasc na gcuideachtaí nó i ndáil le deighilt na gcuideachtaí, a leagtar síos i gCaibidil I agus i gCaibidil III de Theideal II, a chomhlíonadh i gcás ina dtagann gach scairshealbhóir sna cuideachtaí atá páirteach sa chumasc nó sa deighilt ar chomhaontú gur féidir comhlíonadh den sórt sin a fhágáil ar lár.

(76) Aon mhodhnú a dhéantar ar Chaibidil I agus ar Chaibidil III de Theideal II lena gceadófaí comhaontú den sórt sin a dtiocfadh na scairshealbhóirí air, ba cheart dó a bheith gan dochar do na córais sin lena gcosnaítear leasanna chreidiúnaithe na gcuideachtaí lena mbaineann, agus do rialacha a bhfuil sé mar aidhm leo a áirithiú go soláthraítear an fhaisnéis is gá d'fhostaithe na gcuideachtaí sin agus d'údaráis phoiblí, amhail údaráis chánach, a bhfuil an cumasc nó an deighilt á rialú acu i gcomhréir le dlí an Aontais atá ann cheana.

(77) Ní gá an ceanglas a fhorchur ráiteas cuntasaíochta a tharraingt suas i gcás ina ndéanann eisitheoir, a ligtear isteach a chuid nó a cuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, tuarascálacha airgeadais leathbhliantúla a fhoilsiú i gcomhréir le Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

(78) Is minic nach dteastaíonn tuarascáil ó shaineolaí neamhspleách ar chomaoin seachas in airgead tirim más rud é nach mór tuarascáil ó shaineolaí neamhspleách lena gcosnaítear leasanna scairshealbhóirí nó creidiúnaithe a tharraingt suas freisin i gcomhthéacs an chumaisc nó na deighilte. Dá bhrí sin, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit, i gcásanna den sórt sin, a ligean do chuideachtaí gan bacadh leis an gceanglas tuairiscithe maidir le comaoin seachas in airgead tirim nó ba cheart an deis a bheith acu foráil a dhéanamh gur féidir an saineolaí céanna an dá thuarascáil a tharraingt suas.

1 Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38).

(79) Le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], rialaítear próiseáil sonraí pearsanta, lena n-áirítear tarchur leictreonach sonraí pearsanta laistigh de na Ballstáit. Aon phróiseáil ar shonraí pearsanta a dhéantar trí chláir na mBallstát, a dhéanann an Coimisiún agus, más infheidhme, a dhéanann aon tríú páirtí atá páirteach in oibriú an ardáin, ba cheart an phróiseáil sin a dhéanamh i gcomhréir leis na gníomhartha sin. Leis na gníomhartha cur chun feidhme atá le glacadh i ndáil le córas idirnascadh na gclár, ba cheart, i gcás inarb iomchuí, comhlíonadh den sórt sin a áirithiú, go háirithe trí chúraimí agus freagrachtaí ábhartha na rannpháirtithe uile lena mbaineann a bhunú mar aon leis na rialacha eagraíochtúla agus teicniúla is infheidhme maidir leo.

(80) Leis an Treoir seo, urramaítear cearta bunúsacha agus na prionsabail a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 8 di, ina sonraítear go bhfuil an ceart ag gach duine go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a chosaint.

(81) Ba cheart nár dhochar an Treoir seo d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na treoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn III a thrasuí sa dlí náisiúnta agus maidir le dátaí chur i bhfeidhm na dtreorach sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

---

1 Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31).

2 Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

# TEIDEAL I
# FORÁLACHA GINEARÁLTA
# AGUS BUNÚ AGUS FEIDHMIÚ CUIDEACHTAÍ
# FAOI DHLITEANAS TEORANTA

## Caibidil I
## Ábhar

*Airteagal 1*
*Ábhar*

Sa Treoir seo, leagtar síos bearta maidir leis an méid seo a leanas:

– comhordú a dhéanamh ar na coimircí a éilíonn Ballstáit ar chuideachtaí de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 54 den Chonradh, ionas go gcosnófar leasanna comhaltaí agus daoine eile, i leith foirmiú cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta agus cothabháil agus athrú a gcaipitil, d'fhonn na coimircí sin a chomhionannú;

– comhordú a dhéanamh ar choimircí a éilíonn Ballstáit ar chuideachtaí de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 54 den Chonradh, ionas go gcosnófar leasanna comhaltaí agus tríú páirtithe, i leith nochtadh, bailíocht oibleagáidí lenar ghlac cuideachtaí faoi theorainn scaireanna nó atá faoi dhliteanas teoranta ar shlí eile, agus neamhniú na gcuideachtaí sin, d'fhonn na coimircí sin a chomhionannú;

– na ceanglais maidir le nochtadh i leith brainsí a osclaíonn cineálacha áirithe cuideachta i mBallstát, ar cuideachta í atá faoi rialú ag an dlí i Stát eile;

– – cumaisc cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta;

– – cumaisc thrasteorann cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta;

– – deighilt cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta.

# Caibidil II
# Corprú agus neamhniú na cuideachta agus bailíocht a cuid oibleagáidí

## Roinn 1
## Corprú na cuideachta poiblí faoi dhliteanas teoranta

*Airteagal 2*
*Raon feidhme*

1. Beidh feidhm ag na bearta comhordaithe a fhorordaítear leis an Roinn seo maidir le forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin sna Ballstáit a bhaineann leis na cineálacha cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn I. Is é a bheidh san ainm a bheidh ar aon chuideachta de na cineálacha a liostaítear in Iarscríbhinn I tuairisc a bheidh leithleach ón tuairisc a éilítear ó chuideachtaí de chineálacha eile nó beidh an tuairisc sin ag gabháil leis an ainm sin.

2. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan an Roinn seo a chur i bhfeidhm maidir le cuideachtaí infheistíochta a bhfuil caipiteal athraitheach acu agus maidir le comharchumainn a chorpraítear mar cheann amháin de na cineálacha cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn I. A mhéid a bhaintear leas, i ndlíthe na mBallstát, as an rogha sin, ceanglófar ar chuideachtaí den sórt sin, leis na dlíthe sin, an leagan cuí gramadaí de na focail "cuideachta infheistíochta a bhfuil caipiteal athraitheach aici" nó "comharchumann" a áireamh sna doiciméid uile dá dtagraítear in Airteagal 26.

Ciallaíonn an téarma "cuideachta infheistíochta a bhfuil caipiteal athraitheach aici" de réir bhrí na Treorach seo na cuideachtaí seo a leanas, agus na cuideachtaí sin amháin:

– a bhfuil sé mar chuspóir eisiach acu a gcuid cistí a infheistiú i stoic agus scaireanna éagsúla, talamh nó sócmhainní eile agus é d'aidhm aonair leis sin rioscaí infheistíochta a leathadh agus tairbhe na dtorthaí ar bhainistiú a gcuid sócmhainní a thabhairt dá scairshealbhóirí,

– a thairgeann a gcuid scaireanna dílse le gur féidir leis an bpobal suibscríobh, agus

– a bhforáiltear lena reachtanna, laistigh de theorainneacha de chaipiteal íosta agus uasta, go bhféadfaidh siad, tráth ar bith, a gcuid scaireanna a eisiúint, a fhuascailt nó a athdhíol.

*Airteagal 3*

*Faisnéis éigeantach atá le soláthar sna reachtanna nó sna hionstraimí corpraithe*

Déanfar, sna reachtanna nó san ionstraim chorpraithe de chuid cuideachta an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a thabhairt i gcónaí:

(a) cineál agus ainm na cuideachta;

(b) cuspóirí na cuideachta;

(c) i gcás nach mbeidh aon chaipiteal údaraithe ag an gcuideachta, méid an chaipitil shuibscríofa;

(d) i gcás ina mbeidh caipiteal údaraithe ag an gcuideachta, méid an chaipitil sin agus, freisin, méid an chaipitil shuibscríofa an tráth a chorpraítear an chuideachta nó a n-údaraítear di dul i mbun gnó i gcéaduair, agus an tráth a thagann aon athrú ar an gcaipiteal údaraithe, gan dochar d'Airteagal 14(e);

(e) a mhéid nach ndéantar iad a chinneadh go dlíthiúil, na rialacha lena rialaítear líon chomhaltaí na gcomhlachtaí atá freagrach as ionadaíocht a dhéanamh don chuideachta i dtaca le tríú páirtithe, riarachán, bainistiú, maoirsiú nó rialú na cuideachta agus cionroinnt na gcumhachtaí i measc na gcomhlachtaí sin agus lena rialaítear an nós imeachta chun na comhaltaí sin a cheapadh;

(f) ré na cuideachta, ach amháin i gcás ina mbeidh sé sin éiginnte.

*Airteagal 4*

*Faisnéis éigeantach atá le soláthar sna reachtanna nó sna hionstraimí corpraithe nó i ndoiciméid ar leithligh*

Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad le feiceáil sna reachtanna nó san ionstraim chorpraithe nó i ndoiciméad ar leithligh a fhoilsítear i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i ndlíthe gach Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 16:

(a) an oifig chláraithe;

(b) luach ainmniúil na scaireanna arna suibscríobh agus, uair sa bhliain ar a laghad, an líon díobh;

(c) an líon scaireanna arna suibscríobh gan an luach ainmniúil a lua, i gcás inar féidir scaireanna den sórt sin a eisiúint faoin dlí náisiúnta;

(d) na coinníollacha speisialta, más ann dóibh, lena gcuirtear teorainn leis an aistriú scaireanna;

(e) i gcás ina bhfuil aicmí éagsúla scaireanna ann, an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b), i bpointe (c) agus i bpointe (d) le haghaidh gach aicme agus na cearta a ghabhann le scaireanna gach aicme;

(f) an bhfuil na scaireanna cláraithe nó an scaireanna iompróra iad, i gcás ina bhforáiltear leis an dlí náisiúnta don dá chineál, agus aon fhorálacha a bhaineann le comhshó scaireanna den sórt sin mura rud é go leagtar an nós imeachta síos le dlí;

(g) méid an chaipitil shuibscríofa atá íoctha an tráth a chorpraítear an chuideachta nó a n-údaraítear di dul i mbun gnó i gcéaduair;

(h) luach ainmniúil na scaireanna nó, i gcás nach mbeidh aon luach ainmniúil ann, an líon scaireanna a eisítear le haghaidh comaoin seachas in airgead tirim, i dteannta chineál na comaoine agus ainm an duine a sholáthraíonn an chomaoin;

(i) céannacht na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha nó na gcuideachtaí nó na ngnólachtaí a shínigh, nó ar ina n-ainm a síníodh, na reachtanna nó an ionstraim chorpraithe, nó i gcás nár foirmíodh an chuideachta ag an am céanna, na dréachtaí de na doiciméid sin;

(j) méid iomlán na gcostas go léir is iníoctha ag an gcuideachta nó is inmhuirearaithe uirthi de bharr a foirmithe, agus, i gcás inarb iomchuí, sula n-údaraítear don chuideachta dul i mbun gnó i gcéaduair, nó ar a laghad meastóireacht ar na costais sin;

(k) aon bhuntáiste speisialta a dheonaítear, an tráth a fhoirmítear an chuideachta nó go dtí an tráth a n-údaraítear di dul i mbun gnó i gcéaduair, d'aon duine a ghlac páirt i bhfoirmiú na cuideachta nó in idirbhearta as a leanann deonú údaraithe den sórt sin.

*Airteagal 5*

*Údarú dul i mbun gnó i gcéaduair*

1. I gcás ina bhforordaítear le dlíthe Ballstáit nach bhféadfaidh cuideachta dul i mbun gnó i gcéaduair gan údarú, déanfaidh siad foráil freisin maidir le freagracht as dliteanais arna dtabhú ag an gcuideachta nó thar a ceann i rith na tréimhse sula ndeonófar údarú den sórt sin nó sula ndiúltófar é.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le dliteanais faoi chonarthaí a thugann an chuideachta i gcrích ar an gcoinníoll go dtugtar údarú di dul i mbun gnó i gcéaduair.

*Airteagal 6*

*Cuideachtaí comhaltaí iolracha*

1. I gcás ina n-éilítear, le dlíthe Ballstáit, go ndéanann níos mó ná comhalta amháin cuideachta a fhoirmiú, ní tharlóidh sé go ndéanfar, de bharr na scaireanna uile a bheith i seilbh duine amháin nó de bharr líon na gcomhaltaí a bheith tite faoi bhun an lín íosta dhlíthiúil tar éis chorprú na cuideachta, an chuideachta a dhíscaoileadh go huathoibríoch.

2. Más rud é, sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, go gceadaítear, le dlíthe Ballstáit, cuideachta a fhoirceannadh le hordú na cúirte, beidh an breitheamh ag a bhfuil dlínse in ann dóthain ama a thabhairt don chuideachta a riocht a thabhairt chun rialtachta.

3. I gcás ina dtugtar ordú foirceanta amhail dá dtagraítear i mír 2, rachaidh an chuideachta faoi leachtú.

## ROINN 2

## NEAMHNIÚ NA CUIDEACHTA FAOI DHLITEANAS TEORANTA AGUS BAILÍOCHT A CUID OIBLEAGÁIDÍ

*Airteagal 7*

*Forálacha ginearálta agus dliteanas comhpháirteach agus leithleach*

1. Beidh feidhm ag na bearta comhordaithe a fhorordaítear leis an Roinn seo maidir le forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin na mBallstát a bhaineann leis na cineálacha cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn II.

2. Más rud é, roimh phearsantacht dhlítheanach a bheith faighte ag cuideachta atá á foirmiú, go ndearnadh gníomh ina hainm agus nach ndéanann an chuideachta na hoibleagáidí a eascraíonn as an ngníomh sin a ghlacadh chuici féin, is iad na daoine a ghníomhaigh a bheidh faoi dhliteanas, gan teorainn, go comhpháirteach agus go leithleach, i leith an ghnímh sin, mura gcomhaontófar a mhalairt.

*Airteagal 8*

*Éifeachtaí nochta i ndáil le tríú páirtithe*

I ndáil le tabhairt chun críche na bhfoirmiúlachtaí maidir le nochtadh na sonraí maidir leis na daoine dá n-údaraítear, mar orgán de chuid na cuideachta, ionadaíocht a dhéanamh thar a ceann, beidh an tabhairt chun críche sin mar urchosc ar a bheith ag brath ar aon neamhrialtacht maidir lena gceapadh amhail i gcoinne tríú páirtithe, mura rud é go gcruthaíonn an chuideachta go raibh na tríú páirtithe sin ar an eolas faoi.

*Airteagal 9*

*Gníomhartha a dhéanann orgáin de chuid cuideachta agus a hionadaíocht*

1. Beidh gníomhartha a dhéanann orgáin de chuid na cuideachta ina gceangal ar an gcuideachta sin fiú mura mbeidh na gníomhartha laistigh de chuspóirí na cuideachta, mura rud é go ndéantar, leis na gníomhartha sin, na cumhachtaí a shárú a thugtar leis an dlí do na horgáin sin nó a cheadaítear leis an dlí a thabhairt do na horgáin sin.

   Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach mbeidh an chuideachta faoi cheangal i gcás ina mbeidh gníomhartha den sórt sin lasmuigh de chuspóirí na cuideachta, má chruthaíonn sí go raibh an tríú páirtí ar an eolas go raibh an gníomh lasmuigh de na cuspóirí sin nó nach bhféadfadh sé, i bhfianaise na n-imthosca, gan a bheith ar an eolas faoi. Ní leor, mar chruthúnas air sin, na reachtanna a nochtadh.

2. Na teorainneacha atá le cumhachtaí orgáin na cuideachta, a eascraíonn faoi na reachtanna nó faoi chinneadh na n-orgán inniúil, ní fhéadfar brath ar na teorainneacha sin amhail i gcoinne tríú páirtithe, fiú má nochtadh iad.

3. I gcás ina bhforáiltear, sa dlí náisiúnta, go bhféadfar, de mhaolú ar na rialacha dlíthiúla lena rialaítear an t-ábhar, an t-údarás ionadaíocht a dhéanamh thar ceann cuideachta a thabhairt, leis na reachtanna, do dhuine amháin nó do roinnt daoine ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, féadfar foráil a dhéanamh, leis an dlí sin, go bhféadfar brath ar an bhforáil sin amhail i gcoinne tríú páirtithe ar choinníoll go mbaineann sé le cumhacht ghinearálta na hionadaíochta; is faoi Airteagal 16 a rialófar an cheist an bhféadfar brath, amhail i gcoinne tríú páirtithe, ar fhoráil den sórt sin sna reachtanna.

*Airteagal 10*

*An ionstraim chomhdhéanaimh agus reachtanna na cuideachta*

*a tharraingt suas agus a dheimhniú i bhfoirm chuí dlí*

I ngach Ballstát nach bhforáiltear, ina gcuid dlíthe, do rialú coisctheach, riaracháin nó breithiúnach, tráth a fhoirmítear cuideachta, déanfar an ionstraim chomhdhéanaimh, reachtanna na cuideachta agus aon leasuithe ar na doiciméid sin a tharraingt suas agus a dheimhniú i bhfoirm chuí dlí.

*Airteagal 11*

*Coinníollacha maidir le neamhniú cuideachta*

Ní fhéadfar, i ndlíthe na mBallstát, foráil a dhéanamh maidir le neamhniú cuideachtaí, ach amháin i gcomhréir leis na forálacha seo a leanas:

(a) ní mór neamhniú a bheith ordaithe le cinneadh ó chúirt dlí;

(b) ní fhéadtar neamhniú a ordú ach amháin ar na forais seo a leanas:

(i) nár forghníomhaíodh aon ionstraim chomhdhéanaimh nó nár comhlíonadh rialacha an rialaithe choiscthigh nó na foirmiúlachtaí dlíthiúla is gá,

(ii) go bhfuil cuspóirí na cuideachta neamhdhleathach nó contrártha leis an mbeartas poiblí,

(iii) nach luaitear, san ionstraim chomhdhéanaimh ná sna reachtanna, ainm na cuideachta, méid na suibscríbhinní aonair caipitil, méid iomlán an chaipitil a suibscríobhadh nó cuspóirí na cuideachta,

(iv) gur mainníodh na forálacha sa dlí náisiúnta a chomhlíonadh a bhaineann leis an íosmhéid caipitil a bheidh le híoc,

(v) éagumas na mball bunaidh uile,

(vi) gurb amhlaidh, go contrártha leis an dlí náisiúnta lena rialaítear an chuideachta, gur lú ná beirt líon na mball bunaidh.

Cé is moite d'fhorais an neamhnithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ní bheidh cuideachta faoi réir aon chúis le neamh-eiseadh, neamhniú iomlán, neamhniú coibhneasta ná dearbhú neamhnithe.

*Airteagal 12*

*Iarmhairtí an neamhnithe*

1. Is faoi Airteagal 16 a rialófar an cheist an bhféadfar brath, amhail i gcoinne tríú páirtithe, ar chinneadh a dhéanann cúirt dlí faoi neamhniú. I gcás ina mbeidh tríú páirtí i dteideal, de réir an dlí náisiúnta, agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh, ní fhéadfaidh sé déanamh amhlaidh ach amháin laistigh de shé mhí ón dáta a thugtar fógra poiblí faoi chinneadh na cúirte.

2. D'fhéadfadh foirceannadh na cuideachta a bheith i gceist le neamhniú, agus d'fhéadfadh díscaoileadh a bheith i gceist leis freisin.

3. Ní dhéanfar difear, le neamhniú ann féin, do bhailíocht aon ghealltanas a dhéanann an chuideachta nó a dhéantar leis an gcuideachta, gan dochar d'iarmhairtí fhoirceannadh na cuideachta.

4. Féadfar, le dlíthe gach Ballstáit, foráil a dhéanamh do na hiarmhairtí ar neamhniú amhail idir comhaltaí na cuideachta.

5. Beidh oibleagáid fós ar shealbhóirí scaireanna sa chaipiteal de chuid cuideachta an caipiteal a íoc ar chomhaontaigh siad a shuibscríobh ach nár íocadh, a mhéid a éilítear amhlaidh le gealltanais a rinneadh leis na creidiúnaithe.

# Caibidil III
# Nochtadh agus idirnascadh na gclár lárnach, tráchtála agus cuideachtaí

## Roinn 1
## Forálacha ginearálta

*Airteagal 13*
*Raon feidhme*

Beidh feidhm ag na bearta comhordaithe a fhorordaítear leis an Roinn seo maidir le forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin na mBallstát a bhaineann leis na cineálacha cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 14*
*Doiciméid agus sonraí a bheidh le nochtadh ag cuideachtaí*

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh cuideachtaí na doiciméid agus na sonraí seo a leanas ar a laghad a nochtadh go héigeantach:

(a) an ionstraim chomhdhéanaimh, agus na reachtanna más in ionstraim ar leithligh atá siad;

(b) aon leasuithe ar na hionstraimí dá dtagraítear i bpointe (a), lena n-áirítear aon síneadh ar ré na cuideachta;

(c) tar éis gach leasaithe ar an ionstraim chomhdhéanaimh nó ar na reachtanna, téacs iomlán na hionstraime nó na reachtanna arna leasú go dtí seo;

(d) ceapadh, foirceannadh oifige agus sonraí na ndaoine, mar chomhlacht a bunaíodh de bhun an dlí nó mar chomhaltaí d'aon chomhlacht den sórt sin, ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

  (i) tá siad údaraithe ionadaíocht a dhéanamh don chuideachta agus iad ag déileáil le tríú páirtithe agus in imeachtaí dlíthiúla; beidh sé soiléir ón nochtadh an féidir leis na daoine dá n-údaraítear ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na cuideachta a bheith mar ionadaithe ina n-aonar nó an bhfuil sé de cheangal orthu gníomhú go comhpháirteach,

  (ii) glacann siad páirt i riar, i maoirseacht nó i rialú na cuideachta;

(e) ar a laghad uair sa bhliain, méid an chaipitil a suibscríobhadh, i gcás ina luaitear caipiteal údaraithe in ionstraim chomhdhéanaimh nó sna reachtanna, mura rud é go mbeidh gá leis na reachtanna a leasú mar thoradh ar aon mhéadú ar an gcaipiteal;

(f) na doiciméid chuntasaíochta le haghaidh gach bliana airgeadais is gá a fhoilsiú i gcomhréir le Treoir 86/635/CEE[1] agus Treoir 91/674/CEE[2] ón gComhairle agus Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3];

(g) aon athrú ar oifig chláraithe na cuideachta;

(h) foirceannadh na cuideachta;

(i) aon dearbhú ó na cúirteanna ar neamhniú na cuideachta;

(j) ceapadh leachtaitheoirí, sonraí a bhaineann leo siúd, agus lena gcumhachtaí faoi seach, mura rud é go ndéantar na cumhachtaí sin a dhíorthú go sainráite ón dlí nó ó reachtanna na cuideachta;

(k) aon chríochnú leachtaithe agus, sna Ballstáit sin ina mbíonn iarmhairtí dlíthiúla i gcás baint den chlár, na sonraí maidir leis an mbaint sin den chlár.

---

1 Treoir 86/635/CEE ón gComhairle an 8 Nollaig 1986 maidir leis na cuntais bhliantúla agus na cuntais chomhdhlúite banc agus institiúidí airgeadais eile (IO L 372, 31.12.1986, lch. 1).

2 Treoir 91/674/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1991 maidir leis na cuntais bhliantúla agus na cuntais chomhdhlúite gnóthas árachais (IO L 374, 31.12.1991, lch. 7).

3 Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis bhliantúla airgeadais, leis na ráitis chomhdhlúite airgeadais agus le tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

*Airteagal 15*

*Athruithe ar dhoiciméid agus ar shonraí*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar aon athruithe ar na doiciméid agus ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14 a iontráil sa chlár inniúil dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 16(1) agus go nochtfar iad, i gcomhréir le Airteagal 16(3) agus (5), de ghnáth laistigh de 21 lá ón doiciméadacht iomlán maidir leis na hathruithe sin a fháil, lena n-áirítear, más infheidhme, an tseiceáil dlíthiúlachta de réir mar a cheanglaítear faoin dlí náisiúnta le haghaidh iontráil a dhéanamh sa chomhad.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis na doiciméid chuntasaíochta dá dtagraítear in Airteagal 14(f).

*Airteagal 16*

*Nochtadh sa chlár*

1. I ngach Ballstáit, osclófar comhad i gclár lárnach, tráchtála nó cuideachtaí ("an clár"), le haghaidh gach ceann de na cuideachtaí atá cláraithe ann.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh aitheantóir uathúil ag cuideachtaí lena bhféadfar iad a aithint gan iomrall sa chumarsáid a dhéanfar idir cláir trí chóras idirnascadh na gclár lárnach, tráchtála agus cuideachtaí arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 22(2) ("córas idirnascadh na gclár"). Beidh san aitheantóir uathúil sin, ar a laghad, eilimintí lena mbeidh sé indéanta Ballstáit an chláir a shainaithint, mar aon leis an gclár tionscnaimh intíre agus uimhir na cuideachta sa chlár sin, agus, i gcás inarb iomchuí, gnéithe lena seachnófar earráidí sainaitheanta.

2. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn "trí mheán leictreonach" go seolfar an fhaisnéis ar dtús agus go bhfaighfear í ag an gceann scríbe trí bhíthin trealamh leictreonach chun sonraí a phróiseáil (lena n-áirítear comhbhrú digiteach) agus a stóráil, agus go dtarchuirfear, go n-iomprófar agus go bhfaighfear go hiomlán í ar bhealach a bheidh le cinneadh ag na Ballstáit ar sreang, ar raidió, ar mhodh optach nó ar mhodh leictreamaighnéadach eile.

3. Coimeádfar sa chomhad na doiciméid uile agus na sonraí uile a cheanglaítear a nochtadh de bhun Airteagal 14, nó cuirfear isteach sa chlár iad; beidh ábhar na n-iontrálacha a chuirtear sa chlár le feiceáil sa chomhad i ngach cás.

Áiritheoidh na Ballstáit gur indéanta go leictreonach an comhdú a dhéanann cuideachtaí mar aon le daoine eile agus le comhlachtaí a gceanglaítear orthu fógraí a thabhairt i dtaca leis na doiciméid uile agus leis na sonraí uile a cheanglaítear a nochtadh de bhun Airteagal 14 nó a gceanglaítear orthu cuidiú le tabhairt an fhógra sin. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar gach cuideachta, nó ar chatagóirí áirithe cuideachtaí na doiciméid sin uile agus na sonraí sin uile nó cineálacha áirithe díobh a chomhdú go leictreonach.

Na doiciméid uile agus na sonraí uile dá dtagraítear in Airteagal 14 a dhéantar a chomhdú, is cuma más go leictreonach nó i bhfoirm páipéir, is i bhfoirm leictreonach a choinneofar sa chomhad nó a chuirfear isteach sa chlár iad. Chuige sin, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na doiciméid sin uile agus na sonraí sin uile a chuirtear i gcomhad i bhfoirm páipéir a chomhshó i bhfoirm leictreonach trí mheán an chláir.

Na doiciméid agus na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14 nár cuireadh sa chomhad i bhfoirm páipéir suas go dtí an 31 Nollaig 2006, ní cheanglófar iad a chomhshó go huathoibríoch i bhfoirm leictreonach trí mheán an chláir. Bíodh sin mar atá, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na doiciméid agus na sonraí sin a chomhshó i bhfoirm leictreonach trí mheán an chláir ar iarratas a fháil ar nochtadh trí mhodhanna leictreonacha, ar iarratas é arna chur isteach i gcomhréir leis na bearta a ghlactar chun éifeacht a thabhairt do mhír 4 den Airteagal seo.

4. Beidh teacht ar chóip de na doiciméid uile nó de na sonraí uile dá dtagraítear in Airteagal 14, nó ar chóip d'aon chuid díobh, ar iarratas a chur isteach. Féadfar iarratais a chur isteach tríd an gclár trí mheán páipéir nó trí mheán leictreonach de réir mar a roghnóidh an t-iarratasóir.

Beidh cóipeanna amhail dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar fáil ón gclár trí mheán páipéir nó trí mheán leictreonach de réir mar a roghnóidh an t-iarratasóir. Beidh feidhm ag an méid sin i gcás na ndoiciméad uile agus na sonraí uile a comhdaíodh cheana. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh áfach nach mbeidh teacht sa chlár, trí mheán leictreonach, ar na doiciméid uile ná ar na sonraí uile, ná ar chineálacha áirithe díobh, a comhdaíodh i bhfoirm páipéir ar dháta nach féidir a bheith níos déanaí ná an 31 Nollaig 2006 nó ar dháta roimhe sin, má tá tréimhse shonraithe imithe in éag idir dáta an chomhdaithe agus an dáta ar a cuireadh an t-iarratas isteach chuig an gclár. Ní fhéadfaidh an tréimhse shonraithe sin a bheith níos giorra ná deich mbliana.

Ní bheidh an praghas chun cóip de na doiciméid uile nó de na sonraí uile dá dtagraítear in Airteagal 14 a fháil, nó chun chóip de chuid díobh a fháil, níos airde ná an costas riaracháin a bhaineann leis an gcóip, is cuma más trí mheán páipéir nó trí mheán leictreonach a thabharfar í.

Déanfar cóipeanna páipéir a sholáthraítear d’iarratasóir a dheimhniú mar “cóipeanna dílse”, mura bhfágann an t-iarratasóir an deimhniú sin ar lár. Ní dhéanfar cóipeanna leictreonacha a dheimhniú mar 'cóipeanna dílse', mura n-iarrann an t-iarratasóir deimhniú den sórt sin go sainráite.

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ráthófar le deimhniú cóipeanna leictreonacha barántúlacht a dtionscnaimh mar aon le sláine a n-inneachair, trí mheán síniú leictreonach ardleibhéil ar a laghad de réir bhrí Airteagal 2(2) de Threoir 1999/93/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

5. Déanfar na doiciméid agus na sonraí dá dtagraítear i mír 3 a nochtadh tríd an téacs iomlán nó cuid den téacs a fhoilsiú san iris náisiúnta a ainmníonn an Ballstát chun na críche sin nó trí bhíthin tagairt a dhéanamh don doiciméad a taisceadh sa chomhad nó a cuireadh isteach sa chlár. Féadfar an iris náisiúnta a ainmnítear chun na críche sin a choinneáil i bhfoirm leictreonach.

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh meán a bheadh chomh héifeachtach céanna le foilsiú san iris náisiúnta a chur ina ionad a mbeidh i gceist leis, ar a laghad, leas a bhaint as córas trína bhféadfaí rochtain a fháil, in ord croineolaíoch, ar an bhfaisnéis nochta trí ardán lárnach leictreonach.

6. Féadfaidh an chuideachta a bheith muiníneach as na doiciméid agus as na sonraí amhail i gcoinne tríú páirtithe tar éis dóibh a bheith nochta i gcomhréir le mír 5 agus an tráth sin amháin, mura gcruthaíonn an chuideachta go raibh na tríú páirtithe ar an eolas fúthu.

Maidir le hidirbhearta a dhéantar roimh an séú lá déag i ndiaidh an nochta, áfach, ní rachfar i muinín na ndoiciméad ná na sonraí amhail i gcoinne tríú páirtithe a chruthaíonn nach raibh ar a gcumas a bheith ar an eolas fúthu.

---

[1] Treoir 1999/93/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 1999 maidir le creat Comhphobail le haghaidh sínithe leictreonacha (IO L 13, 19.1.2000, lch. 12).

7. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun aon neamhréireacht a sheachaint idir an méid a nochtar i gcomhréir le mír 5 agus an méid atá le feiceáil sa chlár nó sa chomhad.

I gcásanna neamhréireachta, áfach, ní fhéadfar dul i muinín an téacs a nochtadh i gcomhréir le mír 5, amhail i gcoinne tríú páirtithe; féadfaidh tríú páirtithe den sórt sin dul i muinín an téacs sin, áfach, mura gcruthaíonn an chuideachta go raibh siad ar an eolas faoi na téacsanna a cuireadh i dtaisce sa chomhad nó a cuireadh isteach sa chlár.

Ina theannta sin, féadfaidh tríú páirtithe i gcónaí dul i muinín aon doiciméad agus aon sonraí nach bhfuil na foirmiúlachtaí maidir le nochtadh tugtha chun críche go fóill ina leith, ach amháin i gcásanna nach mbíonn éifeacht acu mar gheall ar neamhnochtadh.

*Airteagal 17*
*Faisnéis atá cothrom le dáta maidir leis an dlí náisiúnta*
*i ndáil le cearta tríú páirtithe*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear fáisnéis atá cothrom le dáta ar fáil lena míneofar forálacha an dlí náisiúnta ar dá mbun atá tríú páirtithe in ann dul i muinín na sonraí agus gach cineál doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 14, i gcomhréir le hAirteagal 16(5), (6) agus (7).

2. Soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá i dtaca le foilsiú ar an tairseach Eorpach don r-Cheartas ("an tairseach") i gcomhréir le rialacha agus riachtanais theicniúla na tairsí.

3. Foilseoidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar an tairseach i dteangacha oifigiúla uile an Aontais.

*Airteagal 18*

*Teacht ar chóipeanna leictreonacha de dhoiciméid agus de shonraí*

1. Cuirfear cóipeanna leictreonacha de na doiciméid agus de na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14 ar fáil don phobal freisin trí chóras idirnascadh na gclár.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na doiciméid agus na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14 ar fáil trí chóras idirnascadh na gclár i bhformáid teachtaireachta caighdeánaí agus go mbeidh siad inrochtana trí mheán leictreonach. Áiritheoidh na Ballstáit freisin go n-urramófar íoschaighdeáin do shlándáil traschur sonraí.

3. Soláthróidh an Coimisiún seirbhís taighde i dteangacha oifigiúla uile an Aontais maidir le cuideachtaí atá cláraithe sna Ballstáit, chun go gcuirfear an méid seo a leanas ar fáil tríd an tairseach:

   (a) na doiciméid agus na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14;

   (b) na lipéid mhíniúcháin, agus iad ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, agus liosta de na sonraí sin agus de chineálacha na ndoiciméad sin.

*Airteagal 19*

*Na táillí is féidir a ghearradh le haghaidh doiciméad agus sonraí*

1. Ní bheidh na táillí a ghearrfar chun teacht ar na doiciméid agus na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14 trí chóras idirnascadh na gclár níos airde ná an costas riaracháin lena mbaineann.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na sonraí seo a leanas ar fáil saor in aisce trí chóras idirnascadh na gclár:

(a) ainm agus foirm dhlíthiúil na cuideachta;

(b) oifig chláraithe na cuideachta agus an Ballstát ina bhfuil sí cláraithe; agus

(c) uimhir chlárúcháin na cuideachta.

Féadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh doiciméid bhreise agus sonraí breise a chur ar fáil saor in aisce chomh maith leis na sonraí sin.

*Airteagal 20*

*Faisnéis faoi imeachtaí foirceanta nó dócmhainneachta a thionscnamh nó a chríochnú agus faisnéis faoi chuideachta a bhaint den chlár*

1. Cuirfear ar fáil gan mhoill i gclár cuideachta, trí chóras idirnascadh na gclár, an fhaisnéis faoi aon imeachtaí de chuid na cuideachta a thionscnamh nó a chríochnú ar imeachtaí foirceanta nó dócmhainneachta iad agus an fhaisnéis faoin gcuideachta a bhaint den chlár, más rud é go mbeidh iarmhairtí dlíthiúla ag an méid sin i mBallstát chlár na cuideachta.

2. Áiritheofar trí chlár an bhrainse agus trí chóras idirnascadh na gclár, go bhfuarthas an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 gan mhoill.

3. Ní ghearrfar aon táille, ó thaobh na gclár de, mar gheall ar mhalartú na faisnéise dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2.

*Airteagal 21*

*Teanga an nochta agus aistriú na ndoiciméad agus na sonraí atá le nochtadh*

1. Déanfar na doiciméid agus na sonraí atá le nochtadh de bhun Airteagal 14 a tharraingt suas agus a chomhdú i gceann de na teangacha a cheadaítear leis na rialacha teanga is infheidhme sa Bhallstát ina n-osclaítear an comhad dá dtagraítear in Airteagal 16(1).

2. De bhreis ar an nochtadh éigeantach dá dtagraítear in Airteagal 16, ceadóidh na Ballstáit aistriúcháin na ndoiciméad agus na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14 a nochtadh go saorálach i gcomhréir le hAirteagal 16 i dteanga oifigiúil ar bith nó i dteangacha oifigiúla ar bith de chuid an Aontais.

   Féadfaidh na Ballstáit a fhorordú go ndéanfar aistriúchán na ndoiciméad agus na sonraí sin a dheimhniú.

   Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun rochtain ag tríú páirtithe ar na haistriúcháin a nochtadh go saorálach a éascú.

3. De bhreis ar an nochtadh éigeantach dá dtagraítear in Airteagal 16, agus ar an nochtadh saorálach dá bhforáiltear i mír 2 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit nochtadh na ndoiciméad agus na sonraí lena mbaineann i dteanga nó i dteangacha ar bith eile a cheadú, i gcomhréir le hAirteagal 16.

   Féadfaidh na Ballstáit a fhorordú go ndéanfar aistriúchán na ndoiciméad agus na sonraí sin a dheimhniú.

4. I gcásanna go bhfuil neamhréireacht idir na doiciméid agus na sonraí a nochtadh i dteangacha oifigiúla an chláir agus an t-aistriúchán a nochtadh go saorálach, ní féidir brath ar an aistriúchán a nochtadh go saorálach amhail i gcoinne tríú páirtithe. Féadfaidh tríú páirtithe brath ar na haistriúcháin a nochtadh go saorálach, mar sin féin, mura gcruthaíonn an chuideachta go raibh na tríu páirtithe ar an eolas faoin leagan a bhí faoi réir an nochta éigeantaigh.

*Airteagal 22*

*Córas idirnascadh na gclár*

1. Bunófar ardán lárnach Eorpach ('an t-ardán').

2. Is éard a bheidh i gcóras idirnascadh na gclár:

– cláir na mBallstát,

– an t-ardán,

– an tairseach a fheidhmíonn mar an pointe rochtana leictreonaí Eorpach.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh a gcuid clár idir-inoibritheach laistigh de chóras idirnascadh na gclár tríd an ardán.

4. Féadfaidh na Ballstáit pointí roghnacha a bhunú le haghaidh rochtain ar chóras idirnascadh na gclár. Cuirfidh siad fógra chuig an gCoimisiún gan moill mhíchuí faoi bhunú na bpointí rochtana sin agus faoi aon athruithe suntasacha a rinneadh ar oibriú na bpointí.

5. Is tríd an tairseach agus trí na pointí rochtana roghnacha arna mbunú sna Ballstáit a áiritheofar rochtain ar fhaisnéis ó chóras idirnascadh na gclár.

6. Ní dhéanfar difear, le bunú chóras idirnascadh na gclár, do chomhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana a tugadh i gcrích idir na Ballstáit agus a bhaineann le malartú faisnéise faoi chuideachtaí.

*Airteagal 23*

*An t-ardán a fhorbairt agus a oibriú*

1. Cinnfidh an Coimisiún forbairt a dhéanamh ar an ardán agus/nó é a oibriú trína mheán féin nó trí thríú páirtí.

Má chineann an Coimisiún forbairt a dhéanamh ar an ardán agus/nó é a oibriú trí thríú páirtí, is i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 a roghnófar an tríú páirtí agus a fhorfheidhmeoidh an Coimisiún an comhaontú a tugadh i gcrích leis an tríú páirtí sin.

2. Má chineann an Coimisiún an t-ardán a fhorbairt trí thríú páirtí, bunóidh sé, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na sonraíochtaí teicniúla ar chun críche an nós imeachta soláthair phoiblí iad agus tréimhse an chomhaontuithe atá le cur i gcrích leis an tríú páirtí sin.

3. Má chineann an Coimisiún an t-ardán a fhorbairt trí thríú páirtí, glacfaidh sé, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha mionsonraithe maidir le bainistiú oibríochtúil an ardáin.

Áireofar le bainistiú oibríochtúil an ardáin go háirithe:

– maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú an ardáin,

– slándáil agus cosaint na sonraí a scaiptear agus a mhalartaítear trí úsáid a bhaint as an ardán,

– comhordú an ghaoil idir cláir na mBallstát agus an tríú páirtí.

Is é an Coimisiún a dhéanfaidh an mhaoirseacht ar fheidhmiú an ardáin.

4. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3 i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 164(2).

*Airteagal 24*

*Gníomhartha cur chun feidhme*

Trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, glacfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(a) an tsonraíocht theicniúil lena sainítear modhanna na cumarsáide a dhéantar trí mheán leictreonach chun críche chóras idirnascadh na gclár;

(b) an tsonraíocht theicniúil i dtaca leis na prótacail chumarsáide;

(c) na bearta teicniúla lena n-áirithítear na híoschaighdeáin slándála i dteicneolaíocht na faisnéise a bhaineann le faisnéis a chur in iúl agus a dháileadh laistigh de chóras idirnascadh na gclár;

(d) an tsonraíocht theicniúil lena sainítear na modhanna chun faisnéis a mhalartú idir clár na cuideachta agus clár an bhrainse amhail dá dtagraítear in Airteagal 20 agus in Airteagal 34;

(e) liosta mionsonraithe na sonraí a bheidh le tarchur ar mhaithe le faisnéis a mhalartú idir cláir, amhail dá dtagraítear in Airteagal 20, in Airteagal 34 agus in Airteagal 130;

(f) an tsonraíocht theicniúil lena sainítear struchtúr na formáide teicniúla ar mhaithe le faisnéis a mhalartú idir na cláir, an t-ardán agus an tairseach;

(g) an tsonraíocht theicniúil lena sainítear sraith na sonraí is gá le go bhfeidhmeoidh an t-ardán a bhfeidhmeanna, chomh maith le modh stóráil, úsáid agus cosaint na sonraí sin;

(h) an tsonraíocht theicniúil lena sainítear struchtúr agus úsáid an aitheantóra uathúil le haghaidh cumarsáid idir cláir;

(i) an tsonraíocht lena sainítear modhanna teicniúla oibriú chóras idirnascadh na gclár ó thaobh dáileadh agus malartú faisnéise, agus an tsonraíocht lena sainítear na seirbhísí teicneolaíochta faisnéise a chuirtear ar fáil tríd an ardán, agus seachadadh na dteachtaireachtaí sa leagan teanga is ábhartha á áirithiú;

(j) na critéir chomhchuibhithe don tseirbhís chuardaigh a chuirtear ar fáil leis an tairseach;

(k) na rialacha mionsonraithe íocaíochta, agus áiseanna íocaíochta atá ar fáil, amhail íocaíochtaí ar líne, á gcur san áireamh;

(l) sonraí faoi na lipéid mhíniúcháin ar a liostaítear sonraí agus cineálacha na ndoiciméad dá dtagraítear in Airteagal 14;

(m) na coinníollacha teicniúla a bhaineann le hinfhaighteacht seirbhísí a chuirtear ar fáil faoi chóras idirnascadh na gclár;

(n) an nós imeachta agus na ceanglais theicniúla a bhaineann leis na pointí rochtana roghnacha ar an ardán a nascadh.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 164(2).

*Airteagal 25*

*Maoiniú*

1. Is as buiséad ginearálta an Aontais a mhaoineofar bunú an ardáin agus an fhorbairt a dhéanfar air amach anseo mar gheall ar athruithe ar an tairseach a thiocfaidh as an Treoir seo.

2. Is as buiséad ginearálta an Aontais a mhaoineofar cothabháil agus feidhmiú an ardáin agus d'fhéadfaí sin a chómhaoiniú trí tháillí a ghearradh ar úsáideoirí aonair an ardáin as rochtain a fháil ar chóras idirnascadh na gclár. Ní dhéanfaidh aon ní sa mhír seo difear do na táillí ar an leibhéal náisiúnta.

3. Trí bhíthin gníomhartha tarmligthe agus i gcomhréir le hAirteagal 163, féadfaidh an Coimisiún rialacha a ghlacadh maidir leis an ardán a chómhaoiniú trí tháillí a ghearradh, agus, i gcás ina ndéantar sin, maidir le méid na dtáillí a ghearrfar ar úsáideoirí aonair i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo.

4. Aon táillí a ghearrfar i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo, beidh siad gan dochar do na táillí, más ann dóibh, a ghearrfaidh na Ballstáit chun go mbeidh teacht ar dhoiciméid agus ar shonraí amhail dá dtagraítear in Airteagal 19(1).

5. Aon táillí a ghearrfar i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo, ní ghearrfar iad chun go mbeidh teacht ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 19(2)(a), (b) agus (c).

6. Seasfaidh gach Ballstát na costais a bhaineann lena gcláir intíre a choigeartú, chomh maith le costais a bhaineann le cothabháil agus le feidhmiú na gclár sin a thiocfaidh as an Treoir seo.

*Airteagal 26*

*Faisnéis i litreacha agus i bhfoirmeacha ordaithe*

Forordóidh na Ballstáit go mbeidh na sonraí seo a leanas i litreacha agus i bhfoirmeacha ordaithe, bídís i bhfoirm páipéir nó bíodh aon mheán eile in úsáid leo:

(a) an fhaisnéis is gá chun go sainaithneofar an clár ina gcoinnítear an comhad dá dtagraítear in Airteagal 16, mar aon le huimhir na cuideachta sa chlár sin;

(b) foirm dhlíthiúil na cuideachta, an áit ina bhfuil a hoifig chláraithe lonnaithe agus, i gcás inarb iomchuí, faisnéis faoin gcuideachta a bheith á foirceannadh.

I gcás ina luaitear caipiteal na cuideachta sna doiciméid sin, is don chaipiteal suibscríofa agus íoctha a dhéanfar tagairt.

Forordóidh na Ballstáit go mbeidh ar a laghad i suíomhanna gréasáin na gcuideachtaí na sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus, más infheidhme, tagairt don chaipiteal suibscríofa agus íoctha.

*Airteagal 27*

*Daoine a dhéanann foirmiúlachtaí maidir le nochtadh*

Cinnfidh gach Ballstát na daoine a dhéanfaidh foirmiúlachtaí maidir le nochtadh.

*Airteagal 28*

*Pionóis*

Déanfaidh na Ballstáit foráil do phionóis iomchuí sna cásanna seo a leanas ar a laghad:

(a) mainneachtain doiciméid chuntasaíochta a nochtadh mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(f);

(b) faillí na sonraí éigeantacha dá bhforáiltear in Airteagal 26 a chur isteach i ndoiciméid tráchtála nó a chur ar shuíomh gréasáin ar bith de chuid cuideachta.

## ROINN 2

## NA RIALACHA NOCHTA IS INFHEIDHME MAIDIR LE BRAINSÍ DE CHUIDEACHTAÍ Ó BHALLSTÁIT EILE

*Airteagal 29*

*Doiciméid agus sonraí a bhaineann le brainse a nochtadh*

1. Nochtfar de bhun dhlí an Bhallstáit ina bhfuil an brainse doiciméid agus sonraí a bhaineann le brainse a d'oscail cuideachta de chineál a liostaítear in Iarscríbhinn II i mBallstát, a rialaítear le dlí Ballstáit eile, i gcomhréir le hAirteagal 16.

2. I gcás ina bhfuil ceanglais nochta a bhaineann le brainse éagsúil leo siúd a bhaineann leis an gcuideachta, beidh tosaíocht ag ceanglais nochta an bhrainse maidir le hidirbhearta a dhéantar leis an mbrainse.

3. Cuirfear na doiciméid agus na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 30(1) ar fáil don phobal trí chóras idirnascadh na gclár. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 18 agus ag Airteagal 19(1).

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh aitheantóir uathúil ag na brainsí a gceadófar leis iad a shainaithint gan athbhrí i gcumarsáid idir na cláir trí chóras idirnascadh na gclár. Beidh san aitheantóir uathúil sin, ar a laghad, eilimintí lena mbeidh sé indéanta Ballstáit an chláir a shainaithint, mar aon leis an gclár tionscnaimh intíre agus uimhir an bhrainse sa chlár sin, agus, i gcás inarb iomchuí, gnéithe lena seachnófar earráidí sainaitheanta.

*Airteagal 30*

*Doiciméid agus sonraí a bheidh le nochtadh*

1. Cumhdófar leis an nochtadh éigeantach dá bhforáiltear in Airteagal 29 na doiciméid agus na sonraí seo a leanas agus iad siúd amháin:

(a) seoladh an bhrainse;

(b) gníomhaíochtaí an bhrainse;

(c) an clár ina gcoinnítear an comhad cuideachta dá dtagraítear in Airteagal 16, mar aon leis an uimhir chlárúcháin sa chlár sin;

(d) ainm agus foirm dhlíthiúil na cuideachta agus ainm an bhrainse, más éagsúil le hainm na cuideachta é;

(e) ceapadh, foirceannadh oifige agus sonraí na ndaoine dá n-údaraítear ionadaíocht a dhéanamh don chuideachta i bplé le tríu páirtithe agus in imeachtaí dlíthiúla;

– mar orgán cuideachta a bunaíodh de bhun an dlí nó mar chomhaltaí d'aon orgán den sórt sin, i gcomhréir le nochtadh ag an gcuideachta amhail dá bhforáiltear in Airteagal 14(d),

– mar ionadaithe buana na cuideachta le haghaidh gníomhaíochtaí an bhrainse, agus réimse a gcumhachtaí á gcur in iúl;

(f) - foirceannadh na cuideachta, ceapadh na leachtaitheoirí, sonraí a bhaineann leo agus lena gcumhachtaí agus críochnú an leachtaithe i gcomhréir le nochtadh ag an gcuideachta amhail dá bhforáiltear in Airteagal 14(h), (j) agus (k),

– imeachtaí, socruithe agus comhshocraíochtaí dócmhainneachta, nó aon imeachtaí cosúil leo sin a bhfuil an chuideachta faoina réir;

(g) na doiciméid chuntasaíochta i gcomhréir le hAirteagal 31;

(h) dúnadh an bhrainse.

2. Féadfaidh an Ballstát inar osclaíodh an brainse a fhoráil go nochtfar, amhail dá dtagraítear in Airteagal 29, an méid seo a leanas:

(a) síniú na ndaoine dá dtagraítear i bpointe (e) agus i bpointe (f) de mhír 1 den Airteagal seo;

(b) na hionstraimí comhdhéanaimh agus meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais más in ionstraim ar leith atá siad, i gcomhréir le pointe (a), le pointe (b) agus le pointe (c) d'Airteagal 14, mar aon le leasuithe ar na doiciméid sin;

(c) fianú ón gclár dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1 den Airteagal seo, ar fianú é a bhaineann leis an gcuideachta a bheith ann;

(d) tuairisc ar na hurrúis ar mhaoin na cuideachta atá suite sa Bhallstát sin, ar choinníoll go mbaineann an nochtadh sin le bailíocht na n-urrús sin.

*Airteagal 31*

*Teorainneacha ar dhoiciméid chuntasaíochta a nochtadh go héigeantach*

Beidh an nochtadh éigeantach dá bhforáiltear le Airteagal 30(1)(g) teoranta do dhoiciméid chuntasaíochta na cuideachta mar a tarraingíodh suas, mar a iniúchadh agus mar a nochtadh iad de bhun dhlí an Bhallstáit lena rialaítear an chuideachta i gcomhréir le Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus le Treoir 2013/34/AE.

[1] Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, lena leasaítear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle (IO L 157, 9.6.2006, lch. 87).

*Airteagal 32*

*Teanga an nochta*
*agus na doiciméid atá le nochtadh a aistriú*

Féadfaidh an Ballstát inar osclaíodh an brainse a ordú go ndéanfar na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 30(2)(b) agus in Airteagal 30 a fhoilsiú i dteanga oifigiúil eile de chuid an Aontais agus go ndéanfar aistriúcháin na ndoiciméad sin a dheimhniú.

*Airteagal 33*

*Nochtadh i gcásanna brainsí iolracha i mBallstát*

I gcás inar oscail cuideachta níos mó ná brainse amháin i mBallstát, féadfar an nochtadh dá dtagraítear in Airteagal 30(2)(b) agus in Airteagal 31 a dhéanamh i gclár an bhrainse de rogha na cuideachta.

Sa chás dá dtagraítear sa chéad mhír, cumhdófar le nochtadh éigeantach ag brainsí eile sonraí chlár an bhrainse a ndearnadh nochtadh ina leith, mar aon le huimhir an bhrainse sin sa chlár sin.

*Airteagal 34*

*Faisnéis faoi imeachtaí foirceanta nó dócmhainneachta a thionscnamh nó a chríochnú*
*agus faisnéis faoin gcuideachta a bhaint den chlár*

1. Beidh feidhm ag Airteagal 20 maidir le clár na cuideachta agus maidir le clár an bhrainse faoi seach.

2. Cinnfidh na Ballstáit an nós imeachta a bheidh le leanúint tar éis an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 20(1) agus (2) a fháil. Áiritheofar le nós imeachta den sórt sin, i gcás cuideachta a bheith leachtaithe nó bainte den chlár ar bhealach eile, go ndéanfar a brainsí a bhaint den chlár ar an mbealach céanna gan moill mhíchuí.

3. Ní bheidh feidhm ag an dara habairt de mhír 2 maidir le brainsí cuideachtaí a baineadh den chlár mar thoradh ar aon athrú i bhfoirm dhlíthiúil na cuideachta lena mbaineann, ar chumasc nó ar roinnt, nó ar aistriú trasteorann a hoifige cláraithe.

*Airteagal 35*

*Faisnéis i litreacha agus i bhfoirmeacha ordaithe*

Forordóidh Ballstáit go mbeidh ráite i litreacha agus i bhfoirmeacha ordaithe a úsáideann brainse, i dteannta na faisnéise a fhorordaítear le hAirteagal 26, an clár ina gcoinnítear an comhad i leith an bhrainse in éineacht le huimhir an bhrainse sa chlár sin.

## Roinn 3

## Na rialacha nochta is infheidhme maidir le brainsí de chuideachtaí ó thríú tíortha

*Airteagal 36*

*Doiciméid agus sonraí a bhaineann le brainse a nochtadh*

1. Doiciméid agus sonraí a bhaineann le brainse a d'oscail cuideachta i mBallstát ar cuideachta í nach rialaítear le dlí Ballstáit ach ar d'fhoirm dhlíthiúil í atá inchomparáide leis na cineálacha cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn II, nochtfar iad i gcomhréir le dlí an Bhallstáit ina bhfuil an brainse mar a leagtar síos in Airteagal 16.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 29(2).

*Airteagal 37*

*Doiciméid agus sonraí a bheidh le nochtadh ar bhonn éigeantach*

Cumhdófar leis an nochtadh éigeantach dá bhforáiltear in Airteagal 36 na doiciméid agus na sonraí seo a leanas ar a laghad:

(a) seoladh an bhrainse;

(b) gníomhaíochtaí an bhrainse;

(c) dlí an Stáit lena rialaítear an chuideachta;

(d) i gcás ina bhforáiltear amhlaidh leis an dlí sin, an clár ina bhfuil taifead ar an gcuideachta agus uimhir chlárúcháin na cuideachta sa chlár sin;

(e) na hionstraimí comhdhéanaimh, agus meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais más in ionstraim ar leith atá siad, mar aon leis na leasuithe uile a rinneadh ar na doiciméid sin;

(f) foirm dhlíthiúil na cuideachta, a príomhionad gnó agus an cuspóir atá aici, agus, uair amháin sa bhliain ar a laghad, suim an chaipitil shuibscríofa mura dtugtar na sonraí sin sna doiciméid dá dtagraítear i bpointe (e);

(g) ainm na cuideachta agus ainm an bhrainse, más éagsúil le hainm na cuideachta é;

(h) ceapadh, foirceannadh oifige agus sonraí na ndaoine dá n-údaraítear ionadaíocht a dhéanamh don chuideachta i bplé le tríu páirtithe agus in imeachtaí dlíthiúla:

– mar orgán cuideachta a bunaíodh de bhun an dlí nó mar chomhaltaí d'aon orgán den sórt sin,

– mar ionadaithe buana na cuideachta maidir le gníomhaíochtaí an bhrainse.

Sonrófar réimse na gcumhachtaí atá ag na daoine dá n-údaraítear ionadaíocht a dhéanamh don chuideachta, agus arbh fhéidir sin a dhéanamh as a stuaim féin nó an bhfuil orthu gníomhú as láimh a chéile;

(i) - foirceannadh na cuideachta agus ceapadh na leachtaitheoirí, sonraí maidir leo agus maidir lena gcumhachtaí agus maidir le críochnú an leachtaithe,

– imeachtaí, socruithe agus comhshocraíochtaí dócmhainneachta, nó aon imeachtaí cosúil leo sin a bhfuil an chuideachta faoina réir;

(j) na doiciméid chuntasaíochta i gcomhréir le hAirteagal 38;

(k) dúnadh an bhrainse.

*Airteagal 38*

*Teorainneacha ar dhoiciméid chuntasaíochta a nochtadh go héigeantach*

1. Beidh feidhm ag an nochtadh éigeantach dá bhforáiltear in Airteagal 37(j) maidir le doiciméid chuntasaíochta na cuideachta mar a tarraingíodh suas, mar a iniúchadh agus mar a nochtadh iad de bhun dhlí an Bhallstáit lena rialaítear an chuideachta. I gcás nach dtarraingítear suas i gcomhréir le Treoir2013/34/AE iad nó nach dtarraingítear suas iad ar bhealach atá coibhéiseach léi, féadfaidh na Ballstáit a cheangal go dtarraingeofar suas agus go nochtfar doiciméid a bhaineann le gníomhaíochtaí an bhrainse.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 32 agus ag Airteagal 33.

*Airteagal 39*

*Faisnéis i litreacha agus i bhfoirmeacha ordaithe*

Forordóidh Ballstáit go mbeidh ráite i litreacha agus i bhfoirmeacha ordaithe a úsáideann brainse an clár ina gcoinnítear an comhad i leith an bhrainse in éineacht le huimhir an bhrainse sa chlár sin. I gcás ina gceanglaítear le dlí an Stáit lena rialaítear an chuideachta go ndéanfar taifead i gclár, sonrófar freisin an clár ina bhfuil taifead ar an gcuideachta agus uimhir chlárúcháin na cuideachta sa chlár sin.

## ROINN 4

## SOCRUITHE CUR I BHFEIDHM AGUS CUR CHUN FEIDHME

*Airteagal 40*

*Pionóis*

Déanfaidh na Ballstáit foráil do phionóis iomchuí i gcás mainneachtain na hábhair a leagtar amach in Airteagail 29, 30, 31, 36, 37 agus 38 a nochtadh agus i gcás faillí na sonraí éigeantacha dá bhforáiltear in Airteagal 35 agus in Airteagal 39 a chur isteach i litreacha agus i bhfoirmeacha ordaithe.

*Airteagal 41*

*Daoine a dhéanann foirmiúlachtaí maidir le nochtadh*

Cinnfidh gach Ballstát cé a dhéanfaidh na foirmiúlachtaí maidir le nochtadh dá bhforáiltear i Roinn 2 agus i Roinn 3.

*Airteagal 42*

*Díolúintí do bhrainsí ó fhorálacha maidir le doiciméid cuntasaíochta a nochtadh*

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 31 ná ag Airteagal 38 maidir le brainsí a d'oscail institiúidí creidmheasa agus airgeadais a chumhdaítear le Treoir 89/117/CEE ón gComhairle[1].

2. Go dtí go ndéanfar comhordú dá éis, ní gá do na Ballstáit Airteagal 31 ná Airteagal 38 a chur i bhfeidhm ar bhrainsí ar oscail cuideachtaí árachais iad.

*Airteagal 43*

*An Coiste Teagmhála*

Déanfaidh an Coiste Teagmhála arna bhunú de bhun Airteagal 52 de Threoir 78/660/CEE ón gComhairle[2] an méid seo a leanas freisin:

(a) cur i bhfeidhm comhchuibhithe fhorálacha Roinn 2, Roinn 3 agus na Ranna seo a éascú, gan dochar d'Airteagal 258 ná d'Airteagal 259 den Chonradh, trí chruinnithe tráthrialta a reáchtáil ar a bpléifear, go háirithe, le fadhbanna praiticiúla a thagann chun cinn maidir le cur chun feidhme na bhforálacha sin;

(b) comhairle a chur ar an gCoimisiún, más gá, maidir le haon ábhar a chuirtear le forálacha Roinn 2, Roinn 3 agus na Ranna seo nó aon leasuithe a dhéantar orthu.

---

1 Treoir 89/117/CEE ón gComhairle an 13 Feabhra 1989 maidir leis na hoibleagáidí atá ar bhrainsí institiúidí creidmheasa agus airgeadais i dtaca le doiciméid chuntasaíochta a fhoilsiú go bliantúil, ar brainsí iad a bunaíodh i mBallstát a bhfuil a gceannoifigí lasmuigh den Bhallstát sin (IO L 44, 16.2.1989, lch. 40).

2 Ceathrú Treoir 78/660/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1978, arna fothú ar Airteagal 54(3)(g) den Chonradh, maidir le cuntais bhliantúla cineálacha áirithe cuideachtaí (IO L 222, 14.8.1978, lch. 11).

# Caibidil IV
# Caipiteal a choinneáil agus a athrú

## ROINN 1
## CEANGLAIS CHAIPITIL

*Airteagal 44*
*Forálacha ginearálta*

1. Beidh feidhm ag na bearta comhordaithe a fhorordaítear leis an gCaibidil seo maidir leis na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin sna Ballstáit a bhaineann leis na cineálacha cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn I.

2. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan forálacha na Caibidle seo a chur i bhfeidhm maidir le cuideachtaí infheistíochta a bhfuil caipiteal athraitheach acu agus maidir le comharchumainn a chorpraítear mar cheann amháin de na cineálacha cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn I. A mhéid a bhainfear leas, i ndlíthe na mBallstát, as an rogha sin, ceanglófar ar chuideachtaí den sórt sin, leis na dlíthe sin, na focail “cuideachta infheistíochta a bhfuil caipiteal athraitheach aici” nó “comharchumann” a áireamh sna doiciméid uile dá dtagraítear in Airteagal 26.

*Airteagal 45*

*Caipiteal íosta*

1. Ceanglófar le dlíthe na mBallstát, ionas gur féidir le cuideachta a bheith corpraithe nó gur féidir léi údarú a fháil chun dul i mbun gnó i gcéaduair, go ndéanfar caipiteal íosta a shuibscríobh nach mbeidh a shuim níos lú ná EUR 25 000.

2. Gach cúig bliana scrúdóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh ar thogra ón gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 50(1) agus le hAirteagal 50(2)(g) den Chonradh, an tsuim a shloinntear in euro i mír 1 agus, más gá, déanfaidh siad í a athbhreithniú, i bhfianaise na dtreochtaí eacnamaíocha agus airgeadaíochta san Aontas agus an chlaonta i leith cead a thabhairt do ghnóthais mhóra agus mheánmhéide amháin na cineálacha cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn I a roghnú.

*Airteagal 46*

*Sócmhainní*

Ní fhéadfar caipiteal suibscríofa a fhoirmiú ach amháin as sócmhainní arbh fhéidir measúnú eacnamaíoch a dhéanamh orthu. Ní fhéadfaidh gealltanas chun obair a dhéanamh nó seirbhísí a sholáthar a bheith mar chuid de na sócmhainní sin, áfach.

*Airteagal 47*

*Praghas eisiúna scaireanna*

Ní fhéadfar scaireanna a eisiúint ar phraghas níos ísle ná a luach ainmniúil, nó, i gcás nach ann do luach ainmniúil, ar phraghas níos ísle ná a bparluach cuntasach.

Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit a cheadú dóibh siúd a ghabhann de láimh scaireanna a chur, i bhfeidhmiú a ngairme, níos lú a íoc ná praghas iomlán na scaireanna a ndéanann siad suibscríobh ina leith le linn an idirbhearta sin.

*Airteagal 48*

*Scaireanna a eisítear chun comaoine a íoc*

Tráth a chorpraítear an chuideachta nó a údaraítear di dul i mbun gnó i gcéaduair, íocfar scaireanna a eisítear chun comaoine ar luach nach lú ná 25 % dá luach ainmniúil, nó, in éagmais luach ainmniúil, íocfar ar a bparluach iad.

Mar sin féin, i gcás ina n-eisítear scaireanna chun comaoine seachas in airgead tirim, tráth a chorpraítear an chuideachta nó a údaraítear di dul i mbun gnó i gcéaduair, déanfar an chomaoin a aistriú ina hiomláine laistigh de chúig bliana ón tráth sin.

## Roinn 2

## Coimircí maidir le caipiteal reachtúil

*Airteagal 49*

*Tuarascáil ó shaineolaithe ar chomaoin seachas in airgead tirim*

1. Saineolaí neamhspleách amháin nó níos mó, atá ceaptha nó formheasta ag údarás breithiúnach nó riaracháin, tarraingeoidh sé nó siad suas tuarascáil ar aon chomaoin seachas in airgead tirim sula ndéanfar an chuideachta a chorprú nó a údarú dul i mbun gnó i gcéaduair. Féadfaidh daoine nádúrtha mar aon le daoine, cuideachtaí nó gnólachtaí dlítheanacha a bheith sna saineolaithe sin faoi dhlíthe gach Ballstáit.

2. Beidh sa tuarascáil ó na saineolaithe dá dtagraítear i mír 1, ar a laghad, tuairisc ar gach ceann de na sócmhainní atá sa chomaoin chomh maith le tuairisc ar na modhanna luachála ar baineadh leas astu agus beidh ráite inti cibé arb ionann ar a laghad an uimhir agus an luach ainmniúil agus na luachanna ar thángthas orthu trí na modhanna sin a chur i bhfeidhm nó, i gcás nach ann do luach ainmniúil, arb ionann iad agus an parluach cuntasach, agus, i gcás inarb iomchuí, arb ionann iad agus an phréimh ar na scaireanna a bheidh le heisiúint dóibh.

3. Foilseofar an tuarascáil ó na saineolaithe ar an mbealach a leagtar síos le dlíthe gach Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 16.

4. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm i gcás ina n-eisítear 90 % den luach ainmniúil de na scaireanna uile a eisíodh do chuideachta amháin nó níos mó chun comaoine seachas in airgead tirim, nó, i gcás nach ann do luach ainmniúil, den pharluach cuntasach, agus i gcás ina gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas:

(a) maidir leis an gcuideachta a fuair an chomaoin sin, chomhaontaigh na daoine dá dtagraítear i bpointe (i) d'Airteagal 4 an tuarascáil ó na saineolaithe a fhágáil ar lár;

(b) foilsíodh comhaontú den sórt sin amhail dá bhforáiltear i mír 3;

(c) tá cúlchistí ag na cuideachtaí a thugann an chomaoin sin nach féidir a dháileadh faoin dlí nó faoi na reachtanna agus atá ar a laghad cothrom leis an luach ainmniúil nó, i gcás nach ann do luach ainmniúil, le parluach cuntasach na scaireanna arna n-eisiúint chun comaoine seachas in airgead tirim;

(d) ráthaíonn na cuideachtaí a thugann an chomaoin sin, suas le suim atá cothrom leis an tsuim a chuirtear in iúl i bpointe (c), fiacha na cuideachta is faighteoir a thagann chun cinn idir an tráth a eisítear na scaireanna chun comaoine seachas in airgead tirim agus bliain amháin i ndiaidh fhoilsiú chuntais bhliantúla na cuideachta sin don bhliain airgeadais ar tugadh comaoin den sórt sin lena linn. Toirmiscfear aon aistriú ar scaireanna den sórt sin laistigh den tréimhse sin;

(e) foilsíodh an ráthaíocht dá dtagraítear i bpointe (d) amhail dá bhforáiltear i mír 3; agus

(f) cuirfidh na cuideachtaí a thugann an chomaoin sin suim atá cothrom leis an tsuim a chuirtear in iúl i bpointe (c) isteach i gcúlchiste nach féidir a dháileadh go ceann trí bliana tar éis fhoilsiú chuntais bhliantúla na cuideachta is faighteoir don bhliain airgeadais ar tugadh an chomaoin sin lena linn nó, más gá, go ceann dáta níos déanaí ar a mbeidh na héilimh go léir socraithe a cuireadh isteach le linn na tréimhse sin a bhaineann leis an ráthaíocht dá dtagraítear i bpointe (d).

5. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm maidir le foirmiú cuideachta nua trí bhíthin cumaisc nó deighilte i gcás ina ndéanann saineolaí neamhspleách amháin nó níos mó tuarascáil maidir le dréacht-téarmaí an chumaisc nó na deighilte a tharraingt suas.

I gcás ina gcinnfidh na Ballstáit an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm sna cásanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh siad a fhoráil go bhféadfaidh an saineolaí céanna nó na saineolaithe céanna an tuarascáil a tharraingítear suas faoi mhír 1 den Airteagal seo agus an tuarascáil ó shaineolaí neamhspleách amháin nó níos mó maidir le dréacht-théarmaí an chumaisc nó na deighilte a tharraingt suas.

*Airteagal 50*

*Maolú ón gceanglas maidir le tuarascáil ó shaineolaithe*

1. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan Airteagal 49(1), (2) agus (3) a chur i bhfeidhm i gcás, de bhua cinneadh ón gcomhlacht riaracháin nó bainistíochta go ranníoctar mar chomaoin seachas in airgead tirim urrúis inaistrithe mar a shainmhínítear i bpointe 44 d'Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] nó ionstraimí margaidh airgid mar a shainmhínítear i bpointe 17 d'Airteagal 4(1) den Treoir sin, agus i gcás ina ndéantar na hurrúis sin nó na hionstraimí margaidh airgid sin a luacháil ag meánphraghas ualaithe an phraghas ar a raibh siad á dtrádáil ar cheann amháin nó níos mó de na margaí rialáilte, mar a shainmhínítear i bpointe 21 d'Airteagal 4(1) den Treoir sin, le linn tréimhse leordhóthanach, a bheidh le cinneadh leis an dlí náisiúnta, roimh dháta éifeachtach a mbaineann ranníocaíocht na comaoine seachas in airgead tirim leis.

   I gcás, áfach, go raibh tionchar ag cúinsí eisceachtúla ar an bpraghas sin lena ndéanfaí athrú suntasach ar luach na sócmhainne ar dháta éifeachtach a ranníocaíochta, lena n-áirítear i staideanna ina bhfuil an margadh le haghaidh urrúis inaistrithe nó ionstraimí margaidh airgid den sórt sin tar éis éirí neamhleachtach, déanfar an tionscnamh a athluacháil faoi fhreagracht an chomhlachta bainistíochta nó riaracháin.

   Chun críocha athluacháil den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagal 49(1), (2) agus (3).

---

[1] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

2. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan Airteagal 49(1), (2) agus (3) a chur i bhfeidhm i gcás, de bhua cinneadh ón gcomhlacht bainistíochta nó riaracháin, go ranníoctar sócmhainní seachas na hurrúis inaistrithe agus na hionstraimí margaidh airgid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, mar chomaoin seachas in airgead tirim a bhí faoi réir tuairim maidir le luach cóir cheana a thug saineolaí neamhspleách aitheanta agus i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) cinntear an luach cóir le haghaidh dáta nach luaithe na sé mhí roimh dháta éifeachtach ranníocaíocht na sócmhainne; agus

(b) rinneadh an luacháil i gcomhréir le caighdeáin agus prionsabail luachála a nglactar leo i gcoitinne sa Bhallstát arb infheidhme iad maidir le cineál na sócmhainní a bheidh le ranníoc.

I gcás imthosca cáilitheacha nua a mbeadh athrú suntasach ar luach cóir na sócmhainne ar dháta éifeachtach a ranníocaíochta mar thoradh orthu, déanfar athluacháil ar thionscnamh agus faoi fhreagracht an chomhlachta riaracháin nó bainistíochta.

Chun críocha na hathluachála dá dtagraítear sa dara fomhír , beidh feidhm ag Airteagal 49(1), (2) agus (3).

In éagmais na hathluachála sin, féadfaidh scairshealbhóir amháin nó níos mó ag a bhfuil céatadán comhiomlán de 5 % ar a laghad de chaipiteal suibscríofa na cuideachta ar an dáta a ghlactar an cinneadh maidir leis an caipiteal a mhéadú, féadfaidh sé nó siad a éileamh go ndéanfaidh saineolaí neamhspleách luacháil, agus sa chás sin beidh feidhm ag Airteagal 49(1), (2) agus (3).

Féadfaidh an scairshealbhóir nó na scairshealbhóirí sin éileamh a chur isteach suas go dtí dáta éifeachtach ranníocaíocht na sócmhainne, ar choinníoll go bhfuil fós ag an scairshealbhóir nó ag na scairshealbhóirí i gceist, ar dháta an éilimh, céatadán comhiomlán de 5 % ar a laghad de chaipiteal suibscríofa na cuideachta, mar a bhí sé ar an dáta a glacadh an cinneadh maidir leis an gcaipiteal a mhéadú.

3. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan Airteagal 49(1), (2) agus (3) a chur i bhfeidhm i gcás, de bhua cinneadh ón gcomhlacht riaracháin nó bainistíochta, go ranníoctar sócmhainní seachas na hurrúis inaistrithe agus na hionstraimí margaidh airgid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo mar chomaoin seachas in airgead tirim ar eascair a luach cóir as luach sócmhainne aonair ó chuntais reachtúla na bliana airgeadais roimhe sin ar choinníoll go raibh na cuntais reachtúla faoi réir iniúchadh i gcomhréir le Treoir 2006/43/CE.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an dara fomhír go dtí an cúigiú fomhír de mhír 2 den Airteagal seo.

*Airteagal 51*

*Comaoin seachas in airgead tirim gan tuarascáil ó shaineolaithe*

1. Nuair is ann do chomaoin seachas in airgead tirim dá dtagraítear in Airteagal 50 gan tuarascáil ó shaineolaithe amhail dá dtagraítear in Airteagal 49(1), (2) agus (3), de bhreis ar na ceanglais a leagtar amach i bpointe (h) d'Airteagal 4 agus laistigh d'aon mhí amháin ó dháta éifeachtach ranníocaíocht na sócmhainne, foilseofar dearbhú ina sonrófar an méid seo a leanas:

   (a) tuairisc ar an gcomaoin seachas in airgead tirim atá i gceist;

   (b) a luach, foinse na luachála sin agus, i gcás inarb iomchuí, modh na luachála;

   (c) ráiteas i dtaobh an bhfuil an luach a gheofar comhréireach ar a laghad leis an líon, leis an luach ainmniúil nó, i gcás nach ann do luach ainmniúil, leis an bparluach cuntasach agus, i gcás inarb iomchuí, leis an bpréimh ó na scaireanna a bheidh le heisiúint maidir leis an gcomaoin sin; agus

   (d) ráiteas lena gcuirtear in iúl nár tháinig aon imthosca cáilitheacha nua chun cinn maidir leis an luacháil bhunaidh.

   Déanfar foilsiú an dearbhaithe ar an mbealach a leagtar síos le dlíthe gach Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 16.

2. Nuair a bheartaítear comaoin seachas in airgead tirim a sholáthar gan tuarascáil ó shaineolaithe, amhail dá dtagraítear in Airteagal 49(1), (2) agus (3), maidir le méadú a bheartaítear a dhéanamh ar an gcaipiteal faoi Airteagal 68(2), foilseofar fógra ina mbeidh an dáta a glacadh an cinneadh maidir leis an méadú agus an fhaisnéis a liostaítear i mír 1 den Airteagal seo, ar an mbealach a leagtar síos le dlíthe gach Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 16, sula mbeidh éifeacht le bheith le ranníocaíocht na sócmhainne mar chomaoin seachas in airgead tirim. Sa chás sin, déanfar an dearbhú de bhun mhír 1 den Airteagal seo a theorannú don ráiteas lena gcuirfear in iúl nár tháinig aon imthosca cáilitheacha nua chun cinn ó foilsíodh an fógra réamhluaite.

3. Déanfaidh gach Ballstát foráil do choimircí leordhóthanacha lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 50 agus san Airteagal seo i gcás ina soláthraítear ranníocaíocht le haghaidh comaoin seachas in airgead tirim gan tuarascáil ó shaineolaithe amhail dá dtagraítear in Airteagal 49(1), (2) agus (3).

*Airteagal 52*

*Éadálacha suntasacha i ndiaidh corprú nó údarú dul i mbun gnó i gcéaduair*

1. Má fhaigheann an chuideachta, roimh dhul in éag do theorainn ama a leagtar síos leis an dlí náisiúnta ar de dhá bhliain ar a laghad ón tráth a corpraíodh an chuideachta nó dár údaraíodh dul i mbun gnó i gcéaduair í, aon sócmhainn ar chomaoin nach lú ná aon deichiú den chaipiteal suibscríofa, ar le duine nó le cuideachta nó le gnólacht dá dtagraítear i bpointe (i) d'Airteagal 4 í, déanfar an éadáil a scrúdú agus foilseofar sonraí fúithi ar an mbealach dá bhforáiltear in Airteagal 49(1), (2) agus (3), agus cuirfear faoi bhráid cruinniú ginearálta í le go ndeanfar í a fhormheas ansin.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 50 agus ag Airteagal 51.

Féadfaidh na Ballstáit a cheangal freisin go gcuirfear na forálacha sin i bhfeidhm nuair is le scairshealbhóir nó le duine ar bith eile na sócmhainní.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le héadálacha a chuirtear i gcrích i ngnáthchúrsa ghnó na cuideachta, maidir le héadálacha a chuirtear i gcrích ar thionscnamh údarás riaracháin nó breithiúnach nó faoina mhaoirseacht, nó maidir le héadálacha stocmhalartáin.

*Airteagal 53*

*An oibleagáid atá ar scairshealbhóirí ranníocaíochtaí a íoc*

Faoi réir na bhforálacha a bhaineann le caipiteal suibscríofa a laghdú, ní fhéadfar na scairshealbhóirí a scaoileadh ón oibleagáid a gcuid ranníocaíochtaí a íoc.

*Airteagal 54*

*Coimircí i gcás comhshó*

Go dtí go ndéanfar comhordú ar dhlíthe náisiúnta ar dháta ina dhiaidh sin, glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun go gceanglófar go ndéanfar foráil do cheanglais i dtaca leis na coimircí céanna, ar a laghad, agus na cinn a leagtar síos in Airteagal 3 go hAirteagal 6 agus in Airteagal 45 go hAirteagal 53 i gcás comhshó cineál eile cuideachta ina cuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta.

*Airteagal 55*

*Modhnú a dhéanamh ar na reachtanna nó ar an ionstraim chorpraithe*

Is gan dochar d'fhorálacha na mBallstát maidir le hinniúlacht agus le nós imeachta a bhaineann le modhnú a dhéanamh ar na reachtanna nó ar an ionstraim chorpraithe Airteagal 3 go hAirteagal 6 agus Airteagal 45 go hAirteagal 54.

## ROINN 3

## RIALACHA MAIDIR LE DÁILEADH

*Airteagal 56*

*Rialacha ginearálta maidir le dáileadh*

1. Ach amháin i gcásanna ina laghdaítear caipiteal suibscríofa, ní féidir aon dáileadh a dhéanamh ar na scairshealbhóirí i gcás inar lú, ar dháta dhúnadh na bliana airgeadais deiridh, na glansócmhainní mar a leagadh amach i gcuntais bhliantúla na cuideachta iad, ná suim an chaipitil shuibscríofa móide na cúlchistí sin nach féidir a dháileadh faoin dlí nó faoi reachtanna na cuideachta, nó i gcás inar lú ná an tsuim sin a bheadh na sócmhainní mar gheall ar dháileadh den sórt sin.

2. I gcás nach n-áirítear sna sócmhainní a thaispeántar sa chlár comhordaithe an chuid neamhghlaoite den chaipiteal suibscríofa, dealófar an tsuim sin ó shuim an chaipitil shuibscríofa dá dtagraítear i mír 1.

3. Ní féidir suim a dháiltear ar scairshealbhóirí a bheith níos airde ná suim na mbrabús ag deireadh na bliana airgeadais deiridh móide aon bhrabúis a tugadh ar aghaidh agus suimeanna a baineadh ó na cúlchistí atá ar fáil chun na críche sin, lúide aon chaillteanais a tugadh ar aghaidh agus suimeanna a cuireadh i gcúlchiste i gcomhréir leis an dlí nó leis na reachtanna.

4. Áirítear, go háirithe, sa téarma "dáileadh" a úsáidtear i mír 1 agus i mír 3 díbhinní agus ús a íoc a bhaineann le scaireanna.

5. Nuair a cheadaítear le dlíthe Ballstáit díbhinní eatramhacha a íoc, beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas ar a laghad:

(a) tarraingeofar suas cuntais eatramhacha ina dtaispeántar gur leordhóthanach na cistí atá ar fáil le haghaidh dáilte;

(b) ní fhéadfaidh an tsuim a bheidh le dáileadh a bheith níos airde ná na brabúis uile a rinneadh ó dheireadh na bliana airgeadais deiridh ar tarraingíodh na cuntais bhliantúla suas ina leith, móide aon bhrabúis a tugadh ar aghaidh agus suimeanna a tarraingíodh ó chúlchistí atá ar fáil chun na críche sin, lúide caillteanais a tugadh ar aghaidh agus suimeanna a bheidh le cur i gcúlchiste de bhun cheanglais an dlí nó na reachtanna.

6. Ní dhéanfaidh mír 1 go mír 5 difear d'fhorálacha na mBallstát ó thaobh méaduithe a rinneadh i gcaipiteal suibscríofa trí chúlchistí a chaipitliú.

7. Féadfar a fhoráil, le dlíthe Ballstáit do mhaolú ó mhír 1 i gcás cuideachtaí infheistíochta a bhfuil caipiteal seasta acu.

Chun críocha na míre seo, ciallaíonn an téarma “cuideachta infheistíochta a bhfuil caipiteal seasta aici” na cuideachtaí seo a leanas amháin:

(a) cuideachtaí a bhfuil sé mar chuspóir eisiach acu a gcuid cistí a infheistiú i stoic agus i scaireanna éagsúla, i dtalamh nó i sócmhainní eile agus é d'aidhm aonair leis sin rioscaí infheistíochta a leathadh agus tairbhe na dtorthaí ar bhainistiú a gcuid sócmhainní a thabhairt dá scairshealbhóirí; agus

(b) cuideachtaí a thairgeann a gcuid scaireanna dílse le gur féidir leis an bpobal suibscríobh ina leith.

A mhéid a bhainfear leas, i ndlíthe na mBallstát, as an rogha:

(a) ceanglófar ar na cuideachtaí sin go n-áireofar an leagan cuí gramadaí den téarma 'cuideachta infheistíochta' sna doiciméid uile dá dtagraítear in Airteagal 26;

(b) ní ligfear d'aon chuideachta den sórt sin a dtiteann a glansócmhainní faoi bhun na suime a shonraítear i mír 1 dáileadh a dhéanamh ar na scairshealbhóirí sa chás, ar dháta deiridh na bliana airgeadais deiridh go bhfuil sócmhainní iomlána na cuideachta, mar a leagadh amach sna cuntais bhliantúla iad, níos lú ná oiread go leith shuim dócmhainní iomlán na cuideachta i leith na gcreidiúnaithe, nó gur mar sin a bheadh dá ndéanfaí an dáileadh sin; agus

(c) éileofar ar aon chuideachta den sórt sin a dhéanann dáileadh, nuair a thiteann a glansócmhainní faoi bhun na suime dá dtagraítear i mír 1, nóta chuige sin a áireamh ina cuntais bhliantúla.

*Airteagal 57*

*Dáileacháin a rinneadh go neamhdhleathach a aisghabháil*

Aon dáileadh a dhéantar atá contrártha le hAirteagal 56 tabharfaidh scairshealbhóirí a fuair é ar ais é má chruthaíonn an chuideachta go raibh na scairshealbhóirí sin ar an eolas faoi mhírialtacht an dáilte a rinneadh orthu, nó nárbh fhéidir leo, i bhfianaise na n-imthosca, a bheith ar an eolas faoi.

*Airteagal 58*

*Cuid thromchúiseach den chaipiteal suibscríofa a chailleadh*

1. I gcás ina gcailltear cuid thromchúiseach den chaipiteal suibscríofa, gairfear cruinniú ginearálta de na scairshealbhóirí laistigh den tréimhse ama a leagtar síos le dlíthe na mBallstát, chun a mheas arbh fhearr an chuideachta a fhoirceannadh nó aon bhearta eile a dhéanamh.

2. Ní dhéanfar méid caillteanais a mheastar a bheith tromchúiseach de réir bhrí mhír 1 a leagan síos le dlíthe na mBallstát ag suim níos airde ná leath an chaipitil shuibscríofa.

## ROINN 4

## RIALACHA MAIDIR LENA SCAIREANNA DÍLSE A BHEITH Á bhFÁIL AG CUIDEACHTAÍ

*Airteagal 59*

*Suibscríbhinn ar bith i gcás a scaireanna dílse*

1. Ní fhéadfaidh cuideachta scaireanna a cuideachta féin a shuibscríobh.

2. Má rinne duine a bhí ag gníomhú ina ainm nó ina hainm féin scaireanna cuideachta a shuibscríobh, ach thar ceann na cuideachta, measfar gur ar mhaithe lena chuntas féin nó lena cuntas féin a rinne sé nó sí iad a shuibscríobh.

3. Beidh dliteanas ar na daoine nó ar na cuideachtaí dá dtagraítear i bpointe (i) d'Airteagal 4, nó i gcásanna inar méadaíodh an caipiteal suibscríofa, ar chomhaltaí an chomhlachta riaracháin nó bainistíochta íoc as na scaireanna a suibscríobhadh a raibh sárú an Airteagail seo i gceist leis sin.

Féadfar a fhoráil, áfach, le dlíthe Ballstáit, go bhféadfar aon duine den sórt sin a scaoileadh óna oibleagáid nó óna hoibleagáid má chruthaíonn sé nó sí nach mbaineann aon locht dó nó di go pearsanta.

*Airteagal 60*

*Scaireanna dílse a fháil*

1. Gan dochar do phrionsabal na córa comhionainne maidir leis na scairshealbhóirí uile a bhfuil an seasamh céanna acu, agus gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, féadfaidh na Ballstáit a cheadú do chuideachta a scaireanna dílse a fháil, tríthi féin nó trí dhuine atá ag ghníomhú ina ainm féin ach ar son na cuideachta. A mhéid a cheadaítear na héadálacha, cuirfidh na Ballstáit faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas iad:

(a) tugtar údarú ag an gcruinniú ginearálta, ar a gcinnfear téarmaí agus coinníollacha éadálacha den sórt sin, agus, go háirithe, líon uasta na scaireanna a bheidh le fáil, fad na tréimhse a dtabharfar an t-údarú ina leith, a gcinnfear a fad uasta leis an dlí náisiúnta nach mbeidh níos faide ná cúig bliana áfach, agus, i gcás éadálacha ar mhaithe le luach, an chomaoin uasta agus an chomaoin íosta. Beidh comhaltaí an chomhlachta riaracháin nó bainistíochta sásta go ndéantar na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) a urramú tráth a dhéantar gach éadáil údaraithe;

(b) ní féidir leis na héadálacha, lena n-áirítear na héadálacha a fuair an chuideachta roimhe sin agus atá ina seilbh aici, ná le scaireanna a fuair duine ina ainm nó ina hainm féin ach thar ceann na cuideachta, na glansócmhainní a laghdú faoi bhun an mhéid dá dtagraítear in Airteagal 56(1) agus (2); agus

(c) ní féidir a áireamh san idirbheart ach scaireanna lánínoctha.

Thairis sin, féadfaidh na Ballstáit éadálacha de réir bhrí na chéad fhomhíre a chur faoi réir aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) ní théann an luach ainmniúil nó, murab ann dó, parluach cuntasach na scaireanna a fuarthas, lena n-áirítear na scaireanna a fuair an chuideachta roimhe seo agus a choinnigh iad, agus scaireanna a fuair duine ag gníomhú ina ainm nó ina hainm féin ach thar ceann na cuideachta, thar teorainn a chinnfidh na Ballstáit; ní fhéadfaidh an teorainn sin bheith níos ísle ná 10 % den chaipiteal suibscríofa;

(b) tá cumhacht na cuideachta chun a scaireanna dílse a fháil de réir bhrí na chéad fhomhíre, an t-uaslíon scaireanna atá le fáil, fad na tréimhse dá dtabharfar an chumhacht agus an chomaoin uasta nó an chomaoin íosta leagtha síos i reachtanna na cuideachta nó in ionstraim corpraithe na cuideachta;

(c) comhlíonann an chuideachta ceanglais iomchuí tuairiscithe agus fógra;

(d) is féidir a chur de cheangal ar chuideachtaí áirithe, mar a chinnfidh na Ballstáit, na scaireanna a fuarthas a chur ar ceal ar an gcoinníoll go ndéantar méid comhionann le luach ainmniúil na scaireanna a cuireadh ar ceal a áireamh i gcúlchiste nach féidir a scaipeadh ar na scairshealbhóirí, seachas i gcás laghdú sa chaipiteal suibscríofa; ní fhéadfar an cúlchiste sin a úsáid ach amháin chun críocha an caipiteal suibscríofa a mhéadú trí chaipitliú cúlchistí;

(e) ní dhéanann an éadáil dochar do shásamh éileamh na gcreidiúnaithe.

2. Féadfar, le dlíthe Ballstáit, foráil a dhéanamh do mhaoluithe ón gcéad abairt de phointe (a) den chéad fhomhír de mhír 1 i gcás inar gá éadáil scaireanna dílse cuideachta chun dochar tromchúiseach atá ar tí tarlú don chuideachta a chosc. I gcás mar sin, cuirfidh an comhlacht riaracháin nó bainistíochta an chéad chruinniú ginearálta eile ar an eolas faoi na cúiseanna leis na héadálacha agus a gcineál, faoi líon agus luach ainmniúil nó, in éagmais luach ainmniúil, parluach cuntasach na scaireanna a fuarthas, faoi chomhréir an chaipitil shuibscríofa a léiríonn siad agus faoin gcomaoin do na scaireanna sin.

3. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh gan an chéad abairt de phointe (a) den chéad fhomhír de mhír 1 a chur i bhfeidhm maidir le scaireanna a fuair an chuideachta féin nó duine ag gníomhú ina ainm nó ina hainm féin ach thar ceann na cuideachta, lena scaipeadh ar fhostaithe na cuideachta sin nó ar fhostaithe cuideachta comhlachais. Scaipfear na scaireanna sin laistigh de 12 mhí ó fuarthas iad.

*Airteagal 61*

*Maolú ó rialacha maidir le héadáil scaireanna dílse*

1. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan Airteagal 60 a chur i bhfeidhm maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) scaireanna a fuarthas agus cinneadh chun caipiteal a laghdú á chur i gcrích nó sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 82;

(b) scaireanna a fuarthas mar thoradh ar aistriú uilíoch sócmhainní;

(c) scaireanna íoctha go hiomlán a fuarthas saor in aisce nó a fuair bainc agus institiúidí airgeadais eile mar choimisiún ceannaigh;

(d) scaireanna a fuarthas de bhun oibleagáid dhlíthiúil nó mar thoradh ar rialú ón gcúirt le haghaidh scairshealbhóirí mionlaigh, i gcás, go háirithe, cumaisc, athrú i gcuspóir nó i bhfoirm na cuideachta, aistriú thar lear na hoifige cláraithe nó tabhairt isteach srianta ar aistriú scaireanna;

(e) scaireanna a fuarthas ó scairshealbhóir i gcás mainneachtain iad a íoc;

(f) scaireanna a fuarthas d'fhonn scairshealbhóirí mionlaigh i gcuideachtaí comhlachaithe a shlánú;

(g) scaireanna íoctha go hiomlán a fuarthas faoi dhíol a forfheidhmíodh le hordú cúirte le haghaidh íocaíocht fiachais a dhlítear don chuideachta ó úinéir na scaireanna; agus

(h) scaireanna íoctha go hiomlán a d'eisigh cuideachta infheistíochta le caipiteal seasta, mar a shainmhínítear sa dara fomhír d'Airteagal 56(7), agus a fuair an chuideachta sin nó cuideachta chomhlachaithe arna iarraidh sin don infheisteoir. Beidh feidhm ag pointe (a) den tríú fomhír d'Airteagal 56(7). Féadfaidh nach mbeidh sé d'éifeacht ag éadálacha den sórt sin na glansócmhainní a laghdú, ar glansócmhainní iad atá faoi bhun mhéid an chaipitil shuibscríofa móide aon chúlchistí a thoirmisctear a scaipeadh leis an dlí.

2. Déanfar scaireanna a fuarthas sna cásanna a liostaítear i pointe (b) go pointe (g) de mhír 1 a dhiúscairt, áfach, laistigh de thréimhse nach mó ná trí bliana ó fuarthas iad seachas mura sáraíonn luach ainmniúil nó in éagmais luach ainmniúil, parluach cuntasach na scaireanna a fuarthas, lena n-áirítear scaireanna a d'fhéadfadh an chuideachta a fháil trí dhuine ag gníomhú ina ainm féin ach thar ceann na cuideachta, 10 % den chaipiteal suibscríofa.

3. Mura ndéantar na scaireanna a dhiúscairt laistigh den tréimhse a leagtar síos i mír 2, cuirfear ar ceal iad. Féadfaidh dlíthe Ballstáit an cealú sin a dhéanamh faoi réir laghdú comhfhreagrach sa chaipiteal suibscríofa. Forordófar an laghdú sin i gcás ina dtitfidh na glansócmhainní faoi bhun an mhéid a shonraítear in Airteagal 56(1) agus (2) mar thoradh ar éadáil scaireanna atá le cealú.

*Airteagal 62*

*Na hiarmhairtí ar éadáil neamhdhleathach scaireanna dílse*

Déanfar scaireanna arna bhfáil de shárú ar Airteagal 60 agus ar Airteagal 61 a dhiúscairt laistigh de bhliain amháin óna fuarthas iad. Mura ndéantar iad a dhiúscairt laistigh den tréimhse sin, beidh feidhm ag Airteagal 61(3).

*Airteagal 63*

*Sealbhú scaireanna dílse agus tuarascáil bhliantúil i gcás éadáil scaireanna dílse*

1. I gcás ina gceadaítear cuideachta le dlíthe Ballstáit a scaireanna dílse a fháil, má fhaigheann sí féin iad nó má fhaightear trí dhuine ag gníomhú ina ainm nó ina hainm féin ach thar ceann na cuideachta iad, déanfaidh siad sealbhú na scaireanna sin i gcónaí faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas ar a laghad:

   (a) i measc na gceart a bhaineann leis na scaireanna, ní mór an ceart vótála a bhaineann le scaireanna dílse na cuideachta a chur ar fionraí ar aon chaoi;

   (b) má áirítear na scaireanna sna sócmhainní a léirítear ar an gclár comhardaithe, áireofar cúltaca den mhéid céanna nach mbeidh ar fáil lena scaipeadh i measc na ndliteanas.

2. I gcás ina gceadaítear cuideachta le dlíthe Ballstáit a scaireanna dílse a fháil, má fhaigheann sí féin iad nó má fhaightear trí dhuine ag gníomhú ina ainm nó ina hainm féin ach thar ceann na cuideachta iad, ceanglófar leo go gcuirfear an méid seo a leanas ar a laghad in iúl sa tuarascáil bhliantúil:

   (a) na cúiseanna leis na héadálacha a rinneadh le linn na bliana airgeadais;

   (b) líon na scaireanna nó a luach ainmniúil, nó in éagmais luach ainmniúil, parluach cuntasach na scaireanna a fuarthas agus a rinneadh a dhiúscairt le linn na bliana airgeadais agus an cion den chaipiteal suibscríofa dá seasann siad;

(c) i gcás éadáil nó diúscairt le haghaidh luacha, an chomaoin le haghaidh na scaireanna;

(d) líon na scaireanna nó a luach ainmniúil, nó in éagmais luach ainmniúil, parluach cuntasach na scaireanna go léir a fuarthas agus a bhí i seilbh na cuideachta agus an cion den chaipiteal suibscríofa dá seasann siad.

*Airteagal 64*

*Cúnamh airgeadais ag cuideachta le haghaidh éadáil a scaireanna ag tríú páirtí*

1. I gcás ina gceadaíonn na Ballstáit do chuideachta, go díreach nó go hindíreach, cistí a thabhairt ar airleacan nó iasachtaí a dhéanamh nó urrús a sholáthar, d'fhonn go bhfaighidh tríú páirtí a scaireanna, déanfaidh siad na hidirbhearta sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 2 go mír 5.

2. Tarlóidh na hidirbhearta faoi fhreagracht an chomhlachta riaracháin nó an chomhlachta bainistíochta faoi dhálaí margaidh córa, go háirithe maidir le hús a fuair an chuideachta agus i ndáil le hurrús a cuireadh ar fáil don chuideachta do na hiasachtaí agus na hairleacain dá dtagraítear i mír 1.

Déanfar acmhainneacht creidmheasa an tríú páirtí nó, i gcás idirbhearta ilpháirtí, gach contrapháirtí iontu a imscrúdú go cuí.

3. Tíolacfaidh an comhlacht riaracháin nó bainistíochta na hidirbhearta chuig an gcruinniú ginearálta le haghaidh a réamhfhormheasta, nuair a ghníomhóidh an cruinniú ginearálta i gcomhréir leis na rialacha le haghaidh córaim agus tromlaigh a leagtar síos in Airteagal 83.

Cuirfidh an comhlacht riaracháin nó bainistíochta tuarascáil i scríbhinn faoi bhráid an chruinnithe ghinearálta, lena léireofar na nithe seo a leanas:

(a) na cúiseanna leis an idirbheart;

(b) leas na cuideachta a bheith páirteach san idirbheart sin;

(c) na coinníollacha lena bhfuiltear páirteach san idirbheart;

(d) na rioscaí a bhaineann leis an idirbheart le haghaidh leachtacht agus sócmhainneacht na cuideachta; agus

(e) an praghas ag a bhfuil an tríú páirtí chun a scaireanna a fháil.

Déanfar an tuarascáil sin a thíolacadh don chlár lena foilsiú i gcomhréir le hAirteagal 16.

4. Ní bheidh laghdú na nglansócmhainní faoi bhun an mhéid a shonraítear in Airteagal 56(1) agus (2) ag aon am mar thoradh ar an gcúnamh airgeadais comhiomlán a thabharfar do thríú páirtithe agus aon laghdú ar na glansócmhainní a d'fhéadfadh tarlú trí éadáil a scaireanna dílse ag an gcuideachta nó thar ceann na cuideachta i gcomhréir le hAirteagal 60(1) á chur san áireamh.

Déanfaidh an chuideachta a áireamh i measc na ndliteanas sa chlár comhardaithe, cúlchiste de mhéid an chúnaimh airgeadais chomhiomláin nach mbeidh ar fáil lena scaipeadh.

5. I gcás ina ndéanann tríú páirtí, trí mheán cúnamh airgeadais ó chuideachta, scaireanna dílse na cuideachta sin a fháil de réir bhrí Airteagal 60(1) nó i gcás ina suibscríobhann sé do scaireanna a eisítear agus méadú ag teacht ar an gcaipiteal suibscríofa, déanfar iad a fháil nó a shuibscríobh ar phraghas cóir.

6. Ní bheidh feidhm ag mír 1 go mír 5 maidir le hidirbhearta arna gcur i gcrích ag bainc agus ag institiúidí airgeadais eile i ngnáthchúrsa an ghnó, ná le hidirbhearta arna ndéanamh d'fhonn go bhfaighidh fostaithe na cuideachta nó fostaithe cuideachta comhlachaithe na scaireanna nó d'fhonn go bhfaighfear iad dóibh.

Mar sin féin, féadfar nach mbeidh an éifeacht ag na hidirbhearta sin na glansócmhainní a laghdú faoi bhun an mhéid a shonraítear in Airteagal 56(1).

7. Ní bheidh feidhm ag mír 1 go mír 5 maidir le hidirbhearta a dhéanfar d'fhonn scaireanna a fháil mar a ndéantar cur síos air in Airteagal 61(1)(h).

*Airteagal 65*

*Coimircí breise i gcás idirbhearta gaolmhara páirtí*

I gcásanna ina bhfuil comhaltaí aonair chomhlacht riaracháin nó bainistíochta na cuideachta atá ina bpáirtí san idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 64(1) den Treoir seo, nó comhlacht riaracháin nó bainistíochta máthairghnóthais de réir bhrí Airteagal 22 de Threoir 2013/34/AE nó an máthairghnóthas féin, nó daoine aonair ag gníomhú ina n-ainm féin, ach thar ceann chomhaltaí na gcomhlachtaí sin nó thar ceann an ghnóthais sin, contrapháirtithe san idirbheart sin, áiritheoidh na Ballstáit trí choimircí leordhóthanacha nach mbeidh an t-idirbheart sin i gcoinbhleacht le leasanna na cuideachta.

*Airteagal 66*

*Glacadh le scaireanna dílse na cuideachta mar urrús*

1. Measfar gur éadáil é má ghlacann an chuideachta féin le scaireanna dílse na cuideachta mar urrús, nó má ghlacann sí leo trí dhuine ag gníomhú ina ainm féin ach thar ceann na cuideachta, chun críocha Airteagal 60, in Airteagal 61(1), in Airteagal 63 agus in Airteagal 64.

2. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan mír 1 a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta a thugann bainc agus institiúidí airgeadais i gcrích i ngnáthchúrsa an ghnó.

*Airteagal 67*

*Suibscríobh, fáil nó sealbhú scaireanna ag cuideachta ina bhfuil tromlach na gceart vótála ag an gcuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta nó ar féidir léi tionchar ceannasach a fheidhmiú ar an gcuideachta*

1. Maidir le suibscríobh, fáil nó sealbhú scaireanna i gcuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta ag cuideachta eile de chineál a liostaítear in Iarscríbhinn II ina bhfuil tromlach na gceart vótála ag an gcuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta go díreach nó go hindíreach nó ar ar féidir léi tionchar ceannasach a fheidhmiú go díreach nó go hindíreach, measfar gurb í an chuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta féin a dhéanfaidh é sin.

   Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír freisin nuair a rialaítear an chuideachta eile le dlí tríú tír agus nuair atá foirm dlíthiúil aici atá inchomparáide leis na cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn II.

Mar sin féin, má tá tromlach na gceart vótála go hindíreach ag an gcuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta nó más féidir léi tionchar ceannasach a fheidhmiú go hindíreach, ní gá do na Ballstáit an chéad fhomhír agus an dara fomhír a chur i bhfeidhm má dhéanann siad foráil d'fhionraí na gceart vótála a bhaineann leis na scaireanna sa chuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta a shealbhaíonn an chuideachta eile.

2. In éagmais comhordú reachtaíochta náisiúnta ar ghrúpaí de chuideachtaí, féadfaidh na Ballstáit na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) na cásanna a shainiú ina measfar gur féidir le cuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta tionchar ceannasach a fheidhmiú ar chuideachta eile; má fheidhmíonn an Ballstát an rogha sin, forálfar ina dhlí náisiúnta gur féidir tionchar ceannasach a fheidhmiú i gcás cuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta:

(i) a bhfuil sé de cheart aici tromlach chomhaltaí an orgáin riaracháin, an orgáin bainistíochta nó an orgáin maoirseachta a cheapadh nó a bhriseadh as a bpost agus atá ina scairshealbhóir nó ina comhalta den chuideachta eile ag an am céanna, nó

(ii) atá ina scairshealbhóir nó ina comhalta den chuideachta eile agus a bhfuil urlámhas aonair aici ar thromlach chearta vótála a scairshealbhóirí nó a comhaltaí faoi chomhaontú arna thabhairt i gcrích le scairshealbhóirí nó le comhaltaí na cuideachta sin.

Ní bheidh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit foráil a dhéanamh d'aon chásanna seachas iad siúd dá dtagraítear i bpointe (i) agus i bpointe (ii) den chéad fhomhír;

(b) na cásanna a shainiú ina measfar go bhfuil cearta vótála ag cuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta go hindíreach nó gur féidir léi tionchar ceannasach a fheidhmiú go hindíreach;

(c) na himthosca a shonrú ina measfar go bhfuil cearta vótála ag cuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta.

3. Ní gá do na Ballstáit an chéad fhomhír agus an dara fomhír de mhír 1 a chur i bhfeidhm nuair a dhéantar an suibscríobh, an éadáil nó an sealbhú thar ceann duine seachas an duine atá ag suibscríobh, ag fáil nó ag sealbhú na scaireanna, nach í an chuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta dá dtagraítear i mír 1 ná cuideachta eile ina bhfuil tromlach na gceart vótála go díreach nó go hindíreach ag an gcuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta nó ar ar féidir léi tionchar ceannasach a fheidhmiú go díreach nó go hindíreach.

4. Ní gá do na Ballstáit an chéad fhomhír agus an dara fomhír de mhír 1 a chur i bhfeidhm nuair a dhéanann an chuideachta eile an suibscríobh, an éadáil nó an sealbhú ina cáil agus i gcomhthéacs a cuid gníomhaíochtaí mar dhéileálaí gairmiúil urrús, ar an gcoinníoll gur comhalta é de stocmhalartán atá lonnaithe nó atá ag oibriú laistigh de Bhallstát, nó atá formheasta nó maoirsithe ag údarás Ballstáit atá inniúil maoirsiú a dhéanamh ar dhéileálaithe gairmiúla urrús, lenar féidir, de réir bhrí na Treorach seo, institiúidí creidmheasa a áireamh.

5. Ní gá do na Ballstáit an chéad fhomhír ná an dara fomhír de mhír 1 a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfuarthas scaireanna i gcuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta a shealbhaíonn cuideachta eile roimh don ghaol idir an dá chuideachta a bheith ar aon dul leis na critéir a leagtar síos i mír 1.

Mar sin féin, cuirfear na cearta vótála a bhaineann leis na scaireanna sin ar fionraí agus cuirfear na scaireanna san áireamh nuair a chinnfear an gcomhlíontar an coinníoll a leagtar síos in Airteagal 60(1)(b).

6. Ní gá do na Ballstáit Airteagal 61(2) nó (3) ná Airteagal 62 a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfaigheann cuideachta eile scaireanna i gcuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta ar an gcoinníoll go ndéanann siad foráil do na nithe seo a leanas:

(a) fionraí na gceart vótála a bhaineann leis na scaireanna sa chuideachta phoiblí faoi dhliteanas theoranta a shealbhaíonn an chuideachta eile; agus

(b) go mbeidh sé d'oibleagáid ar chomhaltaí orgán riaracháin nó bainistíochta na cuideachta poiblí faoi dhliteanas teoranta na scaireanna dá dtagraítear in Airteagal 61(2) agus (3) agus in Airteagal 62 a cheannach ar ais ón gcuideachta eile ar an bpraghas ar a bhfuair an chuideachta eile iad; ní bheidh an smachtbhanna sin infheidhme ach amháin má chruthaíonn comhaltaí orgán riaracháin nó bainistíochta na cuideachta poiblí faoi dhliteanas teoranta nach raibh ról ar bith ag an gcuideachta sin i suibscríobh ná in éadáil na scaireanna atá i gceist.

## ROINN 5

## RIALACHA LE HAGHAIDH MÉADÚ AGUS LAGHDÚ CAIPITIL

*Airteagal 68*

*Cinneadh ón gcruinniú ginearálta maidir le méadú caipitil*

1. Cinnfear aon mhéadú i gcaipiteal ag an gcruinniú ginearálta. Foilseofar an cinneadh sin agus an méadú ar chaipiteal suibscríofa ar an mbealach a leagtar síos le dlíthe gach Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 16.

2. Mar sin féin, féadfar leis na reachtanna nó leis an ionstraim chorpraithe nó féadfaidh an cruinniú ginearálta, a fhoilseofar an cinneadh uaidh i gcomhréir leis na rialacha dá dtagraítear i mír 1, méadú ar an gcaipiteal suibscríofa a údarú suas go huasmhéid a shocróidh siad agus aird chuí á tabhairt ar aon uasmhéid dá bhforáiltear sa dlí. I gcás inarb iomchuí, cinnfear an méadú ar chaipiteal suibscríofa laistigh de theorainneacha an mhéid arna shocrú ag an gcomhlacht na cuideachta dá dtugtar de chumhacht é sin a dhéanamh. Beidh an chumhacht ag an gcomhlacht sin maidir leis an méid sin ar feadh uastréimhse cúig bliana agus féadfaidh an cruinniú ginearálta í a athnuachan uair amháin nó níos mó, gach uair ar feadh tréimhse nach mó ná cúig bliana.

3. I gcás ina bhfuil roinnt mhaith aicmí scaireanna, beidh an cinneadh ón gcruinniú ginearálta a bhaineann leis an méadú caipitil dá dtagraítear i mír 1 nó an t-údarú dá dtagraítear i mír 2 an caipiteal a mhéadú, faoi réir vóta ar leithligh ar a laghad do gach aicme scairshealbhóra a ndéantar difear dá gcearta leis an idirbheart.

4. Beidh feidhm ag an Airteagal sin maidir le heisiúint na n-urrús go léir atá in-chomhshóite i scaireanna nó lena mbaineann an ceart chun suibscríobh le haghaidh scaireanna, ach ní bheidh feidhm aige maidir leis na hurrúis sin a mhalartú ná maidir le feidhmiú an chirt chun suibscríobh.

*Airteagal 69*

*Scaireanna a eisítear chun comaoine a íoc*

Íocfar scaireanna a eisítear chun comaoine, le linn méadú ar chaipiteal suibscríofa, suas go 25 % dá luach ainmniúil nó, in éagmais luach ainmniúil dá bparluach cuntasach. I gcás ina ndéantar foráil do phréimh eisiúna, íocfar í ina iomláine.

*Airteagal 70*

*Scaireanna a eisítear chun comaoine seachas in airgead tirim*

1. I gcás ina n-eisítear scaireanna chun comaoine seachas in airgead tirim le linn méadú ar an gcaipiteal suibscríofa, aistreofar an chomaoin ina hiomláine laistigh de thréimhse cúig bliana ón gcinneadh an caipiteal suibscríofa a mhéadú.

2. Beidh an chomaoin dá dtagraítear i mír 1 mar ábhar tuarascála a dhréachtófar roimh do shaineolaí amháin nó níos mó, atá neamhspleách ón gcuideachta agus a cheapfaidh nó a fhormheasfaidh údarás riaracháin nó breithiúnach, an caipiteal a mhéadú. Féadfaidh daoine nádúrtha mar aon le daoine agus cuideachtaí agus gnólachtaí dlítheanacha a bheith sna saineolaithe sin faoi dhlíthe na mBallstát.

Beidh feidhm ag Airteagal 49(2) agus (3) agus ag Airteagal 50 agus Airteagal 51.

3. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh gan mír 2 a chur i bhfeidhm i gcás méadú ar chaipiteal suibscríofa d'fhonn éifeacht a thabhairt do chumasc, do dheighilt nó do thairiscint phoiblí chun scaireanna a cheannach nó a mhalartú agus chun scairshealbhóirí na cuideachta atá á comhghabháil nó á deighilt, nó atá mar chuspóir na tairisceana poiblí chun na scaireanna a cheannach nó a mhalartú.

I gcás cumaisc nó deighilte, áfach, ní chuirfidh na Ballstáit an chéad fhomhír i bhfeidhm ach i gcás ina ndréachtófar tuarascáil ó shaineolaí neamhspleách amháin nó níos mó maidir le dréacht-théarmaí an chumaisc nó na deighilte.

I gcás ina gcinnfidh na Ballstáit mír 2 a chur i bhfeidhm i gcás cumaisc nó deighilte, féadfaidh siad a fhoráil go ndéanfaidh an saineolaí céanna nó na saineolaithe céanna an tuarascáil faoin Airteagal seo agus an tuarascáil ó shaineolaí neamhspleách amháin nó níos mó maidir le dréacht-théarmaí an chumaisc nó na deighilte a dhréachtú.

4. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan mír 2 a chur i bhfeidhm má eisítear na scaireanna go léir a eisítear le linn méadú ar chaipiteal suibscríofa do chomaoin seachas in airgead tirim chuig cuideachta amháin nó níos mó, ar an gcoinníoll gur chomhaontaigh na scairshealbhóirí go léir sa chuideachta a fhaigheann an chomaoin gan tuarascáil ó shaineolaithe a dhréachtú agus go gcomhlíontar ceanglais phointe (b) go pointe (f) d’Airteagal 49(4).

*Airteagal 71*

*Méadú ar chaipiteal nach bhfuil suibscríofa go hiomlán*

I gcás nach ndéantar méadú ar chaipiteal a shuibscríobh go hiomlán, ní mhéadófar an caipiteal de mhéid na suibscríbhinní a fuarthas ach amháin má fhoráiltear amhlaidh le coinníollacha na heisiúna.

*Airteagal 72*

*Méadú ar chaipiteal trí chomaoin in airgead tirim*

1. Nuair a mhéadaítear an caipiteal trí chomaoin in airgead tirim, tairgfear na scaireanna ar bhonn réamhghabhálach do na scairshealbhóirí i gcomhréir leis an gcaipiteal dá seasann a gcuid scaireanna.

2. Maidir le dlíthe Ballstáit:

(a) ní gá dóibh mír 1 a chur i bhfeidhm maidir le scaireanna lena mbaineann ceart teorannaithe chun páirt a ghlacadh i ndáiltí de réir bhrí Airteagal 56 agus/nó i sócmhainní na cuideachta i gcás leachtaithe; nó

(b) i gcás in méadaítear caipiteal suibscríofa cuideachta a bhfuil roinnt mhaith aicmí scaireanna aici lena mbaineann cearta difriúla maidir le vótáil nó le rannpháirtíocht i ndáiltí de bhrí Airteagal 56 nó i sócmhainní i gcás leachtaithe, trí scaireanna nua a eisiúint i gceann amháin de na haicmí sin, féadfaidh siad a cheadú nach bhfeidhmeofar ceart réamhghabhála scairshealbhóirí na n-aicmí eile ach amháin tar éis do na scairshealbhóirí ón aicme ina n-eisítear na scaireanna nua an ceart sin a fheidhmiú.

3. Déanfar aon tairiscint ar shuibscríobh ar bhonn réamhghabhálach agus an tréimhse a bhfeidhmeofar an ceart sin lena linn a fhoilsiú san iris náisiúnta a cheapfar i gcomhréir le hAirteagal 16. Mar sin féin, ní gá do dhlíthe Ballstáit foráil a dhéanamh don fhoilsiú sin i gcás ina bhfuil scaireanna ar fad cuideachta cláraithe. Sa chás sin, cuirfear scairshealbhóirí uile na cuideachta ar an eolas i scríbhinn. Feidhmeofar an ceart réamhghabhála laistigh de thréimhse nach mbeidh níos lú ná 14 lá ó dháta foilsithe na tairsceana nó ó dháta seolta na litreacha chuig na scairshealbhóirí.

4. Ní fhéadfar an ceart réamhghabhála a shrianadh ná a tharraingt siar leis na reachtanna nó leis an ionstraim chorpraithe. Féadfar é seo a dhéanamh, áfach, trí chinneadh ón gcruinniú ginearálta. Ceanglófar ar an gcomhlacht riaracháin nó bainistíochta tuarascáil i scríbhinn a chur i láthair, ina léirítear na cúiseanna le srianadh nó le tarraingt siar an chirt réamhghabhála agus lena dtugtar bonn cirt leis an bpraghas eisiúna a mholtar. Gníomhóidh an cruinniú ginearálta i gcomhréir leis na rialacha le haghaidh córaim agus tromlaigh a leagtar síos in Airteagal 83. Foilseofar a chinneadh ar an mbealach a leagtar síos le dlíthe gach Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 16.

5. Féadfar a fhoráil le dlíthe Ballstáit go bhféadfar leis na reachtanna nó leis an ionstraim chorpraithe nó go bhféadfaidh an cruinniú ginearálta, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis na rialacha le haghaidh córaim, tromlaigh agus foilsithe a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo, an chumhacht a thabhairt chun srian a chur leis an gceart réamhghabhála chuig comhlacht na cuideachta, dá dtugtar de chumhacht méadú ar chaipiteal suibscríofa a chinneadh laistigh de theorainn an chaipitil údaraithe, nó chun an ceart réamhghabhála a tharraingt siar. Ní fhéadfar an chumhacht sin a dheonú do thréimhse níos faide ná an chumhacht dá bhforáiltear in Airteagal 68(2).

6. Beidh feidhm ag mír 1 go mír 5 maidir le heisiúint urrús go léir atá in-chomhshóite i scaireanna nó lena mbaineann an ceart chun suibscríobh le haghaidh scaireanna, ach ní bheidh feidhm aige maidir leis na hurrúis sin a chomhshó ná maidir le feidhmiú an chirt chun suibscríobh.

7. Ní heisiatar an ceart réamhghabhála chun críocha mhír 4 agus mhír 5 nuair, i gcomhréir leis an gcinneadh an caipiteal suibscríofa a mhéadú, a eisítear scaireanna chuig bainc nó chuig institiúidí airgeadais eile d'fhonn iad a thairiscint do scairshealbhóirí na cuideachta i gcomhréir le mír 1 agus le mír 3.

*Airteagal 73*

*Cinneadh ón gcruinniú ginearálta maidir le laghdú sa chaipiteal suibscríofa*

Beidh aon laghdú sa chaipiteal suibscríofa, seachas faoi ordú cúirte, faoi réir cinneadh ón gcruinniú ginearálta ar a laghad ag gníomhú dó i gcomhréir leis na rialacha le haghaidh córaim agus tromlaigh a leagtar síos in Airteagal 83 gan dochar d'Airteagal 79 ná d'Airteagal 80. Foilseofar an cinneadh sin ar an mbealach a leagtar síos le dlíthe gach Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 16.

Sonrófar san fhógra lena gcomórtar an cruinniú críoch an laghdaithe agus an bealach a gcuirfear i gcrích é ar a laghad.

*Airteagal 74*

*Laghdú sa chaipiteal suibscríofa i gcás roinnt aicmí scaireanna a bheith ann*

I gcás ina bhfuil roinnt aicmí scaireanna ann, beidh an cinneadh ón gcruinniú ginearálta a bhaineann le laghdú ar an gcaipiteal suibscríofa faoi réir vóta ar leithligh ar a laghad do gach aicme scairshealbhóirí a ndéantar difear dá gcearta leis an idirbheart.

*Airteagal 75*

*Coimircí do chreidiúnaithe*
*i gcás laghdú ar an gcaipiteal suibscríofa*

1. I gcás laghdú ar an gcaipiteal suibscríofa, beidh an ceart ar a laghad ag na creidiúnaithe a thagann a gcuid éileamh roimh dháta foilsithe an chinnidh maidir leis an laghdú urrús a fháil d'éilimh nach mbeidh dlite roimh dháta an fhoilsithe sin. Ní fhéadfaidh na Ballstáit an ceart sin a chur ar leataobh ach amháin má tá go leor coimircí ag an gcreidiúnaí, nó mura bhfuil na coimircí sin riachtanach ag féachaint do shócmhainní na cuideachta.

   Leagfaidh na Ballstáit síos na coinníollacha chun an ceart dá bhforáiltear sa chéad fhomhír a fheidhmiú. Ar aon chaoi, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na creidiúnaithe údaraithe iarratas a chur isteach ar an údarás iomchuí riaracháin nó breithiúnach i gcomhair coimircí leordhóthanacha ar an gcoinníoll gur féidir leo a thaispeáint go hinchreidte go bhfuil sásamh a n-éileamh i ngeall ar an laghdú ar an gcaipiteal suibscríofa agus nach bhfuarthas aon choimircí leordhóthanacha ón gcuideachta.

2. Forálfar le dlíthe na mBallstát freisin ar a laghad go mbeidh an laghdú neamhnitheach, nó nach féidir aon íocaíocht a dhéanamh chun tairbhe na scairshealbhóirí, go dtí go mbeidh sásamh faighte ag na creidiúnaithe nó go dtí go mbeidh cinneadh déanta ag cúirt nár cheart aontú lena n-iarratas.

3. Beidh feidhm ag an Airteagal seo nuair a tharlaíonn an laghdú ar an gcaipiteal suibscríofa mar gheall ar íocaíocht iarmhéid ranníocaíochtaí na scairshealbhóirí a tharscaoileadh go hiomlán nó go páirteach.

*Airteagal 76*

*Maolú ó choimircí do chreidiúnaithe*
*i gcás laghdú ar an gcaipiteal suibscríofa*

1. Ní gá do na Ballstáit Airteagal 75 a chur i bhfeidhm maidir le laghdú ar an gcaipiteal suibscríofa arb é is críoch dó caillteanais a dhéantar a fhritháireamh nó suimeanna airgid a áireamh i gcúlchiste ar an gcoinníoll, i ndiaidh na hoibríochta sin, nach mbeidh méid an chúlchiste sin níos mó ná 10 % den chaipiteal suibscríofa laghdaithe. Seachas i gcás laghdú ar an gcaipiteal suibscríofa, ní fhéadfar an cúlchiste sin a dháileadh ar na scairshealbhóirí; ní fhéadfar é a úsáid ach chun caillteanais a fhritháireamh nó chun an caipiteal suibscríofa a mhéadú trí chaipitliú an chúlchiste sin, a mhéid a cheadóidh an Ballstát an oibríocht sin.

2. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, déanfar foráil le dlíthe na mBallstát ar a laghad do na bearta atá riachtanach chun a áirithiú nach bhféadfar na méideanna a thagann as an laghdú ar chaipiteal suibscríofa a úsáid chun íocaíochtaí nó dáiltí a dhéanamh do scairshealbhóirí nó chun scairshealbhóirí a urscaoileadh ón oibleagáid a ranníocaíochtaí a dhéanamh.

*Airteagal 77*

*Laghdú ar an gcaipiteal suibscríofa agus ar an gcaipiteal íosta*

Ní fhéadfar an caipiteal suibscríofa a laghdú go méid níos lú ná an caipiteal íosta a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 45.

Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit an laghdú sin a cheadú má fhorálann siad freisin nach bhféadfaidh éifeacht a bheith leis an gcinneadh an caipiteal suibscríofa a laghdú ach amháin má mhéadaítear an caipiteal suibscríofa go méid atá cothrom leis an íosmhéid forordaithe ar a laghad.

*Airteagal 78*

*Caipiteal suibscríofa a fhuascailt gan laghdú*

I gcás ina n-údaraítear le dlíthe Ballstáit go ndéantar an caipiteal suibscríofa a fhuascailt go hiomlán nó go páirteach gan an caipiteal sin a laghdú, ceanglófar leo ar a laghad go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) I gcás ina bhforáiltear leis na reachtanna nó leis an ionstraim chorpraithe d'fhuascailt, déanfar cinneadh i ndáil leis sin ag an gcruinniú ginearálta ag vótáil ar a laghad faoi na gnáthchoinníollacha córaim agus tromlaigh; i gcás nach bhforáiltear leis na reachtanna nó leis an ionstraim chorpraithe d'fhuascailt, déanfar cinneadh i ndáil leis sin ag an gcruinniú ginearálta ag gníomhú ar a laghad faoi na coinníollacha córaim agus tromlaigh a leagtar síos in Airteagal 83; foilseofar an cinneadh ar an mbealach a fhorordaítear le dlíthe na mBallstát, i gcomhréir le hAirteagal 16;

(b) is iad suimeanna atá ar fáil lena ndáileadh de réir bhrí Airteagal 56(1) go (4), agus iad sin amháin, a fhéadfar a úsáid chun críocha fuascailte;

(c) coinneoidh scairshealbhóirí a ndéanfar a scaireanna a fhuascailt a gcearta sa chuideachta, ach amháin a gcearta chun aisíocaíocht a n-infheistíochta agus chun páirt a ghlacadh i ndáileadh díbhinne tosaigh maidir le scaireanna neamhfhuascailte.

*Airteagal 79*

*Laghdú ar an gcaipiteal suibscríofa trí tharraingt siar éigeantach scaireanna*

1. I gcás ina bhféadfar, le dlíthe Ballstáit, a cheadú do chuideachtaí a gcaipiteal suibscríofa a laghdú trí tharraingt siar éigeantach scaireanna, ceanglófar leo go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas ar a laghad:

   (a) caithfear tarraingt siar éigeantach a fhorordú nó a údarú leis na reachtanna nó leis an ionstraim chorpraithe roimh shuibscríobh a bheith déanta i leith na scaireanna atá le tarraingt siar;

   (b) i gcás ina n-údaraítear an tarraingt siar éigeantach leis na reachtanna nó leis an ionstraim chorpraithe amháin, déanfar an cinneadh faoi ag an gcruinniú ginearálta ach amháin má d'fhormheas na scairshealbhóirí lena mbaineann é d'aon toil;

   (c) is é comhlacht na cuideachta a dhéanfaidh an cinneadh faoin tarraingt siar éigeantach a shocróidh na téarmaí agus an chuma a bheidh air, i gcás nár socraíodh iad cheana féin leis na reachtanna ná leis an ionstraim chorpraithe;

(d) beidh feidhm ag Airteagal 75 ach amháin i gcás scaireanna atá íoctha go hiomlán agus a chuirfear ar fáil don chuideachta saor in aisce nó a tharraingeofar siar agus úsáid á baint as suimeanna atá ar fáil do dháileadh i gcomhréir le hAirteagal 56(1) go (4); i gcásanna eile, ní foláir méid atá comhionann leis an luach ainmniúil nó, in éagmais é sin, le parluach cuntasach na scaireanna ar fad arna dtarraingt siar a áireamh i gcúlchiste; seachas i gcás laghdú ar an gcaipiteal suibscríofa, ní fhéadfar an cúlchiste sin a dháileadh ar na scairshealbhóirí; ní féidir é a úsáid ach chun caillteanais a fhritháireamh nó chun an caipiteal suibscríofa a mhéadú trí chaipitliú an chúlchiste sin, a mhéid a cheadóidh na Ballstáit an oibríocht sin; agus

(e) foilseofar an cinneadh maidir le tarraingt siar éigeantach ar an mbealach a leagtar síos le dlíthe gach Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 16.

2. Ní bheidh feidhm ag an gcéad mhír d'Airteagal 73 ná ag Airteagal 74, ag Airteagal 76 ná ag Airteagal 83 maidir leis na cásanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

*Airteagal 80*

*Laghdú ar an gcaipiteal suibscríofa trí scaireanna a fuair an chuideachta féin nó a fuarthas thar a ceann a tharraingt siar*

1. I gcás laghdú ar an gcaipiteal suibscríofa trí na scaireanna a fuair an chuideachta féin nó a fuair duine ag gníomhú ina ainm féin ach thar ceann na cuideachta a tharraingt siar, déanfar an cinneadh faoin tarraingt siar i gcónaí ag an gcruinniú ginearálta.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 75 ach amháin má tá na scaireanna íoctha go hiomlán agus go bhfaighfear iad saor in aisce nó trí úsáid a bhaint as suimeanna atá ar fáil do dháileadh i gcomhréir le hAirteagal 56(1) go (4); sna cásanna sin, déanfar méid atá comhionann leis an luach ainmniúil nó, in éagmais é sin, le parluach cuntasach na scaireanna ar fad arna dtarraingt siar a áireamh i gcúlchiste. Seachas i gcás laghdú sa chaipiteal suibscríofa, ní fhéadfar an cúlchiste sin a dháileadh ar na scairshealbhóirí. Ní fhéadfar é a úsáid ach chun caillteanais a fhritháireamh nó chun an caipiteal suibscríofa a mhéadú trí chaipitliú an chúlchiste sin, a mhéid a cheadóidh na Ballstáit an oibríocht sin.

3. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 74, ag Airteagal 76 ná ag Airteagal 83 maidir leis na cásanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

*Airteagal 81*
*An caipiteal suibscríofa a fhuascailt nó a laghdú*
*trí scaireanna a tharraingt siar i gcás roinnt aicmí scaireanna*

Sna cásanna a chumhdaítear le hAirteagal 78, le hAirteagal 79(1)(b) agus le hAirteagal 80(1) nuair is ann do roinnt aicmí scaireanna, beidh an cinneadh ón gcruinniú ginearálta a bhaineann leis an gcaipiteal suibscríofa a fhuascailt nó a laghdú trí scaireanna a tharraingt siar faoi réir vóta ar leithligh ar a laghad do gach aicme scairshealbhóirí a ndéantar difear dá gcearta leis an idirbheart.

*Airteagal 82*

*Coinníollacha le haghaidh scaireanna a fhuascailt*

Nuair a údaraítear do chuideachtaí, le dlíthe Ballstáit, scaireanna infhuascailte a eisiúint, ceanglófar leo go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas, ar a laghad, chun na scaireanna sin a fhuascailt:

(a) ní foláir go n-údarófar fuascailt le reachtanna nó le hionstraim chorpraithe na cuideachta roimh na scaireanna infhuascailte a shuibscríobh;

(b) ní foláir go n-íocfar na scaireanna go hiomlán;

(c) ní foláir go leagfar síos téarmaí agus bealach na fuascailte i reachtanna nó in ionstraim chorpraithe na cuideachta;

(d) ní féidir fuascailt a chur i gcrích ach trí úsáid a bhaint as suimeanna atá ar fáil lena ndáileadh i gcomhréir le hAirteagal 56(1) go (4) nó fáltais eisiúna nua a dhéanfar d'fhonn an fhuascailt sin a chur i gcrích;

(e) ní foláir méid atá comhionann leis an luach ainmniúil nó, ina éagmais sin, le parluach cuntasach na scaireanna fuascailte go léir a áireamh i gcúlchiste nach féidir a dháileadh ar na scairshealbhóirí, seachas i gcás laghdú ar an gcaipiteal suibscríofa; ní fhéadfar é a úsáid ach amháin chun críocha an caipiteal suibscríofa a mhéadú trí chaipitliú cúlchistí;

(f) ní bheidh feidhm ag pointe (e) maidir le fuascailt agus úsáid á baint as fáltais eisiúna nua a dhéanfar d'fhonn an fhuascailt sin a chur i gcrích;

(g) nuair a fhoráiltear do phréimh a íoc le scairshealbhóirí mar thoradh ar fhuascailt, ní fhéadfar an phréimh a íoc ach ó shuimeanna atá ar fáil lena ndáileadh i gcomhréir le hAirteagal 56(1) go (4), nó ó chúlchiste eile seachas an cúlchiste dá dtagraítear i bpointe (e) den Airteagal seo nach féidir a dháileadh ar na scairshealbhóirí ach amháin i gcás laghdú ar an gcaipiteal suibscríofa; ní fhéadfar an cúlchiste sin a úsáid ach chun críocha an caipiteal suibscríofa a mhéadú trí chúlchistí a chaipitliú nó chun na costais dá dtagraítear i bpointe (j) d’Airteagal 4 nó an costas ar scaireanna nó bintiúir a eisiúint a chlúdach nó chun préimh a íoc le sealbhóirí scaireanna nó bintiúr infhuascailte;

(h) foilseofar an fógra fuascailte ar an mbealach a leagtar síos le dlíthe gach Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 16.

*Airteagal 83*

*Ceanglais vótála le haghaidh na gcinntí ón gcruinniú ginearálta*

Déanfar foráil le dlíthe na mBallstát go ndéanfar na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 72(4) agus (5) agus in Airteagail 73, 74, 78 agus 81 a ghlacadh ar a laghad trí thromlach nach lú ná dhá thrian de na vótaí a ghabhann leis na hurrúis nó leis an gcaipiteal suibscríofa a ndéantar ionadaíocht ar a son.

Féadfar a leagan síos le dlíthe na mBallstát, áfach, gur leor tromlach simplí na vótaí a shonraítear sa chéad fhomhír nuair a dhéantar ionadaíocht ar son leath an chaipitil shuibscríofa ar a laghad.

## ROINN 6

## SOCRUITHE CUR I BHFEIDHM AGUS CUR CHUN FEIDHME

*Airteagal 84*

*Maolú ar cheanglais áirithe*

1. Féadfaidh na Ballstáit maolú ón gcéad mhír d'Airteagal 48, ón gcéad abairt d'Airteagal 60(1)(a) agus ó Airteagal 68, ó Airteagal 69 agus ó Airteagal 72 a mhéid atá na maoluithe sin riachtanach chun forálacha a dearadh chun rannpháirtíocht fostaithe nó grúpaí eile de dhaoine a shainmhínítear leis an dlí náisiúnta a ghlacadh nó a chur i bhfeidhm, i gcaipiteal gnólachtaí.

2. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan an chéad abairt d'Airteagal 60(1)(a) ná Airteagal 73 agus Airteagal 74 ná Airteagal 79 go hAirteagal 82 a chur i bhfeidhm maidir le cuideachtaí a chorpraítear faoi dhlí speisialta a eisíonn scaireanna caipitil agus scaireanna oibrithe araon, leis scaireanna na n-oibrithe á n-eisiúint d'fhostaithe na cuideachta mar chomhlacht, a ndéanann toscairí a bhfuil ceart vótála acu ionadaíocht ar a son ag cruinnithe ginearálta na scairshealbhóirí.

3. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag Airteagal 49, Airteagal 58(1) ná 68(1), (2) agus (3), an chéad fhomhír d'Airteagal 70(2), Airteagal 72 go hAirteagal 75, ná ag Airteagal 79, Airteagal 80 agus Airteagal 81 i gcás úsáid na n-uirlisí, na gcumhachtaí agus na sásraí réitigh dá bhforáiltear i dTeideal IV de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

*Airteagal 85*

*Caitheamh go cothrom leis na scairshealbhóirí go léir a bhfuil an seasamh céanna acu*

Chun críocha an Chaibidil seo a chur chun feidhme áiritheofar le dlíthe na mBallstát go gcaithfear go cothrom leis na scairshealbhóirí go léir a bhfuil an seasamh céanna acu.

*Airteagal 86*

*Forálacha idirthréimhseacha*

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan pointí (g), (i), (j) agus (k) d'Airteagal 4 a chur i bhfeidhm maidir le cuideachtaí arb ann dóibh cheana féin ar dháta theacht i bhfeidhm na ndlíthe, na rialachán agus na bhforálacha riaracháin arna nglacadh d'fhonn cloí le Treoir 77/91/CEE ón gComhairle[2].

---

[1] Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoir 2001/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2002/47/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2004/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2005/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2007/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2011/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2012/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

[2] Dara Treoir 77/91/CEE ón gComhairle an 13 Nollaig 1976 maidir le comhordú a dhéanamh ar choimircí a éilíonn Ballstáit ar chuideachtaí de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 58 den Chonradh, ionas go gcosnófar leasanna comhaltaí agus daoine eile, i leith foirmiú cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta agus chothabháil agus athrú a gcaipitil, d'fhonn na coimircí sin a dhéanamh coibhéiseach (IO L 26, 31.1.1977, lch. 1).

# TEIDEAL II
# CUMAISC AGUS DEIGHILTÍ CUIDEACHTAÍ FAOI DHLITEANAS TEORANTA

## Caibidil I
## Cumaisc cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta

### ROINN 1
### FORÁLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE CUMAISC

*Airteagal 87*

*Forálacha ginearálta*

1. Beidh feidhm ag na bearta comhordaithe a leagtar síos sa Chaibidil seo maidir le dlíthe, le rialacháin agus le forálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann leis na cineálacha cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn I.

2. Ní gá do na Ballstáit an Chaibidil seo a chur i bhfeidhm maidir le comharchumainn a chorpraítear mar cheann amháin de na cineálacha cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn I. A mhéid a bhainfear leas, i ndlíthe na mBallstát, as an rogha sin, ceanglófar ar chuideachtaí den sórt sin, leis na dlíthe sin, an focal "comharchumann" a áireamh sna doiciméid uile dá dtagraítear in Airteagal 26.

3. Ní gá do na Ballstáit an Chaibidil seo a chur i bhfeidhm i gcásanna ina bhfuil an chuideachta atá á fáil nó na cuideachtaí atá á bhfáil nó a scoirfidh de bheith ann mar ábhar imeachtaí féimheachta, imeachtaí a bhaineann le foirceannadh cuideachtaí dócmhainneacha, socruithe breithiúnacha, comhshocraíochtaí agus imeachtaí cosúil leo sin.

4. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an gcuideachta nó leis na cuideachtaí atá mar ábhar úsáid uirlisí, cumhachtaí agus sásraí réitigh dá bhforáiltear i dTeideal IV de Threoir 2014/59/AE.

*Airteagal 88*

*Na rialacha lena rialaítear cumaisc trí éadáil agus cumaisc trí chuideachta nua a fhoirmiú*

Déanfaidh na Ballstáit, maidir le cuideachtaí a rialaítear lena ndlíthe náisiúnta, foráil do rialacha lena rialaítear cumaisc trí éadáil cuideachta amháin nó níos mó cuideachtaí ag cuideachta eile agus cumasc trí chuideachta nua a fhoirmiú.

*Airteagal 89*

*Sainmhíniú ar "cumasc trí éadáil"*

1. Chun críche na Caibidle seo, ciallóidh "cumasc trí éadáil" an oibríocht lena ndéantar cuideachta amháin nó níos mó a fhoirceannadh gan dul faoi leachtú agus lena n-aistríonn siad a gcuid sócmhainní agus dliteanas chuig cuideachta eile mar mhalartú ar scaireanna a eisiúint chuig scairshealbhóirí na cuideachta atá á fáil nó na gcuideachtaí atá á bhfáil sa chuideachta éadála agus íocaíocht in airgead tirim, más ann di, nach mó ná 10 % de luach ainmniúil na scaireanna a eisítear ar an mbealach sin nó i gcás nach bhfuil aon luach ainmniúil acu, a bparluach cuntasaíochta.

2. Féadfar a fhoráil le dlíthe Ballstáit go bhféadfar cumasc trí éadáil a chur i gcrích freisin nuair atá ceann amháin nó níos mó de na cuideachtaí atá á bhfáil faoi leachtú, ar an gcoinníoll nach n-úsáidfear an rogha sin ach i gcás cuideachtaí nár thosaigh go fóill ar a sócmhainní a dháileadh ar a gcuid scairshealbhóirí.

*Airteagal 90*

*Sainmhíniú ar 'chumasc trí chuideachta nua a fhoirmiú'*

1. Chun críche na Caibidle seo, ciallóidh "cumasc trí chuideachta nua a fhoirmiú" an oibríocht lena ndéantar roinnt mhaith cuideachtaí a fhoirceannadh gan dul faoi leachtú agus lena n-aistríonn siad chuig cuideachta a bhunaigh siad a gcuid sócmhainní agus dliteanas go léir mar mhalartú ar scaireanna a eisiúint chuig a scairshealbhóirí sa chuideachta nua agus íocaíocht in airgead tirim, más ann di, nach mó ná 10 % de luach ainmniúil na scaireanna a eisítear ar an mbealach sin nó i gcás nach bhfuil aon luach ainmniúil acu, a bparluach cuntasaíochta.

2. Féadfar a fhoráil le dlíthe Ballstáit go bhféadfar cumasc trí chuideachta nua a fhoirmiú a chur i gcrích freisin nuair atá ceann amháin nó níos mó de na cuideachtaí a scoirfidh de bheith ann faoi leachtú, ar an gcoinníoll nach n-úsáidfear an rogha sin ach i gcás cuideachtaí nár thosaigh go fóill ar a sócmhainní a dháileadh ar a gcuid scairshealbhóirí.

## ROINN 2

## CUMASC TRÍ ÉADÁIL

*Airteagal 91*

*Dréacht-téarmaí cumaisc*

1. Dréachtóidh comhlachtaí riaracháin nó bainistíochta na gcuideachtaí atá ag cumasc dréacht-téarmaí cumaisc i scríbhinn.

2. Sonrófar le dréacht-téarmaí cumaisc na nithe seo a leanas ar a laghad:

(a) cineál, ainm agus oifig chláraithe gach ceann de na cuideachtaí atá ag cumasc;

(b) an cóimheas malartaithe scaireanna agus méid aon íocaíochta in airgead tirim;

(c) na téarmaí a bhaineann le leithroinnt scaireanna sa chuideachta éadála;

(d) an dáta óna bhfuil sealbhóirí na scaireanna sin i dteideal páirt a ghlacadh i mbrabúis agus aon choinníollacha speisialta lena ndéantar difear don teidlíocht sin;

(e) an dáta óna gcaithfear le hidirbhearta na cuideachta atá á fáil, chun críocha cuntasaíochta, mar idirbhearta na cuideachta éadála;

(f) na cearta a thugann an chuideachta éadála do shealbhóirí scaireanna lena ngabhann cearta speisialta agus do shealbhóirí urrús seachas scaireanna, nó na bearta a mholtar mar gheall orthu;

(g) aon bhuntáiste speisialta a thugtar do na saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 96(1) agus do chomhaltaí chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta, maoirseachta nó rialúcháin na gcuideachtaí atá ag cumasc.

*Airteagal 92*

*Na dréacht-téarmaí cumaisc a fhoilsiú*

Foilseofar dréacht-téarmaí cumaisc ar an mbealach a fhorordaítear le dlíthe gach Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 16, do gach ceann de na cuideachtaí atá ag cumasc, mí amháin ar a laghad roimh an dáta arna shocrú don chruinniú ginearálta a dhéanfaidh cinneadh ina leith.

Beidh aon cheann de na cuideachtaí atá ag cumasc díolmhaithe ón gceanglas maidir le foilsiú a leagtar síos in Airteagal 16, más rud é ar feadh tréimhse leanúnach a thosaíonn mí amháin ar a laghad roimh an lá arna shocrú don chruinniú ginearálta atá chun na dréacht-téarmaí cumaisc a chinneadh agus nach gcríochnaíonn níos luaithe ná clabhsúr an chruinnithe sin, go gcuirfidh sí dréacht-téarmaí an chumaisc sin ar fáil ar a suíomh gréasáin saor in aisce don phobal. Ní chuirfidh na Ballstáit an díolúine sin faoi réir aon cheanglas nó srianta seachas iad sin atá riachtanach d'fhonn slándáil an tsuímh gréasáin agus barántúlacht na ndoiciméad a áirithiú, agus ní fhéadfaidh siad na ceanglais nó na srianta sin a fhorchur ach a mhéid atá siad comhréireach d'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach.

De mhaolú ar an dara mír den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit a éileamh go gcuirfear an foilsiú sin i gcrích tríd an ardán lárnach leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 16(5). De rogha air sin, féadfaidh na Ballstáit a éileamh go ndéanfar an foilsiú sin ar shuíomh gréasáin ar bith eile a ainmníonn siad chun na críche sin. I gcás ina mbaineann na Ballstáit leas as ceann de na féidearthachtaí sin, áiritheoidh siad nach ngearrfar táille shainiúil ar chuideachtaí don fhoilsiú sin.

I gcás ina n-úsáidtear suíomh gréasáin seachas an t-ardán lárnach leictreonach, foilseofar tagairt lena dtugtar rochtain ar an suíomh gréasáin sin ar an ardán lárnach leictreonach mí amháin ar a laghad roimh an dáta arna shocrú don chruinniú ginearálta. Áireofar sa tagairt sin dáta foilseacháin na ndréacht-téarmaí cumaisc ar an suíomh gréasáin agus beidh rochtain ag an bpobal uirthi saor in aisce. Ní ghearrfar táille shainiúil ar chuideachtaí don fhoilseachán sin.

Ní dhéanfar difear, leis an toirmeasc lena gcuirtear bac ar tháille ar leith a ghearradh ar chuideachtaí le haghaidh foilseacháin, a leagtar síos sa tríú fomhír agus sa cheathrú fomhír, do chumas na mBallstát na costais i dtaca leis an ardán lárnach leictreonach a ghearradh ar chuideachtaí.

Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar chuideachtaí an fhaisnéis a choinneáil ar a suíomh gréasáin ar feadh tréimhse shonrach tar éis an chruinnithe ghinearálta, nó, i gcás inarb infheidhme, ar an ardán lárnach leictreonach nó ar an suíomh gréasáin eile arna ainmniú ag an mBallstát lena mbaineann. Féadfaidh na Ballstáit iarmhairtí fachtóirí teicniúla nó eile a chinneadh a dtarlaíonn cur isteach sealadach ar rochtain ar an suíomh gréasáin nó ar an ardán lárnach leictreonach mar gheall orthu.

*Airteagal 93*

*Gach ceann de na cuideachtaí atá ag cumasc a fhormheas ag an gcruinniú ginearálta*

1. Ceanglófar ar a laghad, i gcás cumaisc, formheas gach ceann de na cuideachtaí atá ag cumasc arna thabhairt ag an gcruinniú ginearálta. Forálfar le dlíthe na mBallstát go gceanglófar tromlach leis an gcinneadh formheasa seo nach lú é ná dhá thrian de na vótaí a ghabhann leis na scaireanna nó leis an gcaipiteal suibscríofa a ndéantar ionadaíocht dó.

   Féadfar a fhoráil le dlíthe Ballstáit, áfach, go mbeidh tromlach simplí na vótaí a shonraítear sa chéad fhomhír leordhóthanach nuair a dhéantar ionadaíocht do leath den chaipiteal suibscríofa ar a laghad. Thairis sin, i gcás inarb iomchuí, beidh feidhm ag na rialacha lena rialaítear athruithe ar an meabhrán comhlachais agus ar na hairteagail chomhlachais.

2. I gcás inarb ann do níos mó ná aicme amháin scaireanna, beidh an cinneadh a bhaineann le cumasc faoi réir vóta ar leithligh ag gach aicme scairshealbhóirí ar a laghad a ndéanann an t-idirbheart difear dá gcuid ceart.

3. Cumhdófar leis an gcinneadh formheas dréacht-téarmaí an chumaisc mar aon le haon athruithe ar an meabhrán comhlachais agus ar na hairteagail chomhlachais a mbeidh gá leo mar gheall ar an gcumasc.

*Airteagal 94*

*Maolú ón gceanglas maidir le formheas ag cruinniú ginearálta na cuideachta éadála*

Ní gá a cheangal le dlíthe Ballstáit go ndéanfar an cumasc a fhormheas ag cruinniú ginearálta na cuideachta éadála i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) déantar an foilsiú dá bhforáiltear in Airteagal 92, a bhaineann leis an gcuideachta éadála, mí amháin ar a laghad roimh an dáta arna shocrú do chruinniú ginearálta na cuideachta atá á fáil nó na gcuideachtaí atá á bhfáil, ar cruinniú é a gcinnfear dréacht-téarmaí an chumaisc lena linn;

(b) mí amháin ar a laghad roimh an dáta a shonraítear i bpointe (a), tá scairshealbhóirí uile na cuideachta éadála i dteideal cigireacht a dhéanamh ag oifig chláraithe na cuideachta éadála ar na doiciméid a shonraítear in Airteagal 97(1);

(c) tá ceann amháin nó níos mó de scairshealbhóirí na cuideachta éadála, atá i seilbh céatadán íosta den chaipiteal suibscríofa, i dteideal a cheangal go ngairfear cruinniú ginearálta den chuideachta éadála chun go ndéanfar cinneadh an ndéanfar an cumasc a fhormheas; ní cheadaítear an céatadán íosta sin a shocrú ag níos mó ná 5 %. Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil, áfach, do scaireanna nach mbaineann vótáil leo a eisiamh ón ríomh sin.

Chun críocha phointe (b) den chéad mhír, beidh feidhm ag Airteagal 97(2), (3) agus (4).

*Airteagal 95*

*Tuarascáil mhionsonraithe i scríbhinn agus faisnéis faoi chumasc*

1. Déanfaidh comhlachtaí riaracháin nó bainistíochta gach ceann de na cuideachtaí atá ag cumasc tuarascáil mhionsonraithe a tharraing suas i scríbhinn lena míneofar dréacht-téarmaí an chumaisc agus lena leagfar amach na forais dhlíthiúla agus eacnamaíocha ina leith, go háirithe cóimheas malartaithe scaireanna.

   Tabharfar tuairisc freisin sa tuarascáil sin ar aon deacrachtaí speisialta a tháinig chun cinn maidir le luacháil.

2. Cuirfidh comhlachtaí riaracháin nó bainistíochta gach ceann de na cuideachtaí bainteacha an cruinniú ginearálta dá gcuideachta, mar aon le comhlachtaí riaracháin nó bainistíochta na gcuideachtaí bainteacha eile, ar an eolas faoi aon athrú ábhartha ar na sócmhainní agus ar na dliteanais idir dáta ullmhúchán dréacht-téarmaí an chumaisc agus dáta na gcruinnithe ginearálta a gcinnfear dréacht-téarmaí an chumaisc lena linn, ionas go bhféadfaidh comhlachtaí na gcuideachtaí eile sin a gcuid cruinnithe ginearálta faoi seach a chur ar an eolas.

3. Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil nach gceanglófar an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 agus/nó an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 má tá an méid sin comhaontaithe ag na scairshealbhóirí uile agus ag na sealbhóirí urrús eile lena dtugtar ceart vótála gach ceann de na cuideachtaí atá páirteach sa chumasc.

*Airteagal 96*

*Na dréacht-téarmaí cumaisc á scrúdú ag saineolaithe*

1. Saineolaí amháin nó níos mó, atá ag gníomhú thar ceann gach ceann de na cuideachtaí atá ag cumasc, ach atá neamhspleách orthu, ar cheap nó ar fhormheas údarás breithiúnach nó riaracháin é nó iad, déanfaidh sé nó siad scrúdú ar dhréacht-téarmaí an chumaisc agus déanfaidh sé nó siad tuarascáil i scríbhinn a tharraingt suas agus a chur chuig na scairshealbhóirí. Féadfar foráil a dhéanamh, áfach, le dlí Ballstáit, do shaineolaí neamhspleách amháin nó níos mó a cheapadh do na cuideachtaí uile atá ag cumasc, má dhéanann údarás breithiúnach nó riaracháin an ceapadh sin arna iarraidh sin dó ag na cuideachtaí sin le chéile. Féadfar a bheith sna saineolaithe sin daoine nádúrtha nó dlítheanacha nó cuideachtaí nó gnólachtaí, ag brath ar dhlíthe gach Ballstáit.

2. Sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh na saineolaithe in iúl in aon chás an bhfuil an cóimheas malartaithe scaireanna cothrom agus réasúnach dar leo. Beidh sa ráiteas dá gcuid an méid seo a leanas ar a laghad:

   (a) léiriú ar an modh nó ar na modhanna a mbaineadh leas astu chun teacht ar an gcóimheas malartaithe scaireanna a mholtar;

   (b) ráiteas an bhfuil an modh nó na modhanna sin leordhóthanach sa chás i gceist, léiriú ar na luachanna ar thángthas orthu trí leas a bhaint as gach ceann de na modhanna sin agus tuairim maidir leis an tábhacht choibhneasta a sannadh do na modhanna sin i dtaca le teacht ar an luach a cinneadh.

   Tabharfar tuairisc freisin sa tuarascáil ar aon deacrachtaí speisialta a tháinig chun cinn maidir le luacháil.

3. Beidh gach saineolaí i dteideal an fhaisnéis agus na doiciméid ábhartha uile ar gá iad chun na himscrúduithe uile a chur i gcrích a fháil ó na cuideachtaí atá ag cumasc.

4. Ní cheanglófar scrúdú a dhéanamh ar dhréacht-téarmaí an chumaisc ná tuarascáil ó shaineolaithe má tá an méid sin comhaontaithe ag na scairshealbhóirí uile agus ag na sealbhóirí urrús eile lena dtugtar ceart vótála ar gach ceann de na cuideachtaí atá páirteach sa chumasc.

*Airteagal 97*

*Infhaighteacht doiciméad le haghaidh a n-iniúchta ag scairshealbhóirí*

1. Beidh na scairshealbhóirí uile i dteideal iniúchadh a dhéanamh ar na doiciméid seo a leanas ar a laghad ag an oifig chláraithe mí amháin ar a laghad roimh an dáta arna shocrú don chruinniú ginearálta ar a mbeidh dréacht-téarmaí an chumaisc le cinneadh:

   (a) dréacht-téarmaí an chumaisc;

   (b) cuntais bhliantúla agus tuarascálacha bliantúla na gcuideachtaí atá ag cumasc do na trí bliana airgeadais roimhe sin;

   (c) i gcás inarb infheidhme, ráiteas cuntasaíochta arna tharraingt suas ar dháta nach mbeidh níos luaithe ná an chéad lá den tríú mí roimh dháta dhréacht-téarmaí an chumaisc, má bhaineann na cuntais bhliantúla is déanaí le bliain airgeadais a raibh deireadh léi níos mó ná sé mhí roimh an dáta sin;

   (d) i gcás inarb infheidhme, tuarascálacha chomhlachtaí riaracháin nó bainistíochta na gcuideachtaí atá ag cumasc dá bhforáiltear in Airteagal 95;

   (e) i gcás inarb infheidhme, an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 96(1).

Chun críocha phointe (c) den chéad fhomhír, ní cheanglófar ráiteas cuntasaíochta má fhoilsíonn an chuideachta tuarascáil leathbhliantúil airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2004/109/CE agus má chuireann sí ar fáil do na scairshealbhóirí i gcomhréir leis an mír seo í. Thairis sin, féadfaidh na Ballstáit a fhoráil nach gceanglófar ráiteas cuntasaíochta má tá an méid sin comhaontaithe ag na scairshealbhóirí uile agus ag na sealbhóirí urrús eile lena dtugtar ceart vótála gach ceann de na cuideachtaí atá páirteach sa chumasc.

2. Tarraingeofar suas an ráiteas cuntasaíochta dá bhforáiltear i bpointe (c) den chéad fhomhír de mhír 1 trí leas a bhaint as na modhanna céanna agus an leagan amach céanna a bhí sa chlár comhardaithe bliantúil deiridh.

Féadfar a fhoráil le dlíthe Ballstáit, áfach:

(a) nach gá fardal fisiceach nua a dhéanamh;

(b) nach ndéanfar na luachálacha a taispeánadh sa chlár comhardaithe deiridh a athrú ach amháin chun iontrálacha sna leabhair chuntais a léiriú; mar sin féin, cuirfear an méid seo a leanas san áireamh:

– dímheas agus forálacha eatramhacha,

– athruithe ábhartha i luach iarbhír nár taispeánadh sna leabhair.

3. Beidh gach scairshealbhóir i dteideal cóipeanna iomlána de na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 a fháil, arna iarraidh sin agus saor in aisce, nó, más fóinteach leis iad, cóipeanna páirteacha.

I gcás inar thoiligh scairshealbhóir le bealaí leictreonacha a bheith á n-úsáid ag an gcuideachta chun faisnéis a chur ar aghaidh, féadfar cóipeanna den sórt sin a chur ar fáil trí phost leictreonach.

4. Díolmhófar cuideachta ón gceanglas go mbeidh na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 ar fáil ag a hoifig chláraithe, más rud é go gcuireann sí ar fáil ar a suíomh gréasáin iad le haghaidh tréimhse leanúnach dar tús mí amháin ar a laghad roimh an dáta arna shocrú don chruinniú ginearálta ar a gcinnfear dréacht-téarmaí an chumaisc agus dar críoch tráth nach luaithe ná deireadh an chruinnithe sin. Ní chuirfidh na Ballstáit an díolúine sin faoi réir aon cheanglas nó srianta seachas iad sin atá riachtanach d'fhonn slándáil an tsuímh gréasáin agus barántúlacht na ndoiciméad a áirithiú, agus ní fhéadfaidh siad na ceanglais nó na srianta sin a fhorchur ach a mhéid atá siad comhréireach d'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach.

Ní bheidh feidhm ag mír 3 má thugtar an deis do na scairshealbhóirí, feadh na tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 a íoslódáil agus a phriontáil ón suíomh gréasáin. Sa chás sin, áfach, féadfaidh na Ballstáit a fhoráil nach mór don chuideachta na doiciméid sin a chur ar fáil ag a hoifig chláraithe le gur féidir leis na scairshealbhóirí breathnú orthu ansin.

Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar chuideachtaí an fhaisnéis a choinneáil ar a suíomh gréasáin le haghaidh tréimhse sonraí i ndiaidh an chruinnithe ghinearálta. Féadfaidh na Ballstáit iarmhairtí fachtóirí teicniúla nó eile a chinneadh a dtarlaíonn cur isteach sealadach ar rochtain ar an suíomh gréasáin mar gheall orthu.

*Airteagal 98*

*Cearta fostaithe a chosaint*

Déanfar cosaint chearta fostaithe gach ceann de na cuideachtaí atá ag cumasc a rialáil i gcomhréir le Treoir 2001/23/CE.

*Airteagal 99*

*Leasanna chreidiúnaithe na gcuideachtaí atá ag cumasc a chosaint*

1. Déanfar foráil le dlíthe na mBallstát do chóras leordhóthanach de chosaint leasanna creidiúnaithe na gcuideachtaí atá ag cumasc a ndearnadh a n-éilimh roimh dháta foilsithe dhréacht-téarmaí an chumaisc agus nár dhlite na héilimh tráth an fhoilsithe sin.

2. Chun críocha mhír 1, déanfar a fhoráil ar a laghad, le dlíthe na mBallstát, go mbeidh na creidiúnaithe sin i dteideal coimircí leordhóthanacha a fháil i gcás ina bhfuil gá le coimirce den sórt de bharr staid airgeadais na gcuideachtaí atá ag cumasc agus i gcás nach bhfuil coimircí den sórt sin ag na creidiúnaithe sin cheana.

   Leagfaidh na Ballstáit síos na coinníollacha le haghaidh na cosanta dá bhforáiltear i mír 1 agus sa chéad fhomhír den mhír seo. Ar aon chaoi, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na creidiúnaithe údaraithe iarratas a chur isteach chuig an údarás iomchuí riaracháin nó breithiúnach i gcomhair coimirce leordhóthanach ar an gcoinníoll gur féidir leo a thaispeáint go hinchreidte go bhfuil sásamh a n-éileamh i ngeall ar an gcumasc agus nach bhfuarthas aon choimircí leordhóthanacha ón gcuideachta.

3. D'féadfadh an chosaint do chreidiúnaithe na cuideachta éadála a bheith éagsúil leis an gcosaint do chreidiúnaithe na cuideachta atá á fáil.

*Airteagal 100*

*Leasanna sealbhóirí bintiúr na gcuideachtaí atá ag cumasc a chosaint*

Gan dochar do na rialacha lena rialaítear feidhmiú comhchoiteann a gceart, beidh feidhm ag Airteagal 99 maidir le sealbhóirí bintiúr na gcuideachtaí atá ag cumasc, ach amháin i gcás inar formheasadh an cumasc ag cruinniú shealbhóirí na mbintiúr, más rud é go bhforáiltear do chruinniú den sórt sin faoi na dlíthe náisiúnta, nó i gcás inar fhormheas sealbhóirí na mbintiúr ar bhonn aonair é.

*Airteagal 101*

*Sealbhóirí urrús nach scaireanna iad a chosaint, ar urrúis iad a ngabhann cearta speisialta leo*

Sealbhóirí urrús nach scaireanna iad a ngabhann cearta speisialta leo, tabharfar cearta dóibh sa chuideachta éadála a bheidh coibhéiseach ar a laghad leo siúd a raibh seilbh acu orthu sa chuideachta atá á fáil, ach amháin i gcás inar formheasadh athrú na gceart sin ag cruinniú shealbhóirí na n-urrús sin, más rud é go bhforáiltear do chruinniú den sórt sin faoi na dlíthe náisiúnta, nó i gcás inar fhormheas sealbhóirí na mbintiúr ar bhonn aonair é, nó mura bhfuil na sealbhóirí i dteideal a gcuid urrús a bheith á n-athcheannach ag an gcuideachta éadála.

*Airteagal 102*

*Doiciméid a tharraingt suas agus a dheimhniú i bhfoirm chuí dlí*

1. I gcás nach bhforáiltear le dlíthe Ballstáit do mhaoirseacht choisctheach bhreithiúnach nó riaracháin a dhéanamh ar dhlíthiúlacht cumasc, nó i gcás nach gcumhdaítear leis an maoirseacht sin na gníomhartha dlíthiúla uile a cheanglaítear i ndáil le cumasc, tarraingeofar suas agus deimhneofar i bhfoirm chuí dlí miontuairiscí na gcruinnithe ginearálta ar lena linn a rinneadh an cinneadh faoin gcumasc agus, i gcás inarb iomchuí, an conradh cumaisc a thig as na cruinnithe ginearálta sin. I gcásanna nach bhfuil gá leis an gcumasc a fhormheas ag cruinnithe ginearálta na gcuideachtaí uile atá ag cumasc, tarraingeofar suas agus deimhneofar dréacht-téarmaí an chumaisc i bhfoirm chuí dlí.

2. Déanfaidh an nótaire nó an t-údarás atá inniúil chun an doiciméad a tharraingt suas i bhfoirm chuí dlí a sheiceáil agus a dheimhniú go bhfuil ann do na gníomhartha agus do na foirmiúlachtaí dlíthiúla a éilítear ar an gcuideachta a bhfuil an nótaire nó an t-údarás sin ag gníomhú thar a ceann agus gur bailí iad, agus gur bailí dréacht-téarmaí an chumaisc agus gurb ann dóibh.

*Airteagal 103*

*An dáta ar a ngabhfaidh éifeacht le cumasc*

Is le dlíthe na mBallstát a chinnfear an dáta ar a ngabhfaidh éifeacht le cumasc.

*Airteagal 104*

*Foirmiúlachtaí foilseacháin*

1. Poibleofar cumasc ar an mbealach a fhorordaítear le dlíthe gach Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 16, maidir le gach ceann de na cuideachtaí atá ag cumasc.

2. Féadfaidh an chuideachta éadála féin na foirmiúlachtaí foilseacháin a chur i gcrích a bhaineann leis an gcuideachta atá á fáil nó leis na cuideachtaí atá á bhfáil.

*Airteagal 105*

*Iarmhairtí cumaisc*

1. Leanfaidh na hiarmhairtí seo a leanas cumasc, *ipso jure* agus go comhuaineach:

(a) déanfar, amhail idir an chuideachta atá á fáil agus an chuideachta éadála agus maidir le tríú páirtithe araon, sócmhainní agus dócmhainní uile na cuideachta atá á fáil;

(b) beidh scairshealbhóirí na cuideachta atá á fáil ina scairshealbhóirí den chuideachta éadála; agus

(c) scoirfidh an chuideachta atá á fáil de bheith ann.

2. Ní dhéanfar aon scaireanna sa chuideachta éadála a mhalartú ar mhaithe le scaireanna sa chuideachta atá á fáil atá i seilbh:

(a) na cuideachta éadála tríthi féin nó trí dhuine atá ag gníomhú ina ainm féin ach ar son na cuideachta éadála; nó

(b) atá i seilbh na cuideachta atá á fáil tríthi féin nó trí aon duine atá ag gníomhú ina ainm féin ach ar son na cuideachta atá á fáil.

3. Leis an méid thuas ní dhéanfar difear do dhlíthe na mBallstát lena gceanglaítear foirmiúlachtaí speisialta a chomhlánú chun go ngabhfaidh éifeacht le haistriú sócmhainní, ceart agus oibleagáidí áirithe ag an gcuideachta a fuarthas, amhail i gcoinne tríú páirtithe. Féadfaidh an chuideachta éadála féin foirmiúlachtaí den sórt sin a dhéanamh; mar sin féin, le dlíthe na mBallstát, féadfar a cheadú don chuideachta atá á fáil leanúint d'fhoirmiúlachtaí den sórt sin a chur i gcrích go ceann tréimhse theoranta, nach bhféadfar, ach amháin in imthosca eisceachtúla, a shocrú ag breis agus sé mhí ón dáta a ngabhfaidh éifeacht leis an gcumasc.

*Airteagal 106*

*Dliteanas sibhialta ar chomhaltaí chomhlachtaí riaracháin nó bainistíochta na cuideachta atá á fáil*

Leagfar síos le dlíthe na mBallstát ar a laghad rialacha lena rialófar dliteanas sibhialta i leith scairshealbhóirí na cuideachta atá á fáil, a bheith ar chomhaltaí chomhlachtaí riaracháin nó bainistíochta na cuideachta sin i ndáil le mí-iompar ag comhaltaí na gcomhlachtaí sin agus iad i mbun an cumasc a ullmhú agus a chur chun feidhme.

*Airteagal 107*

*Dliteanas sibhialta na saineolaithe atá freagrach as an tsaintuarascáil a tharraingt suas thar ceann na cuideachta atá á fáil*

Leagfar síos i ndlíthe na mBallstát ar a laghad rialacha lena rialaítear dliteanas sibhialta, i ndáil le scairshealbhóirí na cuideachta atá á fáil, na saineolaithe atá freagrach, thar ceann na cuideachta sin, as an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 96(1) a tharraingt suas, maidir le mí-iompar ag na saineolaithe sin agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu.

*Airteagal 108*

*Coinníollacha maidir le neamhniú cumaisc*

1. I ndlíthe na mBallstát, féadfar rialacha maidir le neamhniú a leagan síos le haghaidh cumasc i gcomhréir leis na coinníollacha seo a leanas, agus leo sin amháin:

   (a) tá neamhniú le hordú i mbreithiúnas ó chúirt;

   (b) cumaisc ar ghabh éifeacht leo de bhun Airteagal 103, féadfar a dhearbhú go bhfuil siad ar neamhní mura ndearnadh aon mhaoirseacht choisctheach riaracháin nó bhreithiúnach ar a ndlíthiúlacht, agus sna cásanna sin amháin, nó murar tarraingíodh suas iad agus murar deimhníodh iad i bhfoirm chuí dlí, nó má léirítear go bhfuil cinneadh an chruinnithe ghinearálta ar neamhní nó in-neamhnithe faoin dlí náisiúnta;

   (c) ní fhéadfar imeachtaí neamhnithe a thionscnamh breis agus sé mhí tar éis an dáta a ngabhann éifeacht leis an gcumasc amhail i gcoinne an duine a líomhnaíonn neamhniú nó i gcás inar cuireadh an staid ina ceart;

(d) i gcás inar féidir locht a leigheas chun cumasc a chur ar neamhní, tá an chúirt inniúil le tréimhse ama a dheonú do na cuideachtaí lena mbaineann chun an staid a chur ina ceart;

(e) tá breithiúnas lena ndearbhaítear go bhfuil cumasc ar neamhní le bheith foilsithe ar an mbealach a fhorordaítear le dlíthe gach Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 16;

(f) i gcás ina gceadaítear le dlíthe Ballstáit do thríú páirtí agóid a dhéanamh i gcoinne breithiúnas den sórt sin, ní fhéadfaidh an páirtí sin déanamh amhlaidh ach amháin laistigh de shé mhí ó fhoilsiú an bhreithiúnais ar an mbealach a fhorordaítear le Roinn 1 de Chaibidil III de Theideal I;

(g) le breithiúnas lena ndearbhaítear go bhfuil cumasc ar neamhní, ní dhéantar difear do bhailíocht oibleagáidí atá ar an gcuideachta éadála nó i ndáil leo a d'eascair sular foilsíodh an breithiúnas agus tar éis an dáta a ngabhfaidh éifeacht leis an gcumasc; agus

(h) tá cuideachtaí ar pháirtithe de chumasc iad faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i dtaca le hoibleagáidí na cuideachta éadála dá dtagraítear i bpointe (g).

2. De mhaolú ar phointe (a) de mhír 1, féadfar foráil a dhéanamh freisin le dlíthe Ballstáit go n-ordóidh údarás riaracháin neamhniú cumaisc más féidir achomharc i gcoinne cinneadh den sórt sin a thabhairt os comhair cúirte. Beidh feidhm ag pointe (b) agus pointe (d) go pointe (h) de mhír 1 de réir analaí maidir leis an údarás riaracháin. Ní fhéadfar imeachtaí neamhnithe den sórt sin a thionscnamh breis agus sé mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an chumaisc.

3. Ní dhéanfar difear do dhlíthe na mBallstát maidir le neamhniú cumaisc a fógraíodh tar éis maoirseachta seachas maoirseacht choisctheach bhreithiúnach nó riaracháin ar dhlíthiúlacht.

## ROINN 3

## CUMASC TRÍ CHUIDEACHTA NUA A FHOIRMIÚ

*Airteagal 109*

*Cumasc trí chuideachta nua a fhoirmiú*

1. Beidh feidhm ag Airteagal 91, ag Airteagal 92 agus ag Airteagal 93 agus ag Airteagal 95 go hAirteagal 108, gan dochar d'Airteagal 11 ná d'Airteagal 12, maidir le cumasc trí chuideachtaí nua a fhoirmiú. Chun na críche sin, ciallóidh "cuideachtaí atá ag cumasc" agus "cuideachta atá á fáil" na cuideachtaí a scoirfidh de bheith ann, agus ciallóidh "cuideachta éadála" an chuideachta nua.

   Beidh feidhm ag Airteagal 91(2)(a) freisin maidir leis an gcuideachta nua.

2. Déanfar dréacht-téarmaí cumaisc agus, má tá siad i ndoiciméad ar leithligh, meabhrán comhlachais nó dréachtmheabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais nó dréacht-airteagail chomhlachais na cuideachta nua a fhormheas ag cruinniú ginearálta de chuid gach cuideachta a scoirfidh de bheith ann.

## ROINN 4

## ÉADÁIL CUIDEACHTA AMHÁIN AG CUIDEACHTA EILE A BHFUIL 90 % NÓ NÍOS MÓ DÁ SCAIREANNA I SEILBH AICI

*Airteagal 110*

*Aistriú na sócmhainní agus na ndliteanas uile atá ag cuideachta amháin nó níos mó chuig cuideachta eile a bhfuil a scaireanna ar fad ina seilbh aici*

Déanfaidh na Ballstáit foráil, i ndáil le cuideachtaí atá faoi réir a ndlíthe, don oibríocht trína ndéantar cuideachta amháin nó níos mó a fhoirceannadh gan dul faoi leachtú agus a sócmhainní agus dliteanais a aistriú chuig cuideachta eile atá ina sealbhóir ar a scaireanna go léir agus ar n-urrúis eile a thugann an ceart vótála ag cruinnithe ginearálta. Déanfar na hoibríochtaí sin a rialáil le forálacha Roinn 2 den Chaibidil seo. Mar sin féin, ní fhorchuirfidh na Ballstáit na ceanglais a leagtar amach i bpointe (b), i bpointe (c) agus i bpointe (d) d’Airteagal 91(2), in Airteagal 95 agus in Airteagal 96, i bpointe (d) agus i bpointe (e) d’Airteagal 97(1), i bpointe (b) d’Airteagal 105(1) agus in Airteagal 106 agus in Airteagal 107.

*Airteagal 111*

*Díolúine ón gceanglas maidir le formheas ag an gcruinniú ginearálta*

Ní chuirfidh na Ballstáit Airteagal 93 i bhfeidhm maidir leis na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 110 má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) déantar an foilsiú dá bhforáiltear in Airteagal 92 i ndáil le gach cuideachta atá páirteach san oibríocht, mí amháin ar a laghad sula ngabhfaidh éifeacht leis an oibríocht;

(b) mí amháin ar a laghad sula ngabhfaidh éifeacht leis an oibríocht, tá scairshealbhóirí uile na cuideachta éadála i dteideal cigireacht a dhéanamh ag oifig chláraithe na cuideachta ar na doiciméid dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) d’Airteagal 97(1);

(c) tá feidhm ag pointe (c) den chéad mhír d'Airteagal 94.

Chun críocha phointe (b) den chéad mhír den Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 97(2), (3) agus (4).

*Airteagal 112*

*Scaireanna atá i seilbh na cuideachta éadála nó thar ceann na cuideachta éadála*

Féadfaidh na Ballstáit Airteagal 110 agus Airteagal 111 a chur i bhfeidhm maidir le hoibríochtaí trína ndéantar cuideachta amháin nó níos mó a fhoirceannadh gan dul faoi leachtú agus a sócmhainní agus dliteanais uile a aistriú chuig cuideachta eile, má tá na scaireanna agus na hurrúis eile go léir a shonraítear in Airteagal 110 de chuid na cuideachta atá á fáil nó na gcuideachtaí atá á bhfáil i seilbh na cuideachta éadála agus/nó daoine a bhfuil na scaireanna agus na hurrúis sin i seilbh acu faoina n-ainm féin ach thar ceann na cuideachta sin.

*Airteagal 113*

*Cumasc trí éadáil ag cuideachta a bhfuil 90 % nó níos mó aige de scaireanna na cuideachta atá á fáil*

I gcás ina bhfuil cumasc á dhéanamh ag cuideachta a bhfuil 90 % nó níos mó de na scaireanna agus na hurrúis eile a thugann ceart vótála ag cruinnithe ginearálta na cuideachta atá á fáil nó na gcuideachtaí atá á bhfáil, ach nach bhfuil na scaireanna go léir aici, ní éileoidh na Ballstáit go ndéanfar an cumasc a fhormheas ag cruinniú ginearálta na cuideachta éadála má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) déantar an foilsiú dá bhforáiltear in Airteagal 92 maidir leis an gcuideachta éadála mí amháin ar a laghad roimh an dáta arna shocrú do chruinniú ginearálta na cuideachta atá á fáil nó na gcuideachtaí atá á bhfáil, ar cruinniú é a gcinnfear na dréacht-téarmaí cumaisc lena linn;

(b) mí amháin ar a laghad roimh an dáta a shonraítear i bpointe (a), tá scairshealbhóirí uile na cuideachta éadála i dteideal cigireacht a dhéanamh ag oifig chláraithe na cuideachta ar na doiciméid a shonraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) agus, i gcás inarb infheidhme, pointe (c), pointe (d) agus pointe (e) d'Airteagal 97(1);

(c) tá feidhm ag pointe (c) den chéad mhír d'Airteagal 94.

Chun críocha phointe (b) den chéad mhír den Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 97(2), (3) agus (4).

*Airteagal 114*

*Díolúine ó na ceanglais is infheidhme maidir le cumaisc trí éadáil*

Ní fhorchuirfidh Ballstáit na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 95, in Airteagal 96 agus in Airteagal 97 i gcás cumasc de réir bhrí Airteagal 113 má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) caithfidh scairshealbhóirí mionlaigh na cuideachta atá á fáil a bheith i dteideal go bhfaigheadh an chuideachta éadála a gcuid scaireanna;

(b) má fheidhmíonn siad an ceart sin, caithfidh siad a bheith i dteideal comaoin a fhreagraíonn do luach a gcuid scaireanna;

(c) I gcás easaontas maidir leis an gcomaoin sin, caithfidh gur féidir le cúirt nó le húdarás riaracháin arna ainmniú ag an mBallstát chun na críche sin luach na comaoine a chinneadh.

Ní gá do Bhallstát an chéad mhír a chur i bhfeidhm má tá an chuideachta éadála i dteideal, faoi dhlíthe an Bhallstáit sin, gan tairiscint táthcheangail phoiblí roimhe sin, ceangal ar shealbhóirí uile urrúis eile na cuideachta atá á fáil nó na gcuideachtaí atá á bhfáil na hurrúis sin a dhíol roimh an gcumasc ar phraghas cóir.

*Airteagal 115*

*Aistriú na sócmhainní agus na ndliteanas go léir ag cuideachta amháin nó níos mó chuig cuideachta eile a bhfuil 90 % nó níos mó dá scaireanna i seilbh aici nó acu*

Féadfaidh na Ballstáit Airteagal 113 agus Airteagal 114 a chur i bhfeidhm maidir le hoibríochtaí trína ndéantar cuideachta amháin nó níos mó a fhoirceannadh gan dul faoi leachtú agus a sócmhainní agus dliteanais uile a aistriú chuig cuideachta eile má tá 90 % nó níos mó de na scaireanna agus de na hurrúis eile dá dtagraítear in Airteagal 113 de chuid na cuideachta atá a fáil nó na gcuideachtaí atá á bhfáil i seilbh na cuideachta éadála sin agus/nó daoine a bhfuil na scaireanna agus na hurrúis sin ina seilbh acu faoina n-ainm féin ach thar ceann na cuideachta sin, ach nach bhfuil na scaireanna agus na hurrúis sin go léir ina seilbh acu.

## ROINN 5

## OIBRÍOCHTAÍ EILE A GCAITEAR MAR CHUMAISC LEO

*Airteagal 116*

*Cumaisc lena mbaineann íocaíocht in airgead tirim a sháraíonn 10 %*

Más rud é, i gcás ceann de na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 87, go gceadaítear le dlíthe Ballstáit go sáraíonn íocaíocht in airgead tirim 10 %, beidh feidhm ag Roinn 2 agus ag Roinn 3 den Chaibidil seo agus ag Airteagal 113, Airteagal 114 agus Airteagal 115 maidir leis sin.

*Airteagal 117*

*Cumaisc gan gach ceann de na cuideachtaí aistrithe do scor de bheith ann*

I gcás ina gceadaítear faoi dhlíthe Bhallstáit ceann de na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 88, Airteagal 110 agus Airteagal 116 gan gach ceann de na cuideachtaí aistrithe do scor de bheith ann mar gheall air sin, beidh feidhm ag Roinn 2, seachas pointe (c) d’Airteagal 105(1), agus Roinn 3 nó Roinn 4 den Chaibidil seo, de réir mar is iomchuí.

# Caibidil II

# Cumaisc thrasteorann cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta

*Airteagal 118*

*Forálacha ginearálta*

Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le cumaisc cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta a fhoirmítear i gcomhréir le dlí Ballstáit agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomhionad gnó acu laistigh den Aontas, ar choinníoll go bhfuil ar a laghad dhá cheann acu faoi rialú Ballstáit éagsúla (dá ngairtear 'cumaisc thrasteorann' anseo feasta).

*Airteagal 119*

*Sainmhínithe*

Chun críocha na Caibidle seo:

(1) ciallaíonn 'cuideachta faoi dhliteanas teoranta', dá ngairtear 'cuideachta' anseo feasta:

(a) cuideachta de chineál a liostaítear in Iarscríbhinn II; nó

(b) cuideachta a bhfuil scairchaipiteal agus a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aici, agus a bhfuil a sócmhainní ar leith aici nach n-úsáidtear ach iad chun a cuid fiacha a chlúdach agus atá faoi réir coinníollacha, faoin dlí náisiúnta lena rialaítear í, is coinníollacha maidir le ráthaíochtaí amhail na coinníollacha dá bhforáiltear faoi Roinn 2 de Chaibidil II de Theideal I agus Roinn 1 de Chaibidil III de Theideal I maidir le leasanna comhaltaí agus daoine eile a chosaint;

(2) ciallaíonn “cumasc” oibríocht trína ndéantar an méid seo a leanas:

(a) aistríonn cuideachta amháin nó níos mó, ar í nó iad a dhíscaoileadh gan dul faoi leachtú, a sócmhainní agus dliteanais uile chuig cuideachta eile atá ann cheana, an chuideachta éadála, mar mhalairt ar 'urrúis nó scaireanna a eisiúint lena gcomhaltaí arb ionann iad agus caipiteal na cuideachta eile agus, más infheidhme, íocaíocht in airgead tirim nach mó ná 10 % den luach ainmniúil, nó, in éagmais luach ainmniúil, parluach cuntasaíochta na scaireanna nó na n-urrús sin; nó

(b) aistríonn dhá chuideachta nó níos mó, ar iad a dhíscaoileadh gan dul faoi leachtú, a sócmhainní agus dliteanais uile chuig cuideachta a fhoirmíonn siad, an chuideachta nua, mar mhalairt ar urrúis nó scaireanna a eisiúint lena gcomhaltaí arb ionann iad agus caipiteal na cuideachta eile agus, más infheidhme, íocaíocht in airgead tirim nach mó ná 10 % den luach ainmniúil, nó, in éagmais luach ainmniúil, parluach cuntasaíochta na scaireanna nó na n-urrús sin; nó

(c) aistríonn cuideachta, ar í a dhíscaoileadh gan dul faoi leachtú, a sócmhainní agus dliteanais uile chuig an gcuideachta a bhfuil na hurrúis nó na scaireanna uile ina seilbh aici arb ionann iad agus a caipiteal.

*Airteagal 120*

*Forálacha breise a bhaineann le raon feidhme*

1. D'ainneoin Airteagal 119(2), beidh feidhm ag an gCaibidil seo freisin maidir le cumaisc thrasteorann i gcás ina gceadaítear le dlí Ballstáit amháin ar a laghad an íocaíocht in airgead tirim dá dtagraítear in Airteagal 119(2)(a) agus (b) sárú ar 10 % de luach ainmniúil, nó, in éagmais luach ainmniúil, de pharluach cuntasaíochta na n-urrús nó na scaireanna arb ionann iad agus caipiteal na cuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann.

2. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan an Chaibidil seo a chur i bhfeidhm maidir le cumaisc thrasteorann a bhaineann le comharchumann fiú i gcásanna nuair a thiocfadh a leithéid faoin sainmhíniú ar chuideachta faoi dhliteanas teoranta mar a leagtar síos in Airteagal 119(1) é.

3. Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le cumaisc thrasteorann a bhaineann le cuideachta arb é an cuspóir léi an chomhinfheistíocht chaipitil arna soláthar ag an bpobal, a oibríonn ar phrionsabal an scaipthe riosca, agus ina ndéantar na haonaid aici a athcheannach nó a fhuascailt, arna iarraidh sin do na sealbhóirí, go díreach nó go hindíreach, as sócmhainní na cuideachta sin. Gníomh a dhéanann cuideachta den sórt sin chun a áirithiú nach n-éagsúlaíonn luach stocmhalartáin a n-aonad go sonrach ón nglanluach sócmhainní, measfar é sin a bheith comhionann le hathcheannach nó fuascailt.

4. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an gcuideachta nó na cuideachtaí atá mar ábhar úsáid uirlisí, cumhachtaí agus sásraí réitigh dá bhforáiltear i dTeideal IV de Threoir 2014/59/AE.

*Airteagal 121*

*Coinníollacha a bhaineann le cumaisc thrasteorann*

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chaibidil seo,

   (a) ní fhéadfar cumaisc thrasteorann a dhéanamh ach amháin idir cineálacha cuideachtaí a fhéadfaidh cumasc faoi dhlí náisiúnta na mBallstát ábhartha;

   (b) comhlíonfaidh cuideachta a ghlacfaidh páirt i gcumasc trasteorann forálacha agus foirmiúlachtaí an dlí náisiúnta a bhfuil sí faoina réir. Beidh feidhm freisin le dlíthe Ballstáit lena cumasaítear do na húdaráis náisiúnta cur i gcoinne cumasc inmheánach áirithe ar mhaithe le leas an phobail maidir le cumasc trasteorann i gcás ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na cuideachtaí atá ag cumasc faoi réir dhlí an Bhallstáit sin. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil sin a mhéid atá Airteagal 21 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 infheidhme.

2. I measc na bhforálacha agus na bhfoirmiúlachtaí dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 áireofar, go háirithe, iad siúd a bhaineann leis an bpróiseas cinnteoireachta maidir leis an gcumasc agus, cineál trasteorann an chumaisc á chur san áireamh, cosaint creidiúnaithe na gcuideachtaí atá ag cumasc, sealbhóirí bintiúr agus sealbhóirí urrús nó scaireanna, chomh maith le fostaithe i ndáil le cearta seachas na cearta sin atá faoi réir Airteagal 133. Féadfaidh Ballstát, i gcás cuideachtaí atá rannpháirteach i gcumasc trasteorann agus atá faoi réir dhlí an Bhallstáit sin, forálacha a ghlacadh chun cosaint iomchuí a áirithiú do chomhaltaí mionlaigh a chuir i gcoinne an chumaisc thrasteorann.

*Airteagal 122*

*Dréacht-téarmaí comhchoiteanna cumasc trasteorann*

Déanfaidh orgán bainistíochta nó riaracháin gach cinn de na cuideachtaí atá ag cumasc dréacht-téarmaí comhchoiteanna cumaisc thrasteorann a tharraingt suas. Áireofar na sonraí seo a leanas ar a laghad sna dréacht-téarmaí comhchoiteanna cumaisc thrasteorann:

(a) foirm, ainm agus oifig chláraithe na gcuideachtaí atá ag cumasc agus na gcuideachtaí a mholtar don chuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann;

(b) an cóimheas is infheidhme maidir le malartú scaireanna nó urrús a léiríonn caipiteal na cuideachta agus méid aon íocaíochta in airgead tirim;

(c) na téarmaí i ndáil le leithroinnt urrús nó scaireanna arb ionann iad agus caipiteal na cuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann;

(d) impleachtaí dóchúla an chumaisc thrasteorann ar an bhfostaíocht;

(e) an dáta óna bhfuil sealbhóirí na n-urrús sin nó na scaireanna sin a léiríonn caipiteal na cuideachta i dteideal brabús a roinnt, de bhrí gur sealbhóirí iad, agus aon choinníollacha speisialta lena ndéantar difear don teidlíocht sin;

(f) an dáta óna gcaithfear le hidirbhearta na gcuideachtaí atá ag cumasc chun críocha cuntasaíochta mar idirbhearta de chuid na cuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann;

(g) na cearta a thabharfaidh an chuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann do chomhaltaí a bhfuil cearta speisialta acu nó do shealbhóirí urrús seachas scaireanna a léiríonn caipiteal na cuideachta nó na bearta a mholtar ina leith;

(h) aon bhuntáistí speisialta a thugtar do na saineolaithe a dhéanann scrúdú ar na dréacht-téarmaí cumaisc thrasteorann nó do chomhaltaí orgáin riaracháin, bainistíochta, maoirseachta nó rialúcháin na gcuideachtaí atá ag cumasc;

(i) reachtanna na cuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann;

(j) i gcás inarb iomchuí, faisnéis faoi na nósanna imeachta lena ndéantar cinneadh de bhun Airteagal 133 ar shocruithe i ndáil le rannpháirteachas fostaithe agus a gcearta á sainmhíniú maidir le rannpháirtíocht sa chuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann;

(k) faisnéis faoin meastóireacht ar na sócmhainní agus ar na dliteanais a aistreofar chuig an gcuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann;

(l) dátaí chuntais na gcuideachtaí atá ag cumasc a úsáidtear chun coinníollacha an chumaisc thrasteorann a bhunú.

*Airteagal 123*

*Foilsiú*

1. Foilseofar dréacht-téarmaí comhchoiteanna an chumaisc thrasteorann ar an mbealach a fhorordaítear le dlíthe gach Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 16, do gach ceann de na cuideachtaí atá ag cumasc, ar a laghad mí amháin roimh dháta an chruinnithe ghinearálta a dhéanfaidh cinneadh ina leith.

Beidh aon cheann de na cuideachtaí atá ag cumasc díolmhaithe ón gceanglas maidir le foilsiú a leagtar síos in Airteagal 16, más rud é ar feadh tréimhse leanúnach a thosaíonn ar a laghad mí amháin roimh an dáta arna shocrú don chruinniú ginearálta atá chun dréacht-téarmaí comhchoiteanna an chumaisc thrasteorann a chinneadh agus nach gcríochnaíonn níos luaithe ná clabhsúr an chruinnithe sin, go gcuirfidh sí dréacht-téarmaí comhchoiteanna an chumaisc sin ar fáil ar a suíomh gréasáin saor in aisce don phobal. Ní chuirfidh na Ballstáit an díolúine sin faoi réir aon cheanglas ná srianta seachas na ceanglais nó na srianta sin atá riachtanach d'fhonn slándáil an tsuímh gréasáin agus barántúlacht na ndoiciméad a áirithiú, ná ní fhéadfaidh siad na ceanglais nó na srianta sin a fhorchur ach a mhéid atá siad comhréireach d'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach.

De mhaolú ar an dara fomhír, féadfaidh na Ballstáit a éileamh go gcuirfear an foilseachán sin i gcrích tríd an ardán lárnach leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 16(5). De rogha air sin, féadfaidh na Ballstáit a éileamh go ndéanfar an foilseachán sin ar shuíomh gréasáin ar bith eile a ainmníonn siad chun na críche sin. I gcás ina mbaineann na Ballstáit leas as ceann de na féidearthachtaí sin, áiritheoidh siad nach ngearrfar táille shainiúil ar chuideachtaí as an bhfoilsiú sin.

I gcás ina n-úsáidtear suíomh gréasáin seachas an t-ardán lárnach leictreonach, foilseofar tagairt lena dtugtar rochtain ar an suíomh gréasáin sin ar an ardán lárnach leictreonach ar a laghad mí amháin roimh an dáta arna shocrú don chruinniú ginearálta. Áireofar sa tagairt sin dáta foilsithe na ndréacht-téarmaí comhchoiteanna cumaisc thrasteorann ar an suíomh gréasáin agus beidh rochtain ag an bpobal uirthi saor in aisce. Ní ghearrfar táille shainiúil ar chuideachtaí as an bhfoilseachán sin.

Ní dhéanfar difear, leis an toirmeasc lena gcuirtear bac ar tháille ar leith a ghearradh ar chuideachtaí le haghaidh foilsithe, a leagtar síos sa tríú fomhír agus sa cheathrú fomhír, do chumas na mBallstát na costais i dtaca leis an ardán lárnach leictreonach a ghearradh ar chuideachtaí.

Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar chuideachtaí an fhaisnéis a choinneáil ar a suíomh gréasáin ar feadh tréimhse shonrach tar éis an chruinnithe ghinearálta, nó, i gcás inarb infheidhme, ar an ardán lárnach leictreonach nó ar an suíomh gréasáin eile arna ainmniú ag an mBallstát lena mbaineann. Féadfaidh na Ballstáit iarmhairtí fachtóirí teicniúla nó eile a chinneadh a dtarlaíonn cur isteach sealadach ar rochtain ar an suíomh gréasáin nó ar an ardán lárnach leictreonach mar gheall orthu.

2. I gcás gach cinn de na cuideachtaí atá ag cumasc agus faoi réir na gceanglas breise arna bhforchur ag an mBallstát a bhfuil an chuideachta lena mbaineann faoina réir, foilseofar na sonraí seo a leanas in iris náisiúnta an Bhallstáit sin:

(a) cineál, ainm agus oifig chláraithe gach cinn de na cuideachtaí atá ag cumasc;

(b) an clár ina gcomhdaítear na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 16(3) maidir le gach cuideachta atá ag cumasc, agus uimhir na hiontrála sa chlár sin;

(c) léiriú, i ndáil le gach ceann de na cuideachtaí atá ag cumasc, ar na socruithe a rinneadh maidir le feidhmiú ceart creidiúnaithe agus comhaltaí mionlaigh ar bith de chuid na gcuideachtaí atá ag cumasc agus an seoladh a bhféadfar an fhaisnéis iomlán maidir leis na socruithe sin a fháil saor in aisce ann.

*Airteagal 124*

*Tuarascáil an orgáin bainistíochta nó riaracháin*

Déanfaidh orgán bainistíochta nó riaracháin gach cinn de na cuideachtaí atá ag cumasc tuarascáil a tharraingt suas atá beartaithe do na comhaltaí ina dtugtar míniú agus bonn cirt le gnéithe dlíthiúla agus eacnamaíocha an chumaisc thrasteorann agus ina dtugtar míniú ar impleachtaí an chumaisc thrasteorann do chomhaltaí, do chreidiúnaithe agus d'fhostaithe.

Cuirfear an tuarascáil ar fáil do na comhaltaí agus d'ionadaithe na bhfostaithe nó, i gcás nach ann d'aon ionadaí den sórt sin, do na fostaithe iad féin, tráth nach lú ná mí amháin roimh dháta an chruinnithe ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 126.

I gcás ina bhfaigheann an t-orgán bainistíochta nó riaracháin in aon cheann de na cuideachtaí atá ag cumasc, in am trátha, tuairim ó ionadaithe a bhfostaithe, mar a fhoráiltear faoin dlí náisiúnta, déanfar an tuairim sin a chur i gceangal leis an tuarascáil.

*Airteagal 125*

*Tuarascáil ó na saineolaithe neamhspleácha*

1. Déanfar tuarascáil ó na saineolaithe neamhspleácha atá beartaithe do chomhaltaí a tharraingt suas agus cuirfear ar fáil í tráth nach lú ná mí amháin roimh dháta an chruinnithe ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 126 do gach cuideachta atá ag cumasc. Ag brath ar dhlí gach Ballstáit, d'fheadfadh sé gur daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha a bheadh sna saineolaithe sin.

2. Mar rogha mhalartach ar shaineolaithe a oibríonn thar ceann gach cinn de na cuideachtaí atá ag cumasc, féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na saineolaithe neamhspleácha, arna cheapadh nó arna gceapadh chun na críche sin, arna iarraidh sin i gcomhpháirt do na cuideachtaí, ag údarás breithiúnach nó riaracháin sa Bhallstát ag ceann amháin de na cuideachtaí atá ag cumasc nó ag an gcuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann nó a d'fhormheas údarás den sórt sin, scrúdú a dhéanamh ar na dréacht-téarmaí comhchoiteanna cumaisc thrasteorann agus tuarascáil scríofa amháin a tharraingt suas do na comhaltaí uile.

3. Áireofar sa tuarascáil ó na saineolaithe ar a laghad na sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 96(2). Beidh na saineolaithe i dteideal gach faisnéis a aimsiú ó na cuideachtaí atá ag cumasc a mheasann siad a bheith riachtanach chun a ndualgais a chomhlíonadh.

4. Ní cheanglófar scrúdú ar na dréacht-téarmaí comhchoiteanna cumaisc thrasteorann ná tuarascáil ó shaineolaithe má chomhaontaigh na sealbhóirí uile agus sealbhóirí urrús eile lena dtugtar ceart vótála de chuid gach cinn de na cuideachtaí atá páirteach sa chumasc déanamh amhlaidh.

*Airteagal 126*

*Formheas ag an gcruinniú ginearálta*

1. Tar éis aird a thabhairt ar na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 124 agus in Airteagal 125, déanfaidh cruinniú ginearálta gach cinn de na cuideachtaí atá ag cumasc cinneadh maidir leis na dréacht-téarmaí comhchoiteanna cumaisc thrasteorann a fhormheas.

2. Féadfaidh cruinniú ginearálta gach cinn de na cuideachtaí atá ag cumasc an ceart a choimeád chun cur chun feidhme an chumaisc thrasteorann a bheith coinníollach ar dhaingniú sainráite an chruinnithe ar shocruithe arna gcinneadh maidir le rannpháirtíocht fostaithe sa chuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann.

3. Ní gá a cheangal le dlíthe Ballstáit go ndéanfar an cumasc a fhormheas ag cruinniú ginearálta na cuideachta éadála má chomhlíontar na coinníollacha a leagadh síos in Airteagal 94.

*Airteagal 127*

*Deimhniú réamh-chumaisc*

1. Ainmneoidh gach Ballstát an chúirt, an nótaire nó an t-údarás eile atá inniúil chun grinnscrúdú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an chumaisc thrasteorann i ndáil leis an gcuid sin den nós imeachta a bhaineann le gach cuideachta atá ag cumasc atá faoi réir a dhlí náisiúnta.

2. I ngach Ballstát lena mbaineann, eiseoidh an t-údarás lena mbaineann dá dtagraítear i mír 1, gan mhoill chuig gach cuideachta atá ag cumasc faoi réir dhlí náisiúnta an Stáit sin, deimhniú a fhianóidh go cinntitheach comhlánú ceart na ngníomhartha agus na bhfoirmiúlachtaí réamh-chumaisc.

3. Má dhéanann dlí Ballstáit a bhfuil cuideachta atá ag cumasc faoina réir foráil maidir le nós imeachta chun grinnscrúdú agus leasú a dhéanamh ar an gcóimheas is infheidhme maidir leis an malartú scaireanna nó urrús, nó maidir le nós imeachta chun comhaltaí mionlaigh a chúiteamh, gan cosc a chur ar chlárú an chumaisc thrasteorann, ní bheidh feidhm ag an nós imeachta sin ach amháin má ghlacann na cuideachtaí eile atá ag cumasc go sainráite, ar cuideachtaí iad atá lonnaithe i mBallstát nach ndéanann foráil leis an nós imeachta sin, agus dréacht-téarmaí an chumaisc thrasteorann i gcomhréir le hAirteagal 126(1) á bhformheas acu, má ghlacann na cuideachtaí sin go bhféadfadh comhaltaí na cuideachta atá ag cumasc dul ar iontaoibh nós imeachta den sórt sin, a dhéanfar a thionscnamh os comhair na cúirte ag a bhfuil dlínse ar an gcuideachta atá ag cumasc. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh an t-údarás dá dtagraítear i mír 1 an deimhniú dá dtagraítear i mír 2 a eisiúint fiú má cuireadh tús le nós imeachta den sórt sin. Cuirfear in iúl ar an deimhniú, áfach, go bhfuil an nós imeachta ar feitheamh. Beidh an cinneadh sa nós imeachta ina cheangal ar an gcuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann agus ar a comhaltaí uile.

*Airteagal 128*

*Grinnscrúdú ar dhlíthiúlacht an chumaisc thrasteorann*

1. Ainmneoidh gach Ballstát an chúirt, an nótaire nó an t-údarás eile atá inniúil eile chun grinnscrúdú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an chumaisc thrasteorann i ndáil leis an gcuid sin den nós imeachta a bhaineann le comhlánú an chumaisc thrasteorann agus, i gcás inarb iomchuí, foirmiú cuideachta nua a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann i gcás ina bhfuil an chuideachta a chruthófar leis an gcumasc trasteorann faoi réir a dhlí náisiúnta. Áiritheoidh an t-údarás sin go háirithe gur fhormheas na cuideachtaí atá ag cumasc na dréacht-téarmaí comhchoiteanna cumaisc thrasteorann sna téarmaí céanna agus, i gcás inarb iomchuí, gur cinneadh socruithe maidir le rannpháirtíocht fostaithe i gcomhréir le hAirteagal 133.

2. Chun críche mhír 1, cuirfidh gach cuideachta atá ag cumasc faoi bhráid an údaráis dá dtagraítear i mír 1 an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 127(2) laistigh de shé mhí tar éis a eisiúna mar aon leis na dréacht-téarmaí comhchoiteanna cumaisc thrasteorann a formheasadh ag an gcruinniú ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 126.

*Airteagal 129*

*An dáta a ngabhfaidh éifeacht leis an gcumasc trasteorann*

Is é dlí an Bhallstáit a mbeidh an chuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann faoina réir a chinnfidh an dáta a ngabhfaidh éifeacht leis an gcumasc trasteorann. Beidh an dáta sin i ndiaidh an grinnscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 128 a chur i gcrích.

*Airteagal 130*

*Clárú*

Is é dlí an Bhallstáit a bhfuil na cuideachtaí atá ag cumasc faoina réir a chinnfidh, i ndáil le críoch an Bhallstáit sin, na socruithe, i gcomhréir le hAirteagal 16, maidir le tabhairt chun críche an chumaisc thrasteorann a phoibliú sa chlár phoiblí nach mór do gach ceann de na cuideachtaí doiciméid a chomhdú ann.

Tabharfaidh an clár do chlárú na cuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann fógra, trí chóras idirnascadh na gclár arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 22(2) agus gan mhoill, don chlár a raibh ceangal ar gach ceann de na cuideachtaí doiciméid a chomhdú ann, gur ghabh éifeacht leis an gcumasc trasteorann. Déanfar an seanchlárú a scriosadh, más infheidhme, tar éis an fógra sin a fháil, agus ní scriosfar roimhe sin é.

*Airteagal 131*

*Iarmhairtí cumaisc thrasteorann*

1. Beidh na hiarmhairtí seo a leanas ag cumasc trasteorann a dhéantar mar a leagtar síos i bhfophointe (a) agus i bhfophointe (c) de phointe (2) d'Airteagal 119 , ón dáta dá dtagraítear in Airteagal 129:

   (a) aistreofar sócmhainní agus dliteanais uile na cuideachta atá á fáil chuig an gcuideachta éadála;

(b) beidh comhaltaí na cuideachta atá á fáil ina gcomhaltaí den chuideachta éadála;

(c) scoirfidh an chuideachta atá á fáil de bheith ann.

2. Beidh na hiarmhairtí seo a leanas ag cumasc trasteorann a dhéantar mar a leagtar síos i bhfophointe (b) de phointe (2) d'Airteagal 119, ón dáta dá dtagraítear in Airteagal 129:

(a) aistreofar sócmhainní agus dliteanais uile na cuideachta atá ag cumasc chuig an gcuideachta nua;

(b) beidh comhaltaí na gcuideachtaí atá ag cumasc ina gcomhaltaí den chuideachta nua;

(c) scoirfidh na cuideachtaí atá ag cumasc de bheith ann.

3. I gcás cumasc trasteorann cuideachtaí a chumhdaítear leis an gCaibidil seo, ina bhfuil gá faoi dhlíthe an Bhallstáit foirmiúlachtaí speisialta a chomhlánú sula mbeidh éifeacht i gcoinne tríú páirtithe le haistriú sócmhainní, ceart agus oibleagáidí áirithe ag na cuideachtaí atá ag cumasc, cuirfidh an chuideachta a thiocfaidh as an gcumasc na foirmiúlachtaí sin chun críche.

4. Maidir le cearta agus oibleagáidí na gcuideachtaí sin a eascraíonn as conarthaí fostaíochta nó ó chaidreamh fostaíochta agus atá ann ar an dáta a ngabhfaidh éifeacht leis an gcumasc trasteorann, mar gheall ar theacht i bhfeidhm an chumaisc thrasteorann sin, déanfar iad a aistriú chuig an gcuideachta a thiocfaidh as an gcumasc ar an dáta a ngabhfaidh éifeacht leis an gcumasc trasteorann.

5. Ní dhéanfar aon scaireanna sa chuideachta éadála a mhalartú ar mhaithe le scaireanna sa chuideachta atá á fáil:

(a) tríd an gcuideachta éadála féin nó trí dhuine atá ag gníomhú ina ainm féin nó ina hainm féin ach ar son na cuideachta éadála;

(b) tríd an gcuideachta féin atá á fáil nó trí aon duine atá ag gníomhú ina ainm féin nó ina hainm féin ach ar son na cuideachta.

*Airteagal 132*

*Foirmiúlachtaí simplithe*

1. I gcás cumasc trasteorann a dhéantar trí éadáil ag cuideachta a shealbhaíonn na scaireanna uile agus na hurrúis eile a thugann an ceart vótála ag cruinnithe ginearálta na cuideachta atá á fáil nó na gcuideachtaí atá á bhfáil cumasc trasteorann :

– ní bheidh feidhm ag Airteagal 122(b), (c) agus (e), ag Airteagal 125 agus ag Airteagal 131(1)(b),

– ní bheidh feidhm ag Airteagal 126(1) maidir leis an gcuideachta atá á fáil nó na cuideachtaí atá á bhfáil.

2. I gcás ina ndéanann cuideachta a shealbhaíonn 90 % nó níos mó de na scaireanna agus urrúis eile a thugann an ceart vótála ag cruinnithe ginearálta den chuideachta atá á fáil nó de na cuideachtaí atá á bhfáil, ach nach sealbhaíonn na scaireanna agus na hurrúis sin ar fad, cumasc trasteorann trí éadáil a chur i gcrích, ní bheidh gá le tuarascálacha ó shaineolaí neamhspleách nó ó shaineolaithe neamhspleácha ach a mhéid atá gá lena leithéid faoin dlí náisiúnta lena rialaítear an chuideachta éadála nó an chuideachta atá á fáil nó na cuideachtaí atá á bhfáil, i gcomhréir le Caibidil I de Theideal II.

*Airteagal 133*

*Rannpháirtíocht na bhfostaithe*

1. Gan dochar do mhír 2, beidh an chuideachta a thiocfaidh as an gcumas trasteorann faoi réir na rialacha atá i bhfeidhm maidir le rannpháirtíocht na bhfostaithe, más ann dóibh, sa Bhallstát ina mbeidh a hoifig chláraithe.

2. Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag na rialacha maidir le rannpháirtíocht na bhfostaithe, más ann dóibh, sa Bhallstát ina mbeidh oifig chláraithe na cuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann, i gcás, sna sé mhí roimh fhoilsiú dhréacht-téarmaí an chumaisc thrasteorann dá dtagraítear in Airteagal 123, gur mó ná 500 ar an meán líon na bhfostaithe atá ag ceann amháin ar a laghad de na cuideachtaí atá ag cumasc, agus go bhfuil ceann amháin díobh ar a laghad ag feidhmiú faoi chóras rannpháirtíochta fostaithe de réir bhrí phointe (k) d’Airteagal 2 de Threoir 2001/86/CE, nó i gcás, faoin dlí náisiúnta is infheidhme maidir leis an gcuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann, nach ndéantar an méid a leanas:

   (a) foráil a dhéanamh don leibhéal céanna rannpháirtíochta fostaithe ar a laghad agus a bhí sna cuideachtaí atá ag cumasc, arna thomhas trí thagairt a dhéanamh don chion ionadaithe fostaithe i measc chomhaltaí an orgáin riaracháin nó maoirseachta nó a gcoistí nó an ghrúpa bainistíochta a chumhdaíonn aonaid bhrabúis na cuideachta, faoi réir ionadaíocht fostaithe; nó

(b) foráil a dhéanamh maidir le fostaithe bunaíochtaí de chuid na cuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann atá suite i mBallstát eile, go mbeidh siad i dteideal cearta rannpháirtíochta a fheidhmiú mar atá na fostaithe sin sa Bhallstát ina bhfuil a hoifig chláraithe ag an gcuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann.

3. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 2, beidh rannpháirtíocht na bhfostaithe sa chuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann agus a bpáirtíocht i sainmhíniú na gceart sin arna rialú ag na Ballstáit, *mutatis mutandis* agus faoi réir mhír 4 go mír 7, i gcomhréir leis na prionsabail agus na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 12(2), (3) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 2157/2001 agus na forálacha seo a leanas de Threoir 2001/6/CE:

(a) Airteagal 3(1), (2) agus (3), an chéad fhleasc den chéad fhomhír d'Airteagal 3(4), an dara fomhír d'Airteagal 3(4) agus Airteagal 3(5) agus (7);

(b) Airteagal 4(1), Airteagal 4(2)(a), (g) agus (h) agus Airteagal 4(3);

(c) Airteagal 5;

(d) Airteagal 6;

(e) Airteagal 7(1), pointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 7(2), an dara fomhír d'Airteagal 7(2) agus Airteagal 7(3). Mar sin féin, chun críocha na Caibidle seo, ardófar ó 25% go dtí 33 1/3 % na céatadáin a cheanglaítear faoi phointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 7(2) de Threoir 2001/86/CE maidir le cur i bhfeidhm na rialacha caighdeánacha atá i gCuid 3 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir sin;

(f) Airteagal 8, Airteagal 10 agus Airteagal 12;

(g) Airteagal 13(4);

(h) pointe (b) de Chuid 3 den Iarscríbhinn.

4. Agus iad i mbun rialála ar na prionsabail agus na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 3, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) an ceart a thabhairt d'orgáin ábhartha na gcuideachtaí atá ag cumasc roghnú gan caibidlíocht roimh ré a bheith go díreach faoi réir na rialacha caighdeánacha maidir le rannpháirtíocht dá dtagraítear i bpointe (h) de mhír 3, mar a leagtar síos i reachtaíocht an Bhallstáit ina mbeidh oifig chláraithe na cuideachta a thiocfaidh as an gcumasc, agus cloí leis na rialacha sin ó dháta an chláraithe;

(b) an ceart a thabhairt don chomhlacht speisialta caibidlíochta cinneadh a dhéanamh, trí thromlach dhá thrian dá chomhaltaí a dhéanann ionadaíocht ar dhá thrian de na fostaithe, lena n-áirítear vótaí na gcomhaltaí a dhéanann ionadaíocht ar fhostaithe in dhá Bhallstát éagsúla, gan caibidlíocht a oscailt nó caibidlíocht a osclaíodh cheana féin a fhoirceannadh agus brath ar na rialacha maidir le rannpháirtíocht atá i bhfeidhm sa Bhallstát ina mbeidh oifig chláraithe na cuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann suite;

(c) i gcás ina bhfuil feidhm, tar éis caibidlíocht roimh ré, le rialacha caighdeánacha le haghaidh rannpháirtíochta agus in ainneoin rialacha den sórt sin, féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh maidir le teorainn a chur ar chion na n-ionadaithe fostaithe in orgán riaracháin na cuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann. Mar sin féin, más rud é i gceann de na cuideachtaí atá ag cumasc gur ionadaithe fostaithe ar a laghad trian den bhord riaracháin nó maoirseachta, ní fhéadfaidh sé a bheith mar thoradh riamh ar an teorannú sin go mbeadh cion ionadaithe fostaithe níos ísle ná aon trian san orgán riaracháin.

5. Ní bheidh sé mar thoradh ar chearta rannpháirtíochta a shíneadh chuig fostaithe na cuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann a bheidh fostaithe i mBallstáit eile, dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2, go mbeidh oibleagáid ar na Ballstáit a roghnaíonn déanamh amhlaidh na fostaithe sin a chur san áireamh agus na tairseacha lucht saothair á ríomh as a dtiocfaidh cearta rannpháirtíochta faoin dlí náisiúnta.

6. I gcás ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na cuideachtaí atá ag cumasc ag feidhmiú faoi chóras rannpháirtíochta fostaithe agus an chuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann le rialú faoi chóras den chineál sin i gcomhréir leis na rialacha dá dtagraítear i mír 2, beidh oibleagáid ar an gcuideachta sin foirm dhlíthiúil a ghabháil lena gceadaítear cearta rannpháirtíochta a fheidhmiú.

7. I gcás ina bhfuil an chuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann ag oibriú faoi chóras rannpháirtíochta fostaithe, beidh oibleagáid ar an gcuideachta sin bearta a ghlacadh chun a áirithiú go gcosnófar cearta rannpháirtíochta fostaithe i gcás cumaisc intíre ina dhiaidh sin go ceann tréimhse trí bliana tar éis an dáta ar ghabh éifeacht leis an gcumasc trasteorann, trí na rialacha a leagtar síos san Airteagal seo a chur i bhfeidhm *mutatis mutandis*.

*Airteagal 134*
*Bailíocht*

Ní fhéadfar cumasc trasteorann ar ghabh éifeacht leis mar a fhoráiltear in Airteagal 129 a chur ar neamhní.

# Caibidil III
# Cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta a dheighilt

## ROINN 1
## FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 135*

*Forálacha ginearálta maidir le hoibríochtaí deighilte*

1. I gcás ina gceadóidh na Ballstáit na cineálacha cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a thagann faoina ndlíthe oibríochtaí deighilte a dhéanamh trí éadáil mar a shainmhínítear in Airteagal 136, cuirfidh siad na hoibríochtaí sin faoi réir Roinn 2 den Chaibidil seo.

2. I gcás ina gceadóidh na Ballstáit na cineálacha cuideachtaí dá dtagraítear i mír 1 oibríochtaí deighilte a dhéanamh trí chuideachtaí nua a fhoirmiú mar a shainmhínítear in Airteagal 155, cuirfidh siad na hoibríochtaí sin faoi réir Roinn 3 den Chaibidil seo.

3. I gcás ina gceadóidh na Ballstáit na cineálacha cuideachtaí dá dtagraítear i mír 1 oibríochtaí a dhéanamh, ina ndéantar deighilt trí éadáil mar a shainmhínítear in Airteagal 136(1) a chomhcheangal le deighilt trí chuideachta nua amháin nó níos mó a fhoirmiú mar a shainmhínítear in Airteagal 155(1), cuirfidh siad na hoibríochtaí sin faoi réir Roinn 2 den Chaibidil seo agus faoi réir Airteagal 156.

4. Beidh feidhm ag Airteagal 87(2), (3) agus (4).

## ROINN 2

## DEIGHILT TRÍ ÉADÁIL

*Airteagal 136*

*Sainmhíniú ar "deighilt trí éadáil"*

1. Chun críocha na Caibidle seo, ciallóidh "deighilt trí éadáil" an oibríocht lena n-aistríonn cuideachta, tar éis a foirceanta gan dul faoi leachtú, a sócmhainní agus a dliteanais go léir chuig níos mó ná cuideachta amháin mar mhalartú ar scaireanna sna cuideachtaí a fhaigheann ranníocaíochtaí mar gheall ar an deighilt (dá ngairtear "cuideachtaí is faighteoir" anseo feasta) a chionroinnt ar scairshealbhóirí na cuideachta atá á deighilt, agus íocaíocht fhéideartha in airgead tirim nach sáraíonn 10% de luach ainmniúil na scaireanna arna gcionroinnt nó, i gcás nach bhfuil aon luach ainmniúil acu, dá bparluach cuntasaíochta.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 89(2).

3. A mhéid a thagraíonn an Chaibidil seo d'fhorálacha Chaibidil I de Theideal II, ciallaíonn an téarma "cuideachtaí atá ag cumasc" "na cuideachtaí atá páirteach i ndeighilt", ciallaíonn an téarma "cuideachta atá á fáil" "an chuideachta atá á deighilt", ciallaíonn an téarma "cuideachta éadála" "gach ceann de na cuideachtaí is faighteoir" agus ciallaíonn an téarma "dréacht-téarmaí cumaisc" "dréacht-téarmaí deighilte".

*Airteagal 137*

*Dréacht-téarmaí deighilte*

1. Déanfaidh comhlachtaí riaracháin nó bainistíochta na gcuideachtaí atá páirteach i ndeighilt dréacht-téarmaí deighilte a tharraingt suas i scríbhinn.

2. Sonrófar le dréacht-téarmaí deighilte na nithe seo a leanas ar a laghad:

(a) cineál, ainm agus oifig chláraithe gach cinn de na cuideachtaí atá páirteach sa deighilt;

(b) an cóimheas malartaithe scaireanna agus méid aon íocaíochta in airgead tirim;

(c) na téarmaí a bhaineann le leithroinnt scaireanna sna cuideachtaí is faighteoir;

(d) an dáta óna bhfuil sealbhóirí na scaireanna sin i dteideal páirt a ghlacadh i mbrabúis, de bhrí gur sealbhóirí iad agus aon choinníollacha speisialta lena ndéantar difear don teidlíocht sin;

(e) an dáta óna gcaithfear le hidirbhearta na cuideachta atá á deighilt chun críocha cuntasaíochta mar idirbhearta de chuid ceann amháin nó eile de na cuideachtaí is faighteoir;

(f) na cearta a thugann na cuideachtaí is faighteoir do shealbhóirí scaireanna lena ngabhann cearta speisialta agus do shealbhóirí urrús seachas scaireanna, nó na bearta a mholtar mar gheall orthu;

(g) aon bhuntáiste speisialta a thugtar do na saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 142(1) agus do chomhaltaí chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta, maoirsithe nó rialaithe na gcuideachtaí atá páirteach sa deighilt;

(h) cur síos agus cionroinnt bheacht na sócmhainní agus na ndliteanas atá le haistriú chuig gach ceann de na cuideachtaí is faighteoir;

(i) cionroinnt na scaireanna sna cuideachtaí is faighteoir ar scairshealbhóirí na cuideachta atá á deighilt agus na critéir ar a bhfuil an chionroinnt sin bunaithe.

3. I gcás nach gcionroinntear sócmhainn faoi na dréacht-téarmaí deighilte agus i gcás nach bhféadfar cinneadh a dhéanamh maidir lena cionroinnt le léiriú ar na téarmaí sin, cionroinnfear an tsócmhainn nó an chomaoin ina leith ar na cuideachtaí is faighteoir uile i gcoibhneas le scair na nglansócmhainní a chionroinntear ar gach ceann de na cuideachtaí sin faoi na dréacht-téarmaí deighilte.

I gcás nach gcionroinntear dliteanas faoi na dréacht-téarmaí deighilte agus i gcás nach bhféadfar cinneadh a dhéanamh maidir lena cionroinnt le léiriú ar na téarmaí sin, beidh gach ceann de na cuideachtaí is faighteoir faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeidh an dliteanas i gcomhpháirt agus leithleach sin teoranta do na sócmhainní arna gcionroinnt ar gach cuideachta.

*Airteagal 138*

*Na dréacht-téarmaí deighilte a fhoilsiú*

Foilseofar dréacht-téarmaí deighilte ar an mbealach a fhorordaítear le dlíthe gach Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 16, do gach ceann de na cuideachtaí atá páirteach i ndeighilt ar a laghad mí amháin roimh dháta an chruinnithe ghinearálta a dhéanfaidh cinneadh ina leith.

Beidh aon cheann de na cuideachtaí atá páirteach sa deighilt díolmhaithe ón gceanglas maidir le foilsiú a leagtar síos in Airteagal 16, más rud é ar feadh tréimhse leanúnaí a thosaíonn ar a laghad mí amháin roimh an dáta arna shocrú don chruinniú ginearálta atá chun na dréacht-téarmaí deighilte a chinneadh agus nach gcríochnaíonn níos luaithe ná clabhsúr an chruinnithe sin, go gcuirfidh sí na dréacht-téarmaí deighilte ar fáil ar a suíomh gréasáin saor in aisce don phobal. Ní chuirfidh na Ballstáit an díolúine sin faoi réir aon cheanglas ná srianta seachas na ceanglais nó na srianta sin atá riachtanach d'fhonn slándáil an tsuímh gréasáin agus barántúlacht na ndoiciméad a áirithiú, ná ní fhéadfaidh siad na ceanglais nó na srianta sin a fhorchur ach a mhéid atá siad comhréireach d'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach.

De mhaolú ar an dara halt den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit a éileamh go gcuirfear an foilseachán sin i gcrích tríd an ardán lárnach leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 16(5). De rogha air sin, féadfaidh na Ballstáit a éileamh go ndéanfar an foilseachán sin ar shuíomh gréasáin ar bith eile a ainmníonn siad chun na críche sin. I gcás ina mbaineann na Ballstáit leas as ceann de na féidearthachtaí sin, áiritheoidh siad nach ngearrfar táille shainiúil ar chuideachtaí as an bhfoilsiú sin.

I gcás ina n-úsáidtear suíomh gréasáin seachas an t-ardán lárnach leictreonach, foilseofar tagairt lena dtugtar rochtain ar an suíomh gréasáin sin ar an ardán lárnach leictreonach sin ar a laghad mí amháin roimh an dáta arna shocrú don chruinniú ginearálta. Áireofar sa tagairt sin dáta foilseacháin na ndréacht-téarmaí deighilte ar an suíomh gréasáin agus beidh rochtain ag an bpobal uirthi saor in aisce. Ní ghearrfar táille shainiúil ar chuideachtaí as an bhfoilseachán sin.

Ní dhéanfar difear, leis an toirmeasc lena gcuirtear bac ar tháille ar leith a ghearradh ar chuideachtaí le haghaidh foilseacháin, a leagtar síos sa tríú fomhír agus sa cheathrú fomhír, do chumas na mBallstát na costais i dtaca leis an ardán lárnach leictreonach a ghearradh ar chuideachtaí.

Féadfaidh na Ballstát a cheangal ar chuideachtaí an fhaisnéis a choimeád ar a suíomh gréasáin ar feadh tréimhse shonrach tar éis an chruinnithe ghinearálta, nó, i gcás inarb infheidhme, ar an ardán lárnach leictreonach nó ar an suíomh gréasáin eile arna ainmniú ag an mBallstát lena mbaineann. Féadfaidh na Ballstáit iarmhairtí fachtóirí teicniúla nó eile a chinneadh a dtarlaíonn cur isteach sealadach ar rochtain ar an suíomh gréasáin nó ar an ardán lárnach leictreonach mar gheall orthu.

*Airteagal 139*

*Formheas ag cruinniú ginearálta gach cinn de na cuideachtaí atá páirteach i ndeighilt*

1. Ionas go mbeidh deighilt ann ceanglófar ar a laghad formheas a bheith tugtha ag cruinniú ginearálta gach cinn de na cuideachtaí atá páirteach sa deighilt. Beidh feidhm ag Airteagal 93 maidir leis an tromlach is gá maidir le cinntí den sórt sin, a raon feidhme agus an gá atá le vótaí ar leithligh.

2. I gcás ina gcionroinntear scaireanna sna cuideachtaí is faighteoir ar scairshealbhóirí na cuideachta atá á deighilt ar shlí atá éagsúil ón gcoibhneas lena gcearta i gcaipiteal na cuideachta sin, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go bhféadfaidh scairshealbhóirí mionlaigh na cuideachta sin an ceart go gceannófaí a gcuid scaireanna a fheidhmiú. Sa chás sin, beidh siad i dteideal comaoin a fháil atá comhfhreagrach do luach a gcuid scaireanna. I gcás díospóide a bhaineann leis an gcomaoin sin, féadfaidh cúirt cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcomaoin.

*Airteagal 140*

*Maolú ón gceanglas go ndéanfaí an chuideachta is faighteoir a fhormheas ag an gcruinniú ginearálta*

Ní gá a cheangal le dlíthe Ballstáit go ndéanfaí an deighilt a fhormheas ag cruinniú ginearálta de chuideachta is faighteoir má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) déantar an foilsiú dá bhforáiltear in Airteagal 138, a bhaineann le gach cuideachta is faighteoir, mí amháin ar a laghad roimh an dáta arna shocrú do chruinniú ginearálta na cuideachta atá á deighilt, ar cruinniú é a gcinnfear dréacht-téarmaí na deighilte lena linn;

(b) mí amháin ar a laghad roimh an dáta a shonraítear i bpointe (a), tá scairshealbhóirí uile gach cuideachta is faighteoir i dteideal cigireacht a dhéanamh ag oifig chláraithe na cuideachta sin ar na doiciméid a shonraítear in Airteagal 143(1);

(c) tá ceann amháin nó níos mó de scairshealbhóirí na cuideachta is faighteoir, atá i seilbh céatadán íosta den chaipiteal suibscríofa, i dteideal a cheangal go ngairfí cruinniú ginearálta de chuideachta den sórt sin is faighteoir chun a chinneadh an ndéanfar an deighilt a fhormheas. Ní fhéadfar céatadán íosta sórt sin a shocrú ag níos mó ná 5 %. Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil, áfach, do scaireanna nach mbaineann vótáil leo a eisiamh ón ríomh sin.

Chun críocha phointe (b) den chéad mhír, beidh feidhm ag Airteagal 143(2), (3) agus (4).

*Airteagal 141*

*Tuarascáil mhionsonraithe i scríbhinn agus faisnéis faoi dheighilt*

1. Déanfaidh comhlachtaí riaracháin nó bainistíochta ó gach ceann de na cuideachtaí atá páirteach sa deighilt tuarascáil mhionsonraithe i scríbhinn a tharraingt suas lena míneofar na dréacht-téarmaí deighilte agus lena leagfar amach na forais dhlíthiúla agus eacnamaíocha ina leith, go háirithe cóimheas mhalartú na scaireanna agus na critéir lena gcinnfear cionroinnt na scaireanna.

2. Tabharfar tuairisc freisin sa tuarascáil ar aon deacrachtaí speisialta a tháinig chun cinn maidir le luacháil.

   I gcás inarb infheidhme, nochtfar inti ullmhú na tuarascála ar an gcomaoin seachas in airgead tirim dá dtagraítear in Airteagal 70(2) le haghaidh cuideachtaí is faighteoir agus an clár nach mór an tuarascáil sin a thaisceadh ann.

3. Cuirfidh comhlachtaí riaracháin nó bainistíochta cuideachta atá á deighilt cruinniú ginearálta na cuideachta sin ar an eolas, mar aon le comhlachtaí riaracháin nó bainistíochta na gcuideachtaí is faighteoir, ionas go bhféadfaidh siad a gcuid cruinnithe ginearálta faoi seach a chur ar an eolas faoi aon athrú ábhartha i sócmhainní agus dliteanais idir dáta ullmhúcháin dréacht-téarmaí deighilte agus dáta an chruinnithe ghinearálta den chuideachta atá á deighilt a gcinnfear na dréacht-téarmaí deighilte lena linn.

*Airteagal 142*

*Na dréacht-téarmaí deighilte a scrúdú ag saineolaithe*

1. Saineolaí amháin nó níos mó, atá ag gníomhú thar ceann gach cinn de na cuideachtaí atá páirteach sa deighilt ach atá neamhspleách orthu, a cheap nó a d'fhormheas údarás breithiúnach nó riaracháin, déanfaidh sé nó siad scrúdú ar na dréacht-téarmaí deighilte agus déanfaidh sé nó siad tuarascáil scríofa a tharraingt suas a chuirfear chuig na scairshealbhóirí. Féadfar foráil a dhéanamh, áfach, le dlí Ballstáit, do shaineolaí amháin nó níos mó a cheapadh do na cuideachtaí uile atá páirteach i ndeighilt, má dhéanann údarás breithiúnach nó riaracháin an ceapachán sin arna iarraidh sin dó ag na cuideachtaí sin le chéile. Ag brath ar dhlíthe gach Ballstáit, d'fhéadfadh sé gur daoine nádúrtha nó dlítheanacha nó cuideachtaí nó gnólachtaí a bheadh sna saineolaithe sin.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 96(2) agus (3).

*Airteagal 143*

*Doiciméid a bheith ar fáil le haghaidh a scrúdaithe ag scairshealbhóirí*

1. Beidh na scairshealbhóirí uile i dteideal na doiciméid seo a leanas ar a laghad a scrúdú ag an oifig chláraithe mí amháin ar a laghad roimh dháta an chruinnithe ghinearálta a mbeidh na dréacht-téarmaí deighilte le cinneadh lena linn:

   (a) na dréacht-téarmaí deighilte;

(b) cuntais bhliantúla agus tuarascálacha bliantúla na gcuideachtaí atá páirteach sa deighilt do na trí bliana airgeadais roimhe sin;

(c) i gcás inarb infheidhme, ráiteas cuntasaíochta arna tharraingt suas ar dháta nach luaithe ná an chéad lá den tríú mí roimh dháta na ndréacht-téarmaí deighilte, má bhaineann na cuntais airgeadais is déanaí le bliain airgeadais a raibh deireadh léi níos mó ná sé mhí roimh an dáta sin;

(d) i gcás inarb infheidhme, tuarascálacha chomhlachtaí riaracháin nó bainistíochta na gcuideachtaí atá páirteach sa deighilt, dá bhforáiltear in Airteagal 141(1);

(e) i gcás inarb infheidhme, na tuarascálacha dá bhforáiltear in Airteagal 142.

Chun críocha phointe (c) den chéad fhomhír, ní cheanglófar ráiteas cuntasaíochta a bheith ann má fhoilsíonn an chuideachta tuarascáil leathbhliantúil airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2004/109/CE agus má chuireann sí ar fáil do na scairshealbhóirí i gcomhréir leis an mír seo í.

2. Déanfar an ráiteas cuntasaíochta dá bhforáiltear i bpointe (c) de mhír 1 a tharraingt suas trí leas a bhaint as na modhanna céanna agus an leagan amach céanna is a bhí sa chlár comhardaithe bliantúil deiridh.

Féadfar a fhoráil le dlíthe Ballstáit áfach:

(a) nach gá fardal fisiceach nua a dhéanamh;

(b) nach ndéanfar na luachálacha a taispeánadh sa chlár comhardaithe deiridh a athrú ach amháin chun iontrálacha sna leabhair chuntais a léiriú; mar sin féin cuirfear an méid seo a leanas san áireamh:

(i) dímheas agus forálacha eatramhacha,

(ii) athruithe ábhartha ar an luach iarbhír, nár taispeánadh sna leabhair.

3. Beidh gach scairshealbhóir i dteideal cóipeanna iomlána nó más mian leis nó léi, cóipeanna páirteacha, de na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 a fháil, arna iarraidh sin agus saor in aisce.

I gcás gur thoiligh scairshealbhóir do bhealaí leictreonacha a bheith á n-úsáid ag an gcuideachta chun faisnéis a chur ar aghaidh, féadfar na cóipeanna sin a chur ar fáil trí ríomhphost.

4. Beidh cuideachta díolmhaithe ón gceanglas na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil ag a hoifig chláraithe, más rud é go gcuireann sí ar fáil ar a suíomh gréasáin iad ar feadh tréimhse leanúnach dár tús mí amháin ar a laghad roimh an dáta arna shocrú don chruinniú ginearálta a gcinnfear na dréacht-téarmaí deighilte lena linn agus dár críoch tráth nach luaithe ná deireadh an chruinnithe sin. Ní chuirfidh na Ballstáit an díolúine sin faoi réir ceanglas ná srianta seachas na ceanglais nó na srianta sin atá riachtanach d'fhonn slándáil an tsuímh gréasáin agus barántúlacht na ndoiciméad a áirithiú, ná ní fhéadfaidh siad na ceanglais ná na srianta sin a fhorchur ach a mhéid atá siad comhréireach d'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach.

Ní bheidh feidhm ag mír 3 má thugtar deis do na scairshealbhóirí, leis an suíomh gréasáin, na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 a íoslódáil agus a phriontáil feadh na tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo. Sa chás sin, áfach, féadfaidh na Ballstáit a fhoráil nach mór don chuideachta na doiciméid a chur ar fáil ag a hoifig chláraithe le gur féidir leis na scairshealbhóirí breathnú orthu.

Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar chuideachtaí an fhaisnéis a choinneáil ar a suíomh gréasáin ar feadh tréimhse shonrach i ndiaidh an chruinnithe ghinearálta. Féadfaidh na Ballstáit iarmhairtí fachtóirí teicniúla nó eile a chinneadh a dtarlaíonn cur isteach sealadach ar rochtain ar an suíomh gréasáin mar gheall orthu.

*Airteagal 144*

*Foirmiúlachtaí simplithe*

1. Ní cheanglófar scrúdú ar na dréacht-téarmaí deighilte ná tuarascáil ó shaineolaithe dá bhforáiltear in Airteagal 142(1) má chomhaontaigh na sealbhóirí uile agus sealbhóirí urrús eile lena dtugtar ceart vótála de chuid gach cinn de na cuideachtaí atá páirteach sa deighilt déanamh amhlaidh.

2. Féadfaidh na Ballstáit a cheadú nach gcuirfear i bhfeidhm Airteagal 141 agus pointe (c) agus pointe (d) d’Airteagal 143(1) má chomhaontaíonn scairshealbhóirí uile gach cinn de na cuideachtaí atá páirteach sa deighilt agus sealbhóirí uile urrús eile lena dtugtar ceart vótála de chuid gach cinn de na cuideachtaí atá páirteach sa deighilt déanamh amhlaidh.

*Airteagal 145*

*Cearta fostaithe a chosaint*

Déanfar cosaint ceart fostaithe gach cinn de na cuideachtaí atá páirteach i ndeighilt a rialú i gcomhréir le Treoir 2001/23/CE.

*Airteagal 146*

*Leasanna creidiúnaithe cuideachtaí atá páirteach i ndeighilt a chosaint dliteanas comhpháirteach agus leithleach na gcuideachtaí is faighteoir*

1. Déanfar foráil le dlíthe na mBallstát do chóras leordhóthanach cosanta do leasanna creidiúnaithe na gcuideachtaí atá páirteach i ndeighilt a ndearnadh a n-éilimh roimh dháta foilsithe na ndréacht-téarmaí deighilte agus nach raibh siad dlite fós tráth an fhoilsithe sin.

2. Chun críche mhír 1, déanfar a fhoráil ar a laghad, le dlíthe na mBallstát, go mbeidh creidiúnaithe den sórt sin i dteideal coimircí leordhóthanacha a fháil i gcás ina bhfuil gá le coimirce den sórt de bharr staid airgeadais na cuideachta atá á deighilt agus na cuideachta a bhfuil an oibleagáid le haistriú chuici i gcomhréir leis na dréacht-téarmaí deighilte agus i gcás nach bhfuil coimircí den sórt sin ag na creidiúnaithe sin cheana.

Leagfaidh na Ballstáit síos na coinníollacha le haghaidh na cosanta dá bhforáiltear i mír 1 agus sa chéad fhomhír den mhír seo. Ar aon chaoi, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na creidiúnaithe údaraithe iarratas a chur isteach chuig an údarás iomchuí riaracháin nó breithiúnach i gcomhair coimircí leordhóthanacha ar an gcoinníoll gur féidir leo a thaispeáint go hinchreidte go bhfuil sásamh a n-éileamh i dtreis i ngeall ar an laghdú ar an deighilt agus nach bhfuarthas aon choimirce leordhóthanach ón gcuideachta.

3. Sa mhéid nach bhfaigheann creidiúnaí de chuid na cuideachta a n-aistríodh an oibleagáid chuici i gcomhréir leis na dréacht-téarmaí deighilte sástacht, beidh na cuideachtaí is faighteoir faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach maidir leis an oibleagáid sin. Féadfaidh na Ballstáit an dliteanas sin a theorannú do na glansócmhainní arna gcionroinnt ar gach ceann de na cuideachtaí sin seachas an ceann a n-aistríodh an oibleagáid chuici. Mar sin féin, ní gá dóibh an mhír seo a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfuil an oibríocht deighilte faoi réir maoirseacht údaráis bhreithiúnaigh i gcomhréir le hAirteagal 157 agus ina bhfuil tromlach de réir lín a sheasann do thrí cheathrú de réir luacha de na creidiúnaithe nó d'aon aicme creidiúnaithe de chuid na cuideachta atá á deighilt tar éis comhaontú ag cruinniú arna thionól de bhun phointe (c) d’Airteagal 157(l) an dliteanas comhpháirteach agus leithleach sin a ligean uathu.

4. Beidh feidhm ag Airteagal 99(3).

5. Gan dochar do na rialacha lena rialaítear feidhmiú comhchoiteann a gceart, beidh feidhm ag mír 1 go mír 4 maidir le sealbhóirí bintiúr na gcuideachtaí atá páirteach sa deighilt, ach amháin sa chás gur formheasadh an deighilt ag cruinniú na sealbhóirí bintiúr, más rud é go bhforáiltear do chruinniú den sórt sin faoi na dlíthe náisiúnta nó gur fhormheas sealbhóirí na mbintiúr ar bhonn aonair é.

6. Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil go mbeidh na cuideachtaí is faighteoir faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach maidir le hoibleagáidí na cuideachta atá á deighilt. I gcás den sórt sin, ní gá dóibh mír 1 go mír 5 a chur i bhfeidhm.

7. I gcás ina gcomhcheanglaíonn Ballstát an córas cosanta do chreidiúnaithe a leagtar amach i mír 1 go mír 5 le dliteanas comhpháirteach agus leithleach na gcuideachtaí is faighteoir dá dtagraítear i mír 6, féadfaidh sé an dliteanas comhpháirteach agus leithleach sin a theorannú do na glansócmhainní arna gcionroinnt ar gach ceann de na cuideachtaí sin.

*Airteagal 147*

*Sealbhóirí urrús nach scaireanna iad a chosaint, ar urrúis iad a ngabhann cearta speisialta leo*

Tabharfar cearta sa chuideachta atá á fáil do shealbhóirí urrús nach scaireanna iad, agus a ngabhann cearta speisialta leo, cearta a bheidh coibhéiseach ar a laghad leo siúd a raibh seilbh acu orthu sna cuideachtaí is faighteoir a bhféadfar na hurrúis sin a agairt ina n-éadan i gcomhréir leis na dréacht-téarmaí deighilte, ach amháin sa chás gur formheasadh athrú na gceart sin ag cruinniú shealbhóirí na n-urrús sin, más rud é go bhforáiltear do chruinniú den sórt sin faoi na dlíthe náisiúnta, nó gur fhormheas na sealbhóirí bintiúr ar bhonn aonair é, nó mura bhfuil sé de theidlíocht ag na sealbhóirí go ndéanfaí a gcuid urrús a athcheannach.

*Airteagal 148*

*Doiciméid a tharraingt suas agus a dheimhniú i bhfoirm chuí dlí*

I gcás nach bhforáiltear i ndlíthe an Bhallstáit do mhaoirseacht choisctheach bhreithiúnach nó riaracháin ar dhlíthiúlacht deighiltí nó nach gcuimsítear faoi mhaoirseacht den sórt sin na gníomhartha dlíthiúla uile atá riachtanach do dheighilt, beidh feidhm ag Airteagal 102.

*Airteagal 149*

*An dáta a ngabhfaidh éifeacht le deighilt*

Is le dlíthe na mBallstát a chinnfear an dáta a ngabhfaidh éifeacht le deighilt.

*Airteagal 150*

*Gnásanna foilseacháin*

1. Foilseofar deighilt ar an mbealach a fhorordaítear le dlíthe gach Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 16, i ndáil le gach ceann de na cuideachtaí atá páirteach i ndeighilt.

2. Féadfaidh aon chuideachta is faighteoir na gnásanna foilseacháin a chur i gcrích í féin a bhaineann leis an gcuideachta atá á deighilt.

*Airteagal 151*

*Iarmhairtí deighilte*

1. Leanfaidh na hiarmhairtí seo a leanas deighilt, *ipso jure* agus go comhuaineach:

   (a) aistreofar chuig gach ceann de na cuideachtaí is faighteoir sócmhainní agus dliteanais uile na cuideachta atá á deighilt, idir an chuideachta atá á deighilt agus na cuideachtaí is faighteoir agus maidir le tríú páirtithe araon; gabhfaidh éifeacht le haistriú den sórt sin agus na sócmhainní agus na dliteanais á ndeighilt i gcomhréir leis an gcionroinnt a leagtar síos sna dréacht-téarmaí deighilte nó in Airteagal 137(3);

   (b) tiocfaidh scairshealbhóirí na cuideachta atá á deighilt chun bheith ina scairshealbhóirí de chuideachta amháin nó níos mó is faighteoir i gcomhréir leis an gcionroinnt a leagtar síos sna dréacht-téarmaí deighilte;

   (c) scoirfidh an chuideachta atá á deighilt de bheith ann.

2. Ní dhéanfaidh na cuideachtaí ná na daoine seo a leanas aon scaireanna sa chuideachta is faighteoir a mhalartú ar scaireanna sa chuideachta atá á deighilt:

(a) an chuideachta féin is faighteoir nó duine atá ag gníomhú ina ainm nó ina hainm féin ach ar son na cuideachta is faighteoir; nó

(b) an chuideachta atá á deighilt nó aon duine atá ag gníomhú ina ainm nó ina hainm féin ach ar son na cuideachta atá á deighilt.

3. Tríd an méid roimhe seo, ní dhéanfar difear do dhlíthe na mBallstát lena gceanglaítear foirmiúlachtaí speisialta a chur i gcrích chun go ngabhfaidh éifeacht le haistriú sócmhainní, ceart agus oibleagáidí áirithe de chuid cuideachta, atá á deighilt, amhail i gcoinne tríú páirtithe. Féadfaidh an chuideachta féin is faighteoir nó na cuideachtaí féin is faighteoir, a n-aistrítear na sócmhainní, na cearta nó na hoibleagáidí sin chuici nó chucu i gcomhréir leis na dréacht-téarmaí deighilte nó i gcomhréir le hAirteagal 137(3), na foirmiúlachtaí sin a chur i gcrích; mar sin féin, i ndlíthe na mBallstát, féadfar a cheadú do chuideachta atá á deighilt leanúint de na foirmiúlachtaí sin a chur i gcrích go ceann tréimhse theoranta, nach bhféadfar, ach amháin in imthosca eisceachtúla, a shocrú ag breis agus sé mhí ón dáta a ngabhann éifeacht leis an deighilt.

*Airteagal 152*

*Dliteanas sibhialta chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin nó bainistíochta de chuid cuideachta atá á deighilt*

I ndlíthe na mBallstát, leagfar síos ar a laghad rialacha lena rialaítear dliteanas sibhialta chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin nó bainistíochta de chuid cuideachta atá á deighilt i leith scairshealbhóirí na cuideachta sin i ndáil le mí-iompar chomhaltaí na gcomhlachtaí sin le linn ullmhú agus chur chun feidhme na deighilte agus dliteanas sibhialta na saineolaithe atá freagrach as an tuarascáil dá bhforáiltear in Airteagal 142 a tharraingt suas don chuideachta sin i ndáil le mí-iompar na saineolaithe sin i bhfeidhmiú a gcuid dualgas.

*Airteagal 153*

*Coinníollacha maidir le neamhniú deighilte*

1. I ndlíthe na mBallstát, féadfar rialacha maidir le neamhniú a leagan síos le haghaidh deighiltí i gcomhréir leis na coinníollacha seo a leanas, agus leo seo amháin:

   (a) ní mór neamhniú a ordú i mbreithiúnas ó chúirt;

   (b) deighiltí ar ghabh éifeacht leo de bhun Airteagal 149, dearbhaítear go bhfuil siad ar neamhní mura ndearnadh aon mhaoirseacht choisctheach riaracháin nó bhreithiúnach ar a ndlíthiúlacht, agus sna cásanna sin amháin, nó murar tarraingíodh suas iad agus murar deimhníodh iad i bhfoirm chuí dlí, nó má léirítear go bhfuil cinneadh an chruinnithe ghinearálta ar neamhní nó in-neamhnithe faoin dlí náisiúnta;

(c) ní dhéantar imeachtaí neamhnithe a thionscnamh breis agus sé mhí tar éis an dáta a ngabhann éifeacht leis an deighilt amhail i gcoinne an duine a líomhnaíonn neamhniú nó má cuireadh an staid ina ceart;

(d) i gcás inar féidir locht a leigheas chun deighilt a chur ar neamhní, deonaíonn an chúirt inniúil tréimhse ama do na cuideachtaí lena mbaineann chun an staid a chur ina ceart;

(e) foilsítear breithiúnas lena ndearbhaítear go bhfuil deighilt ar neamhní ar an mbealach a fhorordaítear le dlíthe gach Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 16;

(f) i gcás ina gceadaítear do Bhallstát agóid a dhéanamh i gcoinne breithiúnas den sórt sin, ní dhéanann sé amhlaidh ach amháin laistigh de shé mhí ó fhoilsiú an bhreithiúnais ar an mbealach a fhorordaítear le Caibidil III de Theideal I;

(g) le breithiúnas lena ndearbhaítear go bhfuil deighilt ar neamhní, ní dhéantar difear do bhailíocht oibleagáidí atá ar na cuideachtaí is faighteoir nó do bhailíocht oibleagáidí i ndáil leo a d'eascair sular foilsíodh an breithiúnas agus tar éis an dáta dá dtagraítear in Airteagal 149;

(h) tá gach ceann de na cuideachtaí is faighteoir faoi dhliteanas i leith a oibleagáidí a eascraíonn tar éis an dáta ar ghabh éifeacht leis an deighilt agus roimh an dáta ar foilsíodh an cinneadh lena bhfógraítear an neamhní ar an deighilt. Beidh an chuideachta atá á deighilt faoi dhliteanas i leith oibleagáidí den sórt sin, freisin; Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeidh an dliteanas sin teoranta do scair na nglansócmhainní a aistrítear chuig an gcuideachta is faighteoir ar eascair na hoibleagáidí sin ar a cuntas.

2. De mhaolú ar phointe (a) de mhír 1 den Airteagal seo, féadfar foráil a dhéanamh le dlíthe Ballstáit go n-ordóidh údarás riaracháin neamhniú deighilte más le cead ó chúirt a dhéanfar achomharc i gcoinne cinneadh den sórt sin. Beidh feidhm ag pointe (b) agus ag pointe (d) go pointe (h) de mhír 1 den Airteagal seo de réir analaí maidir leis an údarás riaracháin. Ní fhéadfar imeachtaí neamhnithe den sórt sin a thionscnamh breis agus sé mhí tar éis an dáta dá dtagraítear in Airteagal 149.

3. Leis an méid roimhe sin, ní dhéanfar difear do dhlíthe na mBallstát maidir le neamhniú deighilte a fógraíodh tar éis aon mhaoirseacht ar dhlíthiúlacht.

*Airteagal 154*
*Díolúine ón gceanglas go bhformheasfar an chuideachta atá á deighilt ag an gcruinniú ginearálta*

Gan dochar d'Airteagal 140, ní cheanglóidh na Ballstáit go ndéanfar an deighilt a fhormheas ag gcruinniú ginearálta na cuideachta atá á deighilt má choinníonn na cuideachtaí is faighteoir le chéile scaireanna uile na cuideachta atá á deighilt agus na hurrúis go léir eile lena dtugtar ceart vótála dóibh ag cruinnithe ginearálta na cuideachta atá á deighilt, agus má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) déanann gach cuideachta atá páirteach san oibríocht an foilsiú dá bhforáiltear in Airteagal 138 ar a laghad mí amháin sula ngabhann éifeacht leis an oibríocht;

(b) ar a laghad mí amháin sula ngabhann éifeacht leis an oibríocht, tá scairshealbhóirí uile cuideachtaí atá páirteach san oibríocht i dteideal cigireacht a dhéanamh ag oifig chláraithe a gcuideachta ar na doiciméid a shonraítear in Airteagal 143(1);

(c) i gcás nach ngairtear cruinniú ginearálta de chuid na cuideachta atá á deighilt, a cheanglaítear chun an deighilt a fhormheas, clúdaítear san fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 141(3) aon athrú ábhartha sna sócmhainní agus sna dliteanais tar éis dháta ullmhú na ndréacht-téarmaí deighilte.

Chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír, beidh feidhm ag Airteagal 143(2), (3) agus (4) agus Airteagal 144.

## ROINN 3

## DEIGHILT TRÍ CHUIDEACHTAÍ NUA A FHOIRMIÚ

*Airteagal 155*

*Sainmhíniú ar "deighilt trí chuideachtaí nua a fhoirmiú"*

1. Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn "deighilt trí chuideachtaí nua a fhoirmiú" an oibríocht lena n-aistríonn cuideachta, tar éis a foirceanta agus gan dul faoi leachtú, a sócmhainní agus a dliteanais go léir chuig breis agus cuideachta amháin a fhoirmítear as an nua mar mhalartú ar scaireanna sna cuideachtaí is faighteoir a chionroinnt ar scairshealbhóirí na cuideachta atá á deighilt, agus íocaíocht fhéideartha in airgead tirim nach sáraíonn 10 % de luach ainmniúil na scaireanna a chionroinntear nó, i gcás nach bhfuil aon luach ainmniúil acu, dá bparluach cuntasaíochta.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 90(2).

*Airteagal 156*

*Cur i bhfeidhm rialacha maidir le deighiltí trí éadáil*

1. Beidh feidhm ag Airteagail 137, 138, 139, agus 141, Airteagal 142(1) agus (2) agus Airteagal 143 go hAirteagal 153, gan dochar d'Airteagal 11 ná d'Airteagal 12, maidir le deighilt trí chuideachtaí nua a fhoirmiú. Chun na críche sin, déanfar tagairt don chuideachta atá á deighilt leis an téarma “cuideachtaí atá páirteach i ndeighilt” agus déanfar tagairt do gach ceann de na cuideachtaí nua leis an téarma “cuideachtaí is faighteoir”.

2. I dteannta na faisnéise a shonraítear in Airteagal 137(2), léireofar sna dréacht-téarmaí deighilte foirm, ainm agus oifig chláraithe gach ceann de na cuideachtaí nua.

3. Déanfar dréacht-téarmaí deighilte agus, má tá siad i ndoiciméad ar leithligh, meabhrán comhlachais nó dréachtmheabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais nó dréacht-airteagail chomhlachais gach ceann de na cuideachtaí nua a fhormheas ag cruinniú ginearálta de chuid na cuideachta atá á deighilt.

4. Ní fhorchuirfidh na Ballstáit na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 141 agus in Airteagal 142 agus i bpointe (c), i bpointe (d) agus i bpointe (e) d’Airteagal 143(1), i gcás ina gcionroinntear na scaireanna i ngach ceann de na cuideachtaí nua ar scairshealbhóirí na cuideachta atá á deighilt i gcomhréir lena gcearta i gcaipiteal na cuideachta sin.

## ROINN 4

## DEIGHILTÍ FAOI MHAOIRSEACHT ÚDARÁIS BHREITHIÚNAIGH

*Airteagal 157*

*Deighiltí faoi mhaoirseacht údaráis bhreithiúnaigh*

1. Féadfaidh na Ballstáit mír 2 a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfuil oibríochtaí deighilte faoi réir maoirseachta údaráis bhreithiúnaigh a bhfuil an chumhacht aige chun:

(a) cruinniú ginearálta de chuid scairshealbhóirí na cuideachta atá á deighilt a ghairm chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh na deighilte;

(b) a áirithiú go bhfuair scairshealbhóirí gach ceann de na cuideachtaí atá páirteach i ndeighilt, na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 143, nó gur féidir leo iad a fháil, in am chun iad a scrúdú roimh dháta chruinniú ginearálta a gcuideachta a gaireadh chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh na deighilte. I gcás ina mbaineann Ballstát úsáid as an rogha dá bhforáiltear in Airteagal 140, beidh an tréimhse fada go leor chun go bhféadfaidh scairshealbhóirí na gcuideachtaí is faighteoir na cearta a dtugtar dóibh leis an Airteagal sin a fheidhmiú;

(c) aon chruinniú de chuid creidiúnaithe gach ceann de na cuideachtaí atá páirteach i ndeighilt a ghairm chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh na deighilte;

(d) a áirithiú go bhfuair creidiúnaithe gach ceann de na cuideachtaí atá páirteach i ndeighilt, na dréacht-téarmaí deighilte, nó go bhféadfaidh siad ar a laghad iad a fháil in am chun iad a scrúdú roimh an dáta dá dtagraítear i bpointe (b);

(e) na dréacht-téarmaí deighilte a fhormheas.

2. I gcás ina suíonn an t-údarás breithiúnach go ndearnadh na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (d) de mhír 1 a chomhlíonadh agus nach ndéanfaí aon dochar do scairshealbhóirí nó do chreidiúnaithe, féadfaidh sé na cuideachtaí atá páirteach sa deighilt a scaoileadh ón méid seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) Airteagal 138, ar choinníoll go gcumhdaítear na héilimh uile, beag beann ar an dáta a ghabhann leo, sa chóras leordhóthanach maidir le leas na gcreidiúnaithe a chosaint, dá dtagraítear in Airteagal 146(1);

(b) na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) d'Airteagal 140, i gcás ina mbaineann Ballstát leas as an rogha dá bhforáiltear in Airteagal 140;

(c) Airteagal 143, maidir leis an tréimhse agus leis an mbealach a fhorordaítear chun na doiciméid dá dtagraítear ann a iniúchadh.

## Roinn 5

## Oibríochtaí eile a gcaitear mar dheighiltí leo

*Airteagal 158*

*Deighiltí lena mbaineann íocaíocht in airgead tirim a sháraíonn 10 %*

Más rud é, i gcás ceann de na hoibríochtaí a shonraítear in Airteagal 135, go gceadaítear le dlíthe Ballstáit go sáraíonn an íocaíocht in airgead tirim 10 %, beidh feidhm ag Roinn 2, ag Roinn 3 agus ag Roinn 4 den Chaibidil seo maidir leis sin.

*Airteagal 159*

*Deighiltí gan an chuideachta atá á deighilt do scor de bheith ann*

I gcás ina gceadaítear i ndlíthe de chuid Ballstáit ceann de na hoibríochtaí a shonraítear in Airteagal 135 gan an chuideachta atá á deighilt do scor de bheith ann, beidh feidhm ag Roinn 2, ag Roinn 3 agus ag Roinn 4 den Chaibidil seo, seachas pointe (c) d'Airteagal 151(1).

### ROINN 6

### SOCRUITHE CUR I BHFEIDHM

*Airteagal 160*

*Forálacha idirthréimhseacha*

Ní gá do na Ballstáit Airteagal 146 agus Airteagal 147 a chur i bhfeidhm maidir le sealbhóirí bintiúr in-chomhshóite agus urrús eile atá in-chomhshóite i scaireanna más rud é go ndearnadh, tráth a tháinig na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 26(1) nó (2) de Threoir 82/891/CEE ón gComhairle i bhfeidhm, seasamh na sealbhóirí sin, i gcás deighilte, a chinneadh leis na coinníollacha maidir le heisiúint.

# TEIDEAL III

# FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 161*

*Cosaint sonraí*

Beidh próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar i gcomhthéacs na Treorach seo faoi réir Threoir 95/46/CE[1].

---

1 Déantar Treoir 95/46/CE a aisghairm agus a ionadú, le héifeacht ón 25 Bealtaine 2018, le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (OJ L 119, 4.5.2016, lch. 1).

*Airteagal 162*

*Tuarascáil, idirphlé rialta faoi chóras idirnascadh na gclár agus athbhreithniú*

1. Foilseoidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná an 8 Meitheamh 2022, tuarascáil i dtaobh fheidhmiú chóras idirnascadh na gclár, go háirithe ina ndéantar scrúdú ar a oibríocht theicniúil agus ar a ghnéithe airgeadais.

2. Beidh tograí chun forálacha na Treorach seo a leasú a mhéid a bhaineann le córas idirnascadh na gclár ag gabháil leis an tuarascáil, más iomchuí.

3. Tiocfaidh an Coimisiún agus ionadaithe na mBallstát le chéile go rialta chun ábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo a bhaineann le córas idirnascadh na gclár a phlé in aon fhóram iomchuí.

4. Faoin 30 Meitheamh 2016, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú na bhforálacha sin a bhaineann leis na ceanglais tuairiscithe agus doiciméadachta i gcás cumaisc agus deighiltí, ar forálacha iad a leasaíodh nó a cuireadh isteach le Treoir 2009/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], agus go háirithe ar a n-iarmhairtí ar laghdú na n-ualaí riaracháin ar chuideachtaí, i bhfianaise na taithí a fuarthas agus iad á gcur i bhfeidhm, agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa augs na Comhairle, agus tograí chun na forálacha sin a leasú ag gabháil léi más gá.

[1] Treoir 2009/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leasaítear Treoir 77/91/CEE ón gComhairle, Treoir 78/855/CEE ón gComhairle agus Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoir 2005/56/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe agus doiciméadachta i gcás cumasc agus deighiltí (IO L 259, 2.10.2009, lch. 14).

*Airteagal 163*

*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 24(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 24(3) a chúlghairm aon tráth. Trí chinneadh cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonraítear sa chinneadh. Ní dhéanfar difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana tríd sin.

4. A luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, tabharfaidh sé fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis sin.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 25(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse trí mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú go ceann trí mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 164*

*Nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 165*

*Cur in iúl*

Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 166*

*Aisghairm*

Aisghairtear Treoracha 82/891/CEE, 89/666/CEE, 2005/56/CE, 2009/101/CE, 2011/35/AE agus 2012/30/AE, arna leasú leis na Treoracha a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn III, gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn III a thrasuí sa dlí náisiúnta agus maidir le dátaí chur i bhfeidhm na dTreoracha sin.

Déanfar tagairtí do na Treoracha aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn IV iad.

*Airteagal 167*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 168*

*Seolaithe*

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh in Strasbourg

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN I

Cineálacha cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) agus (2),
in Airteagal 44(1) agus (2), in Airteagal 45(2), in Airteagal 87(1)
agus (2) agus in Airteagal 135(1)

– An Bheilg:

société anonyme / naamloze vennootschap;

– An Bhulgáir:

акционерно дружество;

– Poblacht na Seice:

akciová společnost;

– An Danmhairg:

aktieselskab;

– An Ghearmáin:

Aktiengesellschaft;

– An Eastóin:

aktsiaselts;

– Éire:

cuideachta phoiblí faoi theorainn scaireanna / public company limited by shares,

cuideachta phoiblí faoi theorainn ráthaíochta agus a bhfuil scairchaipiteal aici / public company limited by guarantee and having a share capital;

– An Ghréig:

ανώνυμη εταιρεία;

– An Spáinn:

sociedad anónima;

– An Fhrainc:

société anonyme;

– An Chróit:

dioničko društvo;

– An Iodáil:

società per azioni;

– An Chipir:

δημόσιες εταιρείες περιορισμένης ευθύνης με μετοχές,

δημόσιες εταιρείες περιορισμένης ευθύνης με εγγύηση που διαθέτουν μετοχικό κεφάλαιο;

– An Laitvia:

akciju sabiedrība;

– An Liotuáin:

akcinė bendrovė;

– Lucsamburg:

société anonyme;

– An Ungáir:

nyilvánosan működő részvénytársaság;

– Málta:

kumpanija pubblika ta' responsabbiltà limitata/ public limited liability company;

– An Ísiltír:

naamloze vennootschap;

– An Ostair:

Aktiengesellschaft;

– An Pholainn:

spółka akcyjna;

– An Phortaingéil:

sociedade anónima;

– An Rómáin:

societate pe acţiuni;

– An tSlóivéin:

delniška družba;

– An tSlóvaic:

akciová spoločnost';

– An Fhionlainn:

julkinen osakeyhtiö / publikt aktiebolag;

– An tSualainn:

aktiebolag;

– An Ríocht Aontaithe:

public company limited by shares,

public company limited by guarantee and having a share capital.

# IARSCRÍBHINN II

Cineálacha cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 7(1)
agus in Airteagal 13, in Airteagal 29(1), in Airteagal 36(1) agus in Airteagal 67(1)
agus i bpointe (a) d'Airteagal 119(1)

– An Bheilg:

naamloze vennootschap / société anonyme,

commanditaire vennootschap op aandelen / société en commandite par actions,

personenvennootschap met beperkte aansprakelijkheid / société de personnes à responsabilité limitée;

– An Bhulgáir:

акционерно дружество, дружество с ограничена отговорност, командитно дружество с акции;

– Poblacht na Seice:

společnost s ručením omezeným, akciová společnost;

– An Danmhairg:

aktieselskab, kommanditaktieselskab, anpartsselskab;

– An Ghearmáin:

die Aktiengesellschaft, die Kommanditgesellschaft auf Aktien, die Gesellschaft mit beschränkter Haftung;

– An Eastóin:

aktsiaselts, osaühing;

– Éire:

cuideachtaí atá corpraithe faoi dhliteanas teoranta / companies incorporated with limited liability;

– An Ghréig:

ανώνυμη εταιρεία, εταιρεία περιορισμένης ευθύνης, ετερόρρυθμη κατά μετοχές εταιρεία;

– An Spáinn:

la sociedad anónima, la sociedad comanditaria por acciones, la sociedad de responsabilidad limitada;

– An Fhrainc:

société anonyme, société en commandite par actions, société à responsabilité limitée, société par actions simplifiée;

– An Chróit:

dioničko društvo, društvo s ograničenom odgovornošću;

– An Iodáil:

società per azioni, società in accomandita per azioni, società a responsabilità limitata;

– An Chipir:

δημόσιες εταιρείες περιορισμένης ευθύνης με μετοχές ή με εγγύηση, ιδιωτικές εταιρείες περιορισμένης ευθύνης με μετοχές ή με εγγύηση;

– An Laitvia:

akciju sabiedrība, sabiedrība ar ierobežotu atbildību, komanditsabiedrība;

– An Liotuáin:

akcinė bendrovė, uždaroji akcinė bendrovė;

– Lucsamburg:

société anonyme, société en commandite par actions, société à responsabilité limitée;

– An Ungáir:

részvénytársaság, korlátolt felelősségű társaság;

– Málta:

kumpannija pubblika / public limited liability company,

kumpannija privata / private limited liability company;

– An Ísiltír:

naamloze vennootschap, besloten vennootschap met beperkte aansprakelijkheid;

– An Ostair:

die Aktiengesellschaft, die Gesellschaft mit beschränkter Haftung;

– An Pholainn:

spółka z ograniczoną odpowiedzialnością, spółka komandytowo-akcyjna, spółka akcyjna;

– An Phortaingéil:

sociedade anónima de responsabilidade limitada, sociedade em comandita por ações, sociedade por quotas de responsabilidade limitada;

– An Rómáin:

societate pe acțiuni, societate cu răspundere limitată, societate în comandită pe acțiuni;

– An tSlóivéin:

delniška družba, družba z omejeno odgovornostjo, komaditna delniška družba;

– An tSlóvaic:

akciová spoločnosť, spoločnosť s ručením obmedzeným;

– An Fhionlainn:

yksityinen osakeyhtiö / privat aktiebolag,

julkinen osakeyhtiö / publikt aktiebolag;

– An tSualainn:

aktiebolag;

– An Ríocht Aontaithe:

companies incorporated with limited liability.

## IARSCRÍBHINN III

Cuid A

Treoracha aisghairthe agus liosta de na leasuithe comhleanúnacha orthu

(dá dtagraítear in Airteagal 166)

| | |
|---|---|
| Treoir 82/891/CEE ón gComhairle<br>(IO L 378, 31.12.1982, lch. 47) | |
| Treoir 2007/63/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>(IO L 300, 17.11.2007, lch. 47) | Airteagal 3 |
| Treoir 2009/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>(IO L 259, 2.10.2009, lch. 14) | Airteagal 3 |
| Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>(IO L 173, 12.6.2014, lch. 190) | Airteagal 116 |
| Treoir 89/666/CEE ón gComhairle<br>(IO L 395, 30.12.1989, lch. 36) | |
| Treoir 2012/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>(IO L 156, 16.6.2012, lch. 1) | Airteagal 1 |
| Treoir 2005/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>(IO L 310, 25.11.2005, lch. 1) | |
| Treoir 2009/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>(IO L 259, 2.10.2009, lch. 14) | Airteagal 4 |
| Treoir 2012/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>(IO L 156, 16.6.2012, lch. 1) | Airteagal 2 |
| Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>(IO L 173, 12.6.2014, lch. 190) | Airteagal 120 |

| | |
|---|---|
| Treoir 2009/101/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 258, 1.10.2009, lch. 11) | |
| Treoir 2012/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 156, 16.6.2012, lch. 1) | Airteagal 3 |
| Treoir 2013/24/AE ón gComhairle (IO L 158, 10.6.2013, lch. 365) | Airteagal 1 agus pointe 1 de Chuid A den Iarscríbhinn |
| Treoir 2011/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 110, 29.4.2011, lch. 1) | |
| Treoir 2013/24/AE ón gComhairle (IO L 158, 10.6.2013, lch. 365) | Airteagal 1 agus pointe 3 de Chuid A den Iarscríbhinn |
| Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190) | Airteagal 122 |
| Treoir 2012/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 315, 14.11.2012, lch. 74) | |
| Treoir 2013/24/AE ón gComhairle (IO L 158, 10.6.2013, lch. 365) | Airteagal 1 agus pointe 4 de Chuid A den Iarscríbhinn |
| Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190) | Airteagal 123 |

Cuid B

Teorainneacha ama do thrasuí sa dlí náisiúnta agus dátaí cur i bhfeidhm
(dá dtagraítear in Airteagal 166)

| Treoir | Teorainn ama do thrasuí | Dáta cur i bhfeidhm |
|---|---|---|
| 82/891/CEE | 1 Eanáir 1986 | – |
| 89/666/CEE | 1 Eanáir 1992 | 1 Eanáir 1993[1] |
| 2005/56/CE | 15 Nollaig 2007 | – |
| 2007/63/CE | 31 Nollaig 2008 | – |
| 2009/109/CE | 30 Iúil 2011 | – |
| 2012/17/AE | 7 Iúil 2014[2] | – |
| 2013/24/AE | 1 Iúil 2013 | – |
| 2014/59/AE | 31 Nollaig 2014 | 1 Eanáir 2015[3] |

---

[1] Faoi Airteagal 16(2) de Threoir 89/666/CE, ceanglaítear ar na Ballstáit a shonrú go mbeidh feidhm ag na forálacha dá dtagraítear i mir 1 ón 1 Eanáir 1993 agus, maidir le doiciméid chuntasaíochta, beidh feidhm acu den chéad uair maidir le cuntais bhliantúla don bhliain airgeadais dar tús an 1 Eanáir 1993 nó le linn 1993.

[2] Faoi Airteagal 5(2) de Threoir 2012/17/AE, ceanglaítear ar na Ballstáit na forálacha is gá a ghlacadh, a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm, tráth nach déanaí ná an 8 Meitheamh 2017, chun an méid seo a leanas a chomhlíonadh:
– Airteagal 1(3) agus (4) agus Airteagal 5a de Threoir 89/666/CEE,
– Airteagal 13 de Threoir 2005/56/CE,
– Airteagal 3(1), an dara fomhír, Airteagal 3b, Airteagal 3c, Airteagal 3d agus Airteagal 4a(3) go (5) de Threoir 2009/101/CE.

[3] Faoin tríú fomhír d'Airteagal 130(1) de Threoir 2014/59/AE, ceanglaítear ar na Ballstáit forálacha arna nglacadh chun Roinn 5 de Chaibidil IV de Theideal IV den Treoir sin a chomhlíonadh a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2016 ar a dhéanaí.

# IARSCRÍBHINN IV

Tábla comhghaoil

| Treoir 82/891/CEE | Treoir 89/666/CEE | Treoir 2005/56/CE | Treoir 2009/101/CE | Treoir 2011/35/AE | Treoir 2012/30/AE | An treoir seo |
|---|---|---|---|---|---|---|
| – | – | – | – | – | – | Airteagal 1 |
| Airteagal 1 | | | | | | Airteagal 135 |
| Airteagal 2 | | | | | | Airteagal 136 |
| Airteagal 3(1) agus (2) | | | | | | Airteagal 137(1) agus (2) |
| Airteagal 3(3)(a) | | | | | | Airteagal 137(3), an chéad fhomhír |
| Airteagal 3(3)(b) | | | | | | Airteagal 137(3), an dara fomhír |
| Airteagal 4 | | | | | | Airteagal 138 |
| Airteagal 5 | | | | | | Airteagal 139 |
| Airteagal 6 | | | | | | Airteagal 140 |
| Airteagal 7 | | | | | | Airteagal 141 |
| Airteagal 8 | | | | | | Airteagal 142 |
| Airteagal 9 | | | | | | Airteagal 143 |
| Airteagal 10 | | | | | | Airteagal 144 |
| Airteagal 11 | | | | | | Airteagal 145 |
| Airteagal 12 | | | | | | Airteagal 146 |
| Airteagal 13 | | | | | | Airteagal 147 |

| Treoir 82/891/CEE | Treoir 89/666/CEE | Treoir 2005/56/CE | Treoir 2009/101/CE | Treoir 2011/35/AE | Treoir 2012/30/AE | An treoir seo |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Airteagal 14 | | | | | | Airteagal 148 |
| Airteagal 15 | | | | | | Airteagal 149 |
| Airteagal 16 | | | | | | Airteagal 150 |
| Airteagal 17 | | | | | | Airteagal 151 |
| Airteagal 18 | | | | | | Airteagal 152 |
| Airteagal 19 | | | | | | Airteagal 153 |
| Airteagal 20(a) agus (b) | | | | | | Airteagal 154(a) agus (b) |
| Airteagal 20(d) | | | | | | Airteagal 154(c) |
| Airteagal 21 | | | | | | Airteagal 155 |
| Airteagal 22(1), (2) agus (3) | | | | | | Airteagal 156(1), (2) agus (3) |
| Airteagal 22(5) | | | | | | Airteagal 156(4) |
| Airteagal 23 | | | | | | Airteagal 157 |
| Airteagal 24 | | | | | | Airteagal 158 |
| Airteagal 25 | | | | | | Airteagal 159 |
| Airteagal 26(1) | | | | | | – |

| Treoir 82/891/CEE | Treoir 89/666/CEE | Treoir 2005/56/CE | Treoir 2009/101/CE | Treoir 2011/35/AE | Treoir 2012/30/AE | An treoir seo |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Airteagal 26(2) | | | | | | Airteagal 160(1) |
| Airteagal 26(3) | | | | | | – |
| Airteagal 26(4) | | | | | | Airteagal 160(2) |
| Airteagal 26(5) | | | | | | – |
| Airteagal 27 | | | | | | – |
| | Airteagal 1 | | | | | Airteagal 29 |
| | Airteagal 2 | | | | | Airteagal 30 |
| | Airteagal 3 | | | | | Airteagal 31 |
| | Airteagal 4 | | | | | Airteagal 32 |
| | Airteagal 5 | | | | | Airteagal 34 |
| | – | | | | | Airteagal 34(1) |
| | Airteagal 5a(1), (2) agus (3) | | | | | Airteagal 20(1), (2) agus (3)<br>Airteagal 33(1) |
| | Airteagal 5a(4) | | | | | Airteagal 34(2) |
| | Airteagal 5a(5) | | | | | Airteagal 34(3) |
| | Airteagal 6 | | | | | Airteagal 35 |
| | Airteagal 7 | | | | | Airteagal 36 |
| | Airteagal 8 | | | | | Airteagal 37 |

| Treoir 82/891/CEE | Treoir 89/666/CEE | Treoir 2005/56/CE | Treoir 2009/101/CE | Treoir 2011/35/AE | Treoir 2012/30/AE | An treoir seo |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Airteagal 9 | | | | | Airteagal 38 |
| | Airteagal 10 | | | | | Airteagal 39 |
| | Airteagal 11 | | | | | – |
| | Airteagal 11a | | | | | Airteagal 161 |
| | Airteagal 12 | | | | | Airteagal 40 |
| | Airteagal 13 | | | | | Airteagal 41 |
| | Airteagal 14 | | | | | Airteagal 42 |
| | Airteagal 15 | | | | | – |
| | Airteagal 16 | | | | | – |
| | Airteagal 17 | | | | | Airteagal 43 |
| | Airteagal 18 | | | | | – |
| | | Airteagal 1 | | | | Airteagal 118 |
| | | Airteagal 2 | | | | Airteagal 119 |
| | | Airteagal 3 | | | | Airteagal 120 |
| | | Airteagal 4 | | | | Airteagal 121 |
| | | Airteagal 5 | | | | Airteagal 122 |

| Treoir 82/891/CEE | Treoir 89/666/CEE | Treoir 2005/56/CE | Treoir 2009/101/CE | Treoir 2011/35/AE | Treoir 2012/30/AE | An treoir seo |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Airteagal 6 | | | | Airteagal 123 |
| | | Airteagal 7 | | | | Airteagal 124 |
| | | Airteagal 8 | | | | Airteagal 125 |
| | | Airteagal 9 | | | | Airteagal 126 |
| | | Airteagal 10 | | | | Airteagal 127 |
| | | Airteagal 11 | | | | Airteagal 128 |
| | | Airteagal 12 | | | | Airteagal 129 |
| | | Airteagal 13 | | | | Airteagal 130 |
| | | Airteagal 14 | | | | Airteagal 131 |
| | | Airteagal 15 | | | | Airteagal 132 |
| | | Airteagal 16 | | | | Airteagal 133 |
| | | Airteagal 17 | | | | Airteagal 134 |
| | | Airteagal 17a | | | | Airteagal 161 |
| | | Airteagal 18 | | | | Airteagal 134 |
| | | Airteagal 19 | | | | – |
| | | Airteagal 20 | | | | – |
| | | Airteagal 21 | | | | – |
| | | | Airteagal 1 | | | Iarscríbhinn II |
| | | | Airteagal 2 | | | Airteagal 13 |

| Treoir 82/891/CEE | Treoir 89/666/CEE | Treoir 2005/56/CE | Treoir 2009/101/CE | Treoir 2011/35/AE | Treoir 2012/30/AE | An treoir seo |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Airteagal 2a | | | Airteagal 15 |
| | | | Airteagal 3 | | | Airteagal 16 |
| | | | Airteagal 3a | | | Airteagal 17 |
| | | | Airteagal 3b | | | Airteagal 18 |
| | | | Airteagal 3c | | | Airteagal 19 |
| | | | Airteagal 3d | | | Airteagal 20 |
| | | | Airteagal 4 | | | Airteagal 21 |
| | | | Airteagal 4a | | | Airteagal 22 |
| | | | Airteagal 4b | | | Airteagal 23 |
| | | | an chéad mhír agus an dara mír d'Airteagal 4c | | | an chéad mhír agus an dara mír d'Airteagal 24 |
| | | | an tríú mír d'Airteagal 4c | | | – |
| | | | Airteagal 4d | | | Airteagal 25 |
| | | | Airteagal 4e | | | Airteagal 165 |
| | | | Airteagal 5 | | | Airteagal 26 |
| | | | Airteagal 6 | | | Airteagal 27 |
| | | | Airteagal 7 | | | Airteagal 28 |
| | | | Airteagal 7a | | | Airteagal 161 |

| Treoir 82/891/CEE | Treoir 89/666/CEE | Treoir 2005/56/CE | Treoir 2009/101/CE | Treoir 2011/35/AE | Treoir 2012/30/AE | An treoir seo |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | – | | | Airteagal 7(1) |
| | | | Airteagal 8 | | | Airteagal 7(2) |
| | | | Airteagal 9 | | | Airteagal 8 |
| | | | Airteagal 10 | | | Airteagal 9 |
| | | | Airteagal 11 | | | Airteagal 10 |
| | | | Airteagal 12 | | | Airteagal 11 |
| | | | Airteagal 13 | | | Airteagal 12 |
| | | | Airteagal 13a | | | Airteagal 163 |
| | | | Airteagal 14 | | | – |
| | | | Airteagal 15 | | | – |
| | | | Airteagal 16 | | | – |
| | | | Airteagal 17 | | | – |
| | | | Airteagal 18 | | | – |
| | | | Iarscríbhinn I | | | – |
| | | | Iarscríbhinn II | | | – |
| | | | | Airteagal 1 | | Airteagal 87 |
| | | | | Airteagal 2 | | Airteagal 88 |
| | | | | Airteagal 3 | | Airteagal 89 |
| | | | | Airteagal 4 | | Airteagal 90 |

| Treoir 82/891/CEE | Treoir 89/666/CEE | Treoir 2005/56/CE | Treoir 2009/101/CE | Treoir 2011/35/AE | Treoir 2012/30/AE | An treoir seo |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Airteagal 5 | | Airteagal 91 |
| | | | | Airteagal 6 | | Airteagal 92 |
| | | | | Airteagal 7 | | Airteagal 93 |
| | | | | Airteagal 8 | | Airteagal 94 |
| | | | | Airteagal 9 | | Airteagal 95 |
| | | | | Airteagal 10 | | Airteagal 96 |
| | | | | Airteagal 11 | | Airteagal 97 |
| | | | | Airteagal 12 | | Airteagal 98 |
| | | | | Airteagal 13 | | Airteagal 99 |
| | | | | Airteagal 14 | | Airteagal 100 |
| | | | | Airteagal 15 | | Airteagal 101 |
| | | | | Airteagal 16 | | Airteagal 102 |
| | | | | Airteagal 17 | | Airteagal 103 |
| | | | | Airteagal 18 | | Airteagal 104 |
| | | | | Airteagal 19 | | Airteagal 105 |
| | | | | Airteagal 20 | | Airteagal 106 |
| | | | | Airteagal 21 | | Airteagal 107 |
| | | | | Airteagal 22 | | Airteagal 108 |
| | | | | Airteagal 23 | | Airteagal 109 |

| Treoir 82/891/CEE | Treoir 89/666/CEE | Treoir 2005/56/CE | Treoir 2009/101/CE | Treoir 2011/35/AE | Treoir 2012/30/AE | An treoir seo |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Airteagal 24 | | Airteagal 110 |
| | | | | Airteagal 25 | | Airteagal 111 |
| | | | | Airteagal 26 | | Airteagal 112 |
| | | | | Airteagal 27 | | Airteagal 113 |
| | | | | Airteagal 28 | | Airteagal 114 |
| | | | | Airteagal 29 | | Airteagal 115 |
| | | | | Airteagal 30 | | Airteagal 116 |
| | | | | Airteagal 31 | | Airteagal 117 |
| | | | | Airteagal 32 | | – |
| | | | | Airteagal 33 | | – |
| | | | | Airteagal 34 | | – |
| | | | | Iarscríbhinn I | | – |
| | | | | Iarscríbhinn II | | – |
| | | | | | Airteagal 1(1) | Airteagal 2(1) |
| | | | | | | Airteagal 44 |
| | | | | | Airteagal 1(2) | Airteagal 2(2) |
| | | | | | | Airteagal 44(2) |
| | | | | | Airteagal 2 | Airteagal 3 |
| | | | | | Airteagal 3 | Airteagal 4 |
| | | | | | Airteagal 4 | Airteagal 5 |
| | | | | | Airteagal 5 | Airteagal 6 |
| | | | | | – | Airteagal 43 |

| Treoir 82/891/CEE | Treoir 89/666/CEE | Treoir 2005/56/CE | Treoir 2009/101/CE | Treoir 2011/35/AE | Treoir 2012/30/AE | An treoir seo |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Airteagal 6 | Airteagal 44 |
| | | | | | Airteagal 7 | Airteagal 46 |
| | | | | | Airteagal 8 | Airteagal 47 |
| | | | | | Airteagal 9 | Airteagal 48 |
| | | | | | Airteagal 10 | Airteagal 49 |
| | | | | | Airteagal 11 | Airteagal 50 |
| | | | | | Airteagal 12 | Airteagal 51 |
| | | | | | Airteagal 13 | Airteagal 52 |
| | | | | | Airteagal 14 | Airteagal 53 |
| | | | | | Airteagal 15 | Airteagal 54 |
| | | | | | Airteagal 16 | Airteagal 55 |
| | | | | | Airteagal 17 | Airteagal 56 |
| | | | | | Airteagal 18 | Airteagal 57 |
| | | | | | Airteagal 19 | Airteagal 58 |
| | | | | | Airteagal 20 | Airteagal 59 |
| | | | | | Airteagal 21 | Airteagal 60 |
| | | | | | Airteagal 22 | Airteagal 61 |
| | | | | | Airteagal 23 | Airteagal 62 |
| | | | | | Airteagal 24 | Airteagal 63 |
| | | | | | Airteagal 25 | Airteagal 64 |
| | | | | | Airteagal 26 | Airteagal 65 |
| | | | | | Airteagal 27 | Airteagal 66 |

| Treoir 82/891/CEE | Treoir 89/666/CEE | Treoir 2005/56/CE | Treoir 2009/101/CE | Treoir 2011/35/AE | Treoir 2012/30/AE | An treoir seo |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Airteagal 28 | Airteagal 67 |
| | | | | | Airteagal 29 | Airteagal 68 |
| | | | | | Airteagal 30 | Airteagal 69 |
| | | | | | Airteagal 31 | Airteagal 70 |
| | | | | | Airteagal 32 | Airteagal 71 |
| | | | | | Airteagal 33 | Airteagal 72 |
| | | | | | Airteagal 34 | Airteagal 73 |
| | | | | | Airteagal 35 | Airteagal 74 |
| | | | | | Airteagal 36 | Airteagal 75 |
| | | | | | Airteagal 37 | Airteagal 76 |
| | | | | | Airteagal 38 | Airteagal 77 |
| | | | | | Airteagal 39 | Airteagal 78 |
| | | | | | Airteagal 40 | Airteagal 79 |
| | | | | | Airteagal 41 | Airteagal 80 |
| | | | | | Airteagal 42 | Airteagal 81 |
| | | | | | Airteagal 43 | Airteagal 82 |
| | | | | | Airteagal 44 | Airteagal 83 |
| | | | | | Airteagal 45 | Airteagal 84 |
| | | | | | Airteagal 46 | Airteagal 85 |

| Treoir 82/891/CEE | Treoir 89/666/CEE | Treoir 2005/56/CE | Treoir 2009/101/CE | Treoir 2011/35/AE | Treoir 2012/30/AE | An treoir seo |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Airteagal 47(1) | Airteagal 86 |
| | | | | | Airteagal 47(2) | Airteagal 165 |
| | | | | | Airteagal 48 | – |
| | | | | | – | Airteagal 166 |
| | | | | | Airteagal 49 | Airteagal 167 |
| | | | | | Airteagal 50 | Airteagal 168 |
| | | | | | Iarscríbhinn I | Iarscríbhinn I |
| | | | | | Iarscríbhinn II | – |
| | | | | | Iarscríbhinn III | – |
| | | | | | – | Iarscríbhinn III |
| | | | | | – | Iarscríbhinn IV |